NCCA

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

I dTreo Creata don Luathfhoghlaim

DOICIMÉAD COMHAIRLIÚCHÁIN

Réamhfhocal

Ócáid shuaithinseach don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta is ea foilsiú I dTreo Chreata don Luathfhoghlaim. Cé go bhfuil traidisiún ag an CNCM le fada dul i gcomhairle leo siúd atá ag obair i raon leathan suíomh oideachais, is é seo an chéad doiciméad comhairliúcháin atá dírithe go speisialta ar fhoghlaim na luath-óige ó bhreith go sé bliana. Is dúshlán nua é don CNCM a bheith ag tacú leis an bhfoghlaim seo, ach nós atá sean-bhunaithe is ea an obair i gcomhpháirtíocht. Táthar ag súil go gcuirfidh an doiciméad ar chumas an CNCM dul i gcomhairle leo siúd atá ag obair, nó a bhfuil suim acu san earnáil seo oideachais agus tús á chur le creat náisiúnta don luathfhoghlaim a fhorbairt. Sa tslí seo, féachfar chuige go dtógfar an creat ar chomhthuiscintí, agus go mbeidh sé dírithe ar riachtanais leanaí, a gcuid foghlama, agus an saol atá rompu.

Mar thoradh ar chomhairliúchán agus comh-oibriú le raon leathan gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus daoine a roinn a dtaithí agus a saineolas a thagann I dTreo Chreata don Luathfhoghlaim ar an saol. Bhí baill an ghrúpa oibre lárnach i dtabhairt an doiciméid chun críche agus thug grúpa cleachtóirí, múinteoirí acadúla, agus taighdeoirí a rinne athbhreithniú ar an doiciméad, aiseolas luachmhar agus é á fhorbairt. Tá fíor-bhuíochas tuilte ag an Larionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige as an tacaíocht luachmhar a tugadh go leanúnach.

Tá buíochas faoi leith tuilte ag an bhfoireann CNCM a d'oibrigh i bhforbairt an doiciméid – An Dr Sarah FitzPatrick, Leas Príomhfheidhmeannach, Cathal de Paor, Bairbre Boylan agus Helen Guinan, Oifigigh Oideachais. Arlene Forster, Stiúrthóir Curaclam agus Measúnacht, a stiúraigh obair an CNCM in oideachas luath-óige agus i gcríochnú an doiciméid. Gabhann siadsan a d'oibrigh taobh léi sa CNCM buíochas léi.

Ní ceann scríbe é foilsiú an doiciméid, ach tús turais nua in obair fhorbairt an chreata. Trí pháirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin, a thugtar sa roinn deireanach, is féidir le gach duine a bheith páirteach san obair seo.

An Dr Anne Looney
Príomhfheidhmeannach

ROINN 1

ROINN 2

ROINN 3

ROINN 4

ROINN 5

ROINN 1 06

Réasúnú agus cuspóir

1.1 Réamhrá le roinn a haon 08
1.2 An comhthéacs náisiúnta 08
1.3 Leasanna na luathfhoghlama 10
1.4 Creat don luathfhoghlaim – fís agus aidhmeanna 13
1.5 Gnéithe den chreat 14
1.6 Conclúid 17

ROINN 2 18

An leanbh mar fhoghlaimeoir

2.1 Réamhrá le roinn a dó 20
2.2 An fhoghlaim agus an fhorbairt luath 20
2.3 Dearcadh iomlánaíoch ar luathfhoghlaim agus luathfhorbairt 21
2.4 Gnéithe den luathfhoghlaim agus den luathfhorbairt 21
2.5 Creat téamach 22
2.6 Nascanna trasna an churaclaim 36
2.7 Conclúid 36

ROINN 3 38

Comhthéacsanna don fhoghlaim

3.1 Réamhrá le roinn a trí 40
3.2 An leanbh 40
3.3 An leanbh leis an duine fásta 40
3.4 Caidrimh éagsúla an linbh 42
3.5 Ag foghlaim trí spraoi 44
3.6 An dá chomhthéacs a nascadh – caidrimh agus spraoi 51
3.7 Timpeallacht na foghlama 54
3.8 Conclúid 55

ROINN 4 56

An luathfhoghlaim a chothú trí phróiseas na measúnaithe

4.1 Réamhrá le roinn a ceathair 58
4.2 Ról na measúnaithe 58
4.3 Feidhmeanna na measúnaithe 58
4.4 A bhfuil le meas 58
4.5 Measúnú le haghaidh na foghlama 60
4.6 Luath-aithint leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu 62
4.7 Taifead a choimeád 63
4.8 Cleachtas machnamhach 63
4.9 Athbreithniú agus pleanáil le haghaidh na foghlama 64
4.10 Conclúid 65

ROINN 5 66

An creat a thógáil

5.1 Réamhrá le roinn a cúig 68
5.2 Tionchair ar chreat náisiúnta 68
5.3 Creat don Luathfhoghlaim – an tsamhail mholta 68
5.4 Comhpháirteanna an chreata 68
5.5 Eiseamláirí den tsamhail 70
5.6 Conclúid 80

FOCAIL DHEIREANACHA 82

Comhairliúchán agus comhpháirtíocht 84
Conclúid 85

LEABHAREOLAÍOCHT 87

Aibiú
Éirí seicheamhach thréithe fisiceacha agus intinne, rialaithe ag treoracha i gcód géiniteach an linbh agus atá ag gach duine den chine daonna.

Clár imeartha
Tá clár imeartha ag gach imreoir a léireoidh a shuimeanna/a suimeanna agus a rúin.

Cleachtas machnamhach
Cabhraíonn machnamh go criticiúil ar a gcleachtas, agus ag fiafraí ceisteanna orthu féin (b'fhéidir le cabhair ó dhaoine eile), le cleachtóirí a bhfoghlaim féin agus foghlaim na leanaí a oibríonn siad leo.

Cleachtóir
Gach duine ag obair ar bhealach speisialaithe le leanaí i suímh luath-óige. Féadfaidh éagsúlacht taithí agus cáilíochtaí a bheith ag cleachtóirí ó neamhcreidiúnaithe go leibhéal iarchéime.

Cómhalartacht
Is éard atá anseo ná gnáthaimh sealaíochta i rith malairtí cumarsáide idir an duine fásta agus an leanbh ag leibhéal réamhbhriathartha, briathartha agus siombalach. Cuirtear síos ar na malairtí seo trí chomhshuimeanna, sult agus rún cumarsáideach.

Creat luath-óige
Tagraíonn sé seo don chreat a bheidh forbartha ag an CNCM i gcomhpháirtíocht le hearnáil na luath-óige. Treoróidh agus tacóidh sé le foghlaim ar feadh na luath-óige, ó bhreith go sé bliana go hiniatach.

Crios forbartha neasaigh
Tagraíonn sé seo don mhéid is féidir leis an bhfoghlaimeoir óg a dhéanamh, don mhéid atá ar eolas aige/aici agus don mhéid a thuigeann sé/sí le hionchur ó dhuine níos feasaí agus stuama.

Cuí ó thaobh forbartha de
Tá gníomhaíochtaí cuí ó thaobh forbartha de nuair atá siad pleanáilte de réir aois agus céim forbartha an linbh.

Cultúr
Ar na gnéithe de chultúr atá ann tá teanga, creideamh, traidisiúin, oideachas, sláinteachas, bia, aiste bia agus nósanna ithe, ceol, amhránaíocht, drámaíocht, litríocht agus ealaín, gníomhaíocht fóillíochta, agus stíl éadaí.

Cumarsáid
Cuireann cumarsáid ar chumas leanaí a gcuid smaointí agus mothúcháin agus riachtanais a chur in iúl do dhaoine eile agus a roinnt leo, caidrimh shóisialta a bhunú agus a chothabháil, an domhan timpeall orthu a thaispeáint, a rangú agus a thuiscint, agus eolas faoina gcultúr agus faoina sochaí a fhorbairt. Léiríonn an doiciméad seo tuiscint leathan ar chumarsáid, cumarsáid neamhbhriathartha, bhriathartha agus shiombalach a ghlacadh. Tá cumarsáid ar cheann de cheithre théama molta don Creat don Luathfhoghlaim.

Cumas
Tagraíonn sé seo don eolas agus do na scileanna atá ag leanbh.

Curaclam
Tagraíonn sé seo do gach taithí foghlama, foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, pleanáilte nó neamhphleanáilte, a chuireann le foghlaim an linbh.

Daoine fásta
Tá ról bunúsach ag daoine fásta i luathfhoghlaim leanaí. Is iad na tuismitheoirí/caomhnóirí phríomhchúramóirí agus oideachasóirí an linbh. Ar na daoine fásta suntasacha eile i saol an linbh tá an mórtheaghlach, airígh leanaí, cleachtóirí luath-óige, agus gairmithe eile, cosúil le teiripeoirí agus oibrithe sóisialta. Sa doiciméad comhairliúcháin seo, úsáidtear an téarma duine fásta go cuimsitheach chun tagairt a dhéanamh do na daoine seo ar fad.

Eitneachas
Féadfaidh comhaltaí de ghrúpa áirithe eitneach cultúr, teanga, nó bealach maireachtála áirithe a bheith acu.

Fearann forbartha
Gnéithe nó fearainn forbartha lena n-áirítear cognaíoch (lena n-áirítear teanga), fisiceach, cruthaitheach, spioradálta, pearsanta, sóisialta, morálta agus mothúchánach.

Feasacht fhóneolaíoch
Is éard atá i bhfeasacht fhóneolaíoch ná an fheasacht gur féidir focail a bhriseadh síos ina gcomhfhuaimeanna. Áirítear ann an cumas fuaimeanna i bhfocail a chloisteáil sa seicheamh ceart agus iad a dheighilt, a chomhaireamh, a mheascadh agus a láimhsiú.

Feighlí linbh
Cuireann feighlí linbh timpeallacht baile grámhar agus cúramach ar fáil don leanbh, agus tacaíonn le foghlaim an linbh.

Féiniúlacht agus muintearas
Téama molta den chreat atá anseo. Tagraíonn féiniúlacht do na tréithe féiniúlachta, iompair agus tuiscintí a d'fhéadfadh a bheith ag leanaí, uaireanta astu féin, agus uaireanta roinnte le daoine eile. Cabhraíonn féiniúlacht roinnte le leanaí a aireachtáil go bhfuil siad muinteartha nó go bhfuil caidreamh nó gaolmhaireacht ghairid acu le grúpa áirithe.

Foghlaim
Féadfaidh foghlaim a bheith foirmiúil nó neamhfhoirmiúil: is éard atá i bhfoghlaim fhoirmiúil ná taithí foghlama atá pleanáilte don leanbh, agus tarlaíonn foghlaim neamhfhoirmiúil go randamach ar bhonn leanúnach de réir mar a théann an leanbh i ngleic leis an timpeallacht.

Folláine
Téama atá anseo atá molta don chreat. Tagraíonn sé do gach gné de shláinte agus leas fisiceach, mothúchánach, morálta, agus spioradálta an linbh, atá riachtanach do bhunús sa luathfhoghlaim agus foghlaim ina dhiaidh sin.

Forbairt linbh
Is féidir forbairt linbh a fheiceáil faoi na teidil seo a leanas: forbairt fhisiceach, forbairt intleachtach, forbairt cumarsáide agus teanga, forbairt chruthaitheach, forbairt mhothúchánach, forbairt shóisialta, forbairt mhorálta, agus forbairt spioradálta.

Gaolacht
Is í seo an caidreamh mothúchánach idir naíonán agus cúramóir áirithe, a thugann 'bunús daingean' do chothú an naíonáin agus chun dul i ngleic lena thimpeallacht nó lena timpeallacht, daoine eile ina measc.

Luath-óige
Go hidirnáisiúnta, tagraíonn luath-óige go hiondúil don tréimhse ó bhreith go sé nó ocht mbliana d'aois. Sa doiciméad seo, agus chun creat ar luathfhoghlaim in Éirinn a fhorbairt, tá sé oiriúnach sé bliana a úsáid mar an aois is airde, mar gheall gur ag an aois seo a thosaíonn siad ar scoil go héigeantach .

Measúnú
Tagraíonn sé seo don chleachtadh ina mbreathnaítear agus ina ndéantar machnamh ar fhoghlaim linbh chun tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim seo agus í a leathnú go cuí.

Meon foghlama
Cuirtear síos ar mheoin fhoghlama mar 'nósanna na hintinne' (Katz, 1987). Tagraíonn siad do chur chuige agus dul i ngleic an linbh i leith na foghlama. Ar na meoin fhoghlama is coitianta sa luath-óige tá muinín, misneach, buanseasmhacht, galamaisíocht, athléimneacht, freagracht, agus iontaobhas. Tá an-difríocht idir scileanna a bheith agat i réimse áirithe agus meon a bheith agat don réimse sin: mar shampla, tá an-difríocht idir scileanna léitheoireachta a bheith agat agus meon a bheith agat rud éigin a léamh.

Plean aonair oideachais
Plean é seo a úsáideann an fhaisnéis a fhaightear ón bpróiseas measúnaithe, chun na spriocanna gearrthréimhseacha agus fadtréimhseacha foghlama a bhaineann le riachtanais an linbh a aithint, agus na gníomhaíochtaí foghlama deartha chun freagairt ar na riachtanais sin.

Riachtanais speisialta oideachais
Cuireann tuarascáil ó Choiste Athbhreithnithe um Oideachas Speisialta (SERC) síos ar leanaí le riachtanais speisialta oideachais mar

> iad sin a choisceann nó a bhacann a míchumais agus/nó a n-imthosca ó bhuntáiste ceart a bhaint as an oideachas a chuirtear ar fáil go hiondúil do dhaltaí ag an aois chéanna, nó iad sin nach bhfuil an t-oideachas a chuirtear ar fáil go hiondúil sa seomra ranga sách dúshlánach

(1993, lch.18).

Scafláil
Meafar atá anseo a úsáidtear chun cur síos ar an bpróiseas ina dtugann daoine fásta tacaíocht agus treoir d'fhoghlaim leanaí, ag cur leanaí ar a gcumas 'feidhmiú' ag leibhéal taobh amuigh dá gcumas féin.

Scileanna fisiceacha
De réir mar a théann forbairt fhisiceach chun cinn, faigheann an leanbh scileanna éagsúla fisiceacha ina dteastaíonn comhordú idir ionchur céadfach, eagraíocht inchinne agus aschur mótair. Teastaíonn go leor cleachtaidh ar na scileanna go minic seo sula mbíonn siad uathoibríoch. Úsáideann oll-scileanna mótair na matáin mhóra sa cholainn, ina measc, siúl, rith, agus liathróid a chiceáil. Úsáidtear mion-scileanna mótair i ngníomhaíochtaí cosúil le pointeáil, scian agus forc a úsáid, agus scríobh.

Scileanna sóisialta
Tagraíonn siad seo don chumas a bheith le daoine eile, agus fios a bheith ar an iompar cuí in áiteanna agus i ngníomhaíochtaí áirithe. Áirítear an cumas bualadh, meascadh agus cumarsáid a dhéanamh le daoine eile ar an iompar seo, chomh maith le heolas a bheith ar an mbealach a bheith ábalta roinnt, babhtáil agus glacadh le rialacha.

Sóisialú
Is é seo an próiseas ina bhfoghlaimíonn leanaí na caighdeáin, luachanna, agus an t-iompar a mbítear ag súil leis ina gcultúr agus sochaí.

Suíomh luath-óige
Is é seo an suíomh nó an timpeallacht ina bhfoghlaimíonn leanaí nó ina ndéanann siad forbairt. Féadfaidh na suímh seo a bheith an-ilghnéitheach, agus is féidir leo a bheith taobh istigh nó taobh amuigh den bhaile. Ar na suímh taobh amuigh den bhaile áirítear teach comharsan nó airígh leanbh, naíonlann, creis, naíonra, réamhscoil, seomra ranga naíonán , seomra ranga speisialta, scoil speisialta, aonad riachtanais speisialta, cumann iar-scoile, agus ospidéal. Folaíonn siad chomh maith suímh cosúil leo sa Ghaeltacht. Cuireann na suímh seo ar fad deiseanna ar fáil do na leanaí foghlaim i rith thréimhse na luath-óige.

Taiscéaladh agus smaoineamh
Téama é seo atá molta don Chreat don Luath-óige. Tagraíonn sé do thaiscéaladh gníomhach ar gach gné den timpeallacht inar féidir le leanaí dul i ngleic. Cuireann an taiscéaladh seo leanaí ar a gcumas a dtimpeallacht a léamh trína n-intleacht a úsáid chun smaoineamh ar bhealaí inréimneacha agus eisréimneacha.

Teanga
Cuimsíonn teanga cumarsáid labhartha, scríofa agus as láimhe, agus tá comhábhar ann (séimeantaic – foclóir agus ciall focail), foirm/comhréir (gramadach – fuaimeanna agus struchtúr abairte), agus úsáid (pragmataic – úsáid shóisialta teanga).

Timpeallacht fhoghlama
Is í seo an timpeallacht ina dtarlaíonn foghlaim. Áirítear inti an timpeallacht lasmuigh agus laistigh.

Tuismitheoir/caomhnóir
Sa doiciméad seo tagraíonn an téarma tuismitheoir/caomhnóir do phríomhchúramóirí agus oideachasóirí an linbh. Áirítear athair, máthair agus/nó caomhnóirí an linbh orthu seo.

Tréimhsí mothálacha
Tagraíonn sé seo do thréimhse ama ina gcabhrófaí le gné áirithe den fhorbairt dá mbeadh an spreagthacht nó an t-eispéireas cuí ann.

Uimhearthacht
Tuiscint ar choincheapa agus uimhreacha matamaiticiúla a fhorbairt.

Réamhrá

Cuirfidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) tús go gairid le creat chun tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim leanaí i rith thréimhse na luath-óige ó bhreith go sé bliana a fhorbairt. Tá an teideal, Creat don Luathfhoghlaim á úsáid faoi láthair chun tagairt a dhéanamh don chreat seo. Tá an creat beartaithe do dhaoine fásta i ngach suíomh luath-óige a bhfuil freagracht orthu forbairt agus foghlaim leanaí a chothú. Tabharfaidh sé tacaíocht do na daoine fásta seo deiseanna foghlama a thabhairt do leanaí a bheidh freagrach dá láidreachtaí agus riachtanais aonaracha, agus ar an mbealach sin a bpoitéinseal iomlán mar fhoghlaimeoirí a bhaint amach.

Téarmaí tagartha an CNCM

Tá bunús reachtúil ag obair an CNCM i bhforbairt creat don luathfhoghlaim san Acht Oideachais (1998). Deir an Acht go gcomhairlíonn an CNCM an tAire Oideachais agus Eolaíochta ar nithe a bhaineann

> (b) leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna.
>
> (1998, Airteagal 41-1)

Céim thábhachtach i bhforbairt an chreata is ea an doiciméad comhairliúcháin seo, I dTreo Creata don Luathfhoghlaim. Go bunúsach is uirlis chomhairleach atá ann, a úsáidfidh an CNCM i gcomhpháirtíocht le hearnáil na luath-óige chun an Creat don Luathfhoghlaim a dhearadh agus a forbairt a phleanáil.

Struchtúr agus cuspóir an doiciméid

Tá cúig chuid sa doiciméad:
- réasúnú agus cuspóir
- an leanbh mar fhoghlaimeoir
- comhthéacsanna foghlama
- tacú le luathfhoghlaim trí phróiseas measúnuithe
- an creat a fhorbairt.

Mar phointe tosaigh, taispeánann an doiciméad seo fís shoiléir do gach leanbh mar fhoghlaimeoirí óga cumasacha ó bhreith, le cearta go mbeidh tacaíocht agus treoir acu chun a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach. Áirítear air seo leanaí de gach cineál cumais, cultúir, teanga, eitneachais, agus cúlraí soch-eacnamaíocha. Is bunús tábhachtach an fhís seo chun forbairt an chreata a chur chun cinn.

Leanann an doiciméad trí réasúnú a thaispeáint do chreat náisiúnta a fhorbairt don luathfhoghlaim. Ainmníonn sé agus taiscéalann sé saincheisteanna atá lárnach do chreat den sórt sin. Tugann sé aird ar go leor prionsabal suntasacha a chuireann ar an eolas muid maidir leis an mbealach chun tacaíocht a thabhairt don luathfhoghlaim. Tagann na prionsabail seo aníos tríd an bplé a dhéantar sa doiciméad, agus déantar achoimre orthu sa chonclúid sna codanna éagsúla. Críochnaíonn an doiciméad le cur síos ar an méid a d'fhéadfadh a bheith sa Chreat don Luathfhoghlaim, ag léiriú an bealach a d'fhéadfadh sé cabhrú le daoine fásta tacú le gach leanbh foghlaim. Tá an cur síos dírithe ar earnáil na luath-óige le go bhféadfaí machnamh a dhéanamh air agus tuairimí a nochtadh faoi.

Comhairliúchán agus comhpháirtíocht

Tá roinnt treoracha curaclaim don luath-óige in Éirinn cheana féin agus tá gá leis an éagsúlacht agus an saibhreas seo a léiriú sa chreat. Tá a dtreoracha féin forbartha ag go leor eagraíochtaí, ag tógáil óna réimse taithí agus saineolais féin, a úsáidtear i raon suímh. Tá forbairtí curaclaim ag leibhéal náisiúnta ann chomh maith. Tugann Curaclam na Bunscoile (1999a), a d'fhorbair an CNCM, treoir d'fhoghlaim leanaí ar an rolla sna ranganna naíonán i mbunscoileanna (leanaí aois 4+) trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. Ag tógáil ar thaithí an Rutland Street Project, d'fhorbair an Roinn Oideachais agus Eolaíochta Treoracha Curaclam um Dheá-Chleachtais don Tionscadal Idirghabháil Réamhscoile Tús Luath (1998) (leanaí aois 3+). Rachaidh an CNCM i gcomhairle go forleathan le hearnáil na luath-óige chun a chinntiú go bhforbróidh an Creat don Luathfhoghlaim ar an obair seo.

Céim eile shuntasach i bhforbairt churaclaim in Éirinn is ea forbairt an chreata. Tá traidisiún fada agus bunaithe comhpháirtíochta ina cuid oibre ag an CNCM. Tá comhairliúchán i gcroílár na comhpháirtíochta agus cuirfidh sé ar chumas gach duine in earnáil na luath-óige oibriú le chéile chun cur leis an bpróiseas forbartha. Tríd an gcreat a fhorbairt mar seo is féidir deiseanna chun fís aontaithe a chruthú faoi céard a chiallaíonn ardchaighdeán ó thaobh luathfhoghlaim a thacú agus a chothú do gach leanbh sa tír seo, agus a leithéid seo a ghníomhú sa chleachtadh laethúil.

Rachaidh an CNCM i gcomhairle le hearnáil na luathfhoghlama sula dtosóidh sé ar an gcreat a fhorbairt agus leanfar leis seo le linn a forbartha. Tá sonraí an chomhairliúcháin agus na comhpháirtíochta seo le fáil sa chonclúid den doiciméad seo. Tá sé riachtanach go nglacfadh an earnáil an t-am na smaointe lárnacha sa doiciméad seo a léamh agus machnamh a dhéanamh orthu, agus freagra a thabhairt don CNCM maidir leo. Tá foirm chun freagra a thabhairt istigh leis an doiciméad seo agus tá sé ar fáil chomh maith ar www.ncca.ie. Tá fócascheisteanna scaipthe ar fud an doiciméid seo chun treoir a thabhairt do smaoineamh an léitheora i leith na naoi smaoineamh leagtha amach sa teimplead chun freagra a thabhairt. Trí anailís a dhéanamh ar na freagraí, féadfaidh an CNCM an saineolas agus obair churaclaim reatha a úsáid san earnáil, agus a chinntiú níos fearr gur doiciméad cuí agus luachmhar é an Creat don Luathfhoghlaim do gach duine freagrach as leanaí ó bhreith go sé bliana.

Is foghlaimeoir gníomhach an leanbh a bhaineann ciall as an timpeallacht tríd na céadfaí, an ghluaiseacht agus an teanga.

Réasúnú agus cuspóir

1.1 Réamhrá le roinn a haon

1.2 An comhthéacs náisiúnta

1.3 Leasa na luathfhoghlama

1.4 Creat don luathfhoghlama – fís agus aidhmeanna

1.5 Gnéithe den chreat

1.6 Conclúid

1.1 Réamhrá le roinn a haon

Cuireann an chuid seo an réasúnú i láthair maidir le forbairt an Chreata don Luathfhoghlaim d'fhonn tacú le foghlaim thar thréimhse iomlán na luath-óige. Cuirtear tús leis trí imlíniú a dhéanamh ar an gcomhthéacs náisiúnta i gcás tionscnaimh mar sin agus leanann sé ar aghaidh ag scrúdú na leasanna a bhaineann le luathfhoghlaim. Cuirtear clabhsúr leis trí mhionphlé ar roinnt de phríomhghnéithe an chreata.

1.2 An comhthéacs náisiúnta

Luath-óige is ea an tréimhse ina bhfoghlaimíonn leanaí trí chaidrimh ghrámhara is cothaitheacha a bheith acu. Taobh leis sin, tuigtear leanaí mar phobal foghlaimeoirí óga iomasacha ina mbíonn riachtanais chúraim is oideachasúla acu, agus cearta, leis.

> Ceanglaítear cúram is oideachas ar bhonn casta i bhforbairt iomlánaíoch an linbh – ní mór an réaltacht sin a bheith le sonrú ar éiteas is ar chlár na seirbhísí uile.
>
> (Sainghrúpa Oibre um Chúram Leanaí, 1999, lch.50).

Tá forbairt an Chreata don Luathfhoghlaim tráthúil. Léiríonn forbairtí déanacha beartas formhuiniú nochtaithe um chearta leanaí maidir le cúram agus le hoideachas araon.

> Aithnítear leanaí mar aonaráin laistigh den teaghlach agus sa phobal trí chéile a mbíonn cearta acu tacaíocht chothrom, cúram cothrom is cur chun cinn cothrom a bheith acu maidir lena bhfolláine. (toradh inmhianta na moltaí)
>
> (Coimisiún ar an Teaghlach, 1998, lch.229).

Déantar achoimre ar roinnt de na forbairtí déanacha beartas is reachtúla i réimse an chúraim um luath-óige agus oideachas luath-óige i mBosca 1.1.

Bosca 1.1: Forbairtí beartas agus reachtúla atá ábharthach in Éirinn go deireanach

1991 – Acht um Chúram Leanaí

1992 – Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh

1996 – Spriocann Caighdeáin un Dheirbhísí le Leanaí Óga

1998 – An Fóram Náisiúnta um Oideachas Luath-Óige
- Teaghlaigh a thréisiú don Saol
- Acht Oideachais

1999 – An tSláinte is Fearr do Leanaí
- Comhpháirtíochta a fhorbairt le Teaghlaigh
- Ready to Learn Páipéar Bán an Oideachais Luath-Óige
- Curaclam na Bunscoile
- Leanaí chun tosaigh Treoirlíne Náisiúnta um Chosaint Leanaí agus Leas Leanaí
- Tuarascáil faoin Straistéis Náisiúnta Cúraim Leanaí ón Sainghrúpa Oibre Cúraim Leanaí de chuid Chomhpháirtíocht 2000

2000 – Straitéis Náisiúnta Leanaí, Our Children Their Lives
- An Clár um Dheiseanna Comhionannais Cúraim Leanaí
- Infheistíocht a dhéanamh i dTuismithíocht chun an tsláinte is fearr a bhaint amach do leanaí: An Straitéis um Thacú le Tuismitheoirí
- Cúram Leanaí den Scoth agus Foghlaim ar feadh an tSaoil:Creat Múnla don Oideachas. Oiliúint, agus Forbairt Ghairmiúil Oideachais agus Cúraim Luath-Óige
- Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas Luath-Óige

2003 – Bille un Míchumas Oideachais

Ba chasadh suntasach é daingniú Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Leanaí i 1992 i stair na hÉireann maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí ina luath-óige. De bharr shíniú na hÉireann, ghlac Éire le réimse dualgas idirnáisiúnta a bhaineann le leanaí, seacht gcinn acu a bhaineann le réimse ceartas leanaí maidir le cúram is le hoideachas sna blianta foirmitheacha.

Ina dhiaidh sin d'fhoilsigh Gréasán Choimisiún na hEorpa um Chúram Leanaí (1996) Clár Gníomhaíochta Deich mBliana, Spriocanna Caighdeáin um Sheirbhísí do Leanaí Óga, a shonraíonn nach bhféadtar clár cáilíochta um luath-óige a bhaint amach ach laistigh de chreat náisiúnta beartas. In ainneoin is go bhfuil a leithéid de chreat againn anois, An Straitéis Náisiúnta Leanaí: Ár Leanaí - a mBeatha (2000) níl aon bheartas náisiúnta ag Éirinn ar fhoghlaim na luath-óige, fachtóir a tugadh faoi ndeara go mion minic ag an bhFóram Náisiúnta um Oideachas Luath-Óige a tionóladh i 1998. Ós rud é gur dhírigh an fóram sin ar an luathfhoghlaim, chruthaigh sé slí don Pháipéar Bán um Oideachas Luath-Óige (1999b) Ready to Learn. Molann an páipéar sin treoirlínte a fhorbairt d'fhonn tacú le foghlaim leanaí le linn tréimhse na luath-óige. Chomh maith leis sin, cuirtear béim ar an ngá atá ann tacú le tuismitheoirí/caomhnóirí a bhíonn ag freastal ar fhoghlaim na leanaí acu. Cuireann an tsain-teachtaireacht sin taca faoi Ag Infheistiú i dTuismíocht d'fhonn an tsláinte is fearr a bhaint amach do leanaí: Straitéis Tacaíochta na dTuismitheoirí (2002) a eisíodh le déanaí.

Seoladh Curaclam na Bunscoile i 1999, chomh maith, a bhí mar thoradh ar chomhoibriú fairsing agus ar chomhpháirtíocht fhairsing idir na comhpháirtithe oideachais. Tá an curaclam sin, a bhfuil curaclam naíonán ó aois 4-6 bliain mar chuid de, bunaithe ar an teoiric is ar an taighde is déanaí atá ann maidir leis an tslí a bhfoghlaimíonn leanaí, agus an tslí gur féidir tacú leis an bhfoghlaim sin ar bhonn barrmhaith i gcás gach linbh trí rannpháirtíocht shaoithiúil, ghoilliúnach agus fhaisnéiseach an mhúinteora.

> Sainaithníonn an curaclam iomláine an linbh mar leanbh ann féin agus tá sé mar aidhm aige freastal a dhéanamh ar na riachtanais aige nó aici agus ar an acmhainneacht de réir mar a fhásann siad lá in aghaidh lae. Trí na riachtanais sin a bhaint amach, saibhríonn an curaclam saol an linbh agus leagtar bonnchloch d'fhonn is go mbeidh sonas agus sásamh intinne maidir le hoideachas an linbh ann ina dhiaidh sin agus ina shaol/saol mar dhuine fásta, chomh maith.
>
> (Curaclam na Bunscoile, Réamhrá, lch.6)

Sheol an Oifig Náisiúnta Leanaí an Straitéis Náisiúnta Leanaí: Ár Leanaí - a mBeatha i 2000. Cuireann an straitéis i láthair fís de dhualgais is de chearta na leanaí ón gcliabhán gur cheart bheith ann:

> Éire ina mbíonn meas ar leanaí mar shaoránaigh óga a mbíonn cion nach beag le déanamh acu agus guth neamhspleách acu féin; ina chaomhnaítear gach leanbh agus go dtabharfar tacaíocht dóibh i gcás an teaghlaigh is na sochaí i gcoitinne; ina mbaineann siad taitneamh as óige atá comhlíonta agus ina mbaineann siad a gcumas acmhainneachta amach.
>
> (Straitéis Náisiúnta Leanaí, 2000, lch.4)

Leagann an fhís sin béim ar an tábhacht a bhaineann le leanaí a chumasú d'fhonn óige chomhlíontach a bheith acu agus d'fhonn a gcumas acmhainneachta a bhaint amach. Tríd an méid sin a lua, tarraingíonn sé suntas ar fhreagracht dhaoine fásta tacaíocht a thabhairt do leanaí maidir leis sin a chur i gcrích. Tá an straitéis sin agus a fís, go sonrach, tráthúil maidir le forbairt an Chreata don luathfhoghlaim.

Tionscnaíodh an Clár Comhdeiseanna um Chúram Leanaí (EOCP) chomh maith i 2000 faoi choimirce na Roinne Dlí, Cirt, Cothromais agus Athchóirithe Dlí. Bíonn sé mar aidhm ag an gclár sin tuismitheoirí/caomhnóirí a chumasú d'fhonn leas a bhaint as deiseanna oiliúna, oideachais, is fostaíochta trí thacaíocht ardchaighdeánach chúram leanaí a sholáthar. Soláthraíonn an clár sin cistiú d'fhonn leathnú na rannóige luath-óige, agus caighdeán na seirbhísí do leanaí a fheabhsú.

Tá forbairt Cúram Leanaí den Scoth agus Foghlaim ar feadh saoil: Creat Múnla don Oideachas, Oiliúint, agus Fhorbairt Ghairmiúil don Earnáil Oideachais na agus Cúraim Luath-Óige(2002) suntasach, chomh maith. Tugann an creat sin treoir ar fhorbairt ghairmiúil iadsan a bhíonn ag obair in earnáil na luath-óige. Bíonn an méid sin an-ábharthach, go háirithe, maidir le hobair an CNCM, de bharr lárnacht an ghaoil idir an duine fásta is an leanbh i dtacú is i bhforleathnú na luathfhoghlama.

Tionscnamh tábhachtach eile is ea bunú an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas Luath-Óige (CECDE) i 2002, faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tá freagracht ar an Lárionad maidir le comhordú is forbairt ar bhonn foriomlán oideachas na luath-óige in Éirinn, is eascraíonn sé sin réimhsí comheolais maidir leis an CNCM. Bíonn gaol dlúth oibre mar sin idir an dá eagraíocht tábhachtach maidir le Forbairt an

Chreata don Luathfhoghlaim. D'oibrigh an CNCM mar chuid de dhlúthchomhpháirtíocht le CECDE tríd an gcáipéis reatha chomhairleach a fhorbairt is leanfar leis an modh oibre sin.

Tugann na forbairtí beartas sin bunús láidir luachanna do fhorbairt an Chreata don Luathfhoghlaim. Nuair a chomhscrúdaítear iad, áiríonn siad leanaí mar shaoránaigh óga a bhfuil a ndínit inbheirthe iontu, agus dliteanas d'fhonn tacaíocht a leithghabháil san fhoghlaim is san fhorbairt acu ón uair gur saolaítear iad. Ba cheart go gcabhródh tacaíocht mar sin leo trína n-acmhainneacht fhíor a bhaint amach in ainneoin raon is/nó inniúlacht na hacmhainneachta sin.

Beidh tionchar chomh maith ag forbairtí beartas i réimsí eile ar shaol leanaí laistigh de shochaí na hÉireann, mar shampla, i réimsí na sláinte agus gnóthaí pobail agus soláthrófar comhthéacs maidir le forbairt an chreata sin. Maidir le cúrsaí teanga, tá forbairt an chreata á cur i gcrích i gcomhthéacs na Gaeilge agus an Bhéarla a bheith mar theangacha oifigiúla de chuid an stáit. Tá forbairtí tábhachtacha eile tar éis titim amach le 10 mbliana anuas maidir le léarscáil teanga na hÉireann. Baineann na forbairtí sin le teangacha lena n-áirítear an Ultais, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, Shelta de chuid lucht taistil na hÉireann, agus teangacha a thugtar chun na tíre, cuir i gcás ag teachtaithe nua mar theifigh, lucht iarrtha tearmainn agus ag daoine eile.

Cruthaíonn na forbairtí beartas uile comhthéacs don obair, a bheag nó a mhór, a thugtar faoi ag na daoine a bhíonn bainteach leis an bpobal luath-óige. Bíonn an pobal sin éagsúil i gceart is cuimsíonn sé na hearnálacha príobháideacha, poiblí agus deonacha. Cabhraíonn na hearnálacha sin le hobair tuismitheoirí/caomhnóirí maidir lena gcuid leanaí mar aon le tacaíocht is comhlánú a thabhairt dona leithéid. Bíonn ról sainiúil ag grúpaí áitiúla is ag gréasáin áitiúla de bharr iad bheith ag freagairt do riachtanais áitiúla maidir le cúram agus oideachas na luath-óige.

1.3 Leasa na luathfhoghlama

Tarraingíonn taighde na luath-óige suntas ar leibhéal is ar chinéal na foghlama ón uair gur saolaíodh an leanbh, agus ar na féidearthachtaí forbartha a thairgeann an fhoghlaim sin. Cuirtear tús leis an bhfoghlaim roimh shaolú an linbh, ar shlí, ach ní bhíonn a leithéid ar acmhainn an chreata atá á moladh ag CNCM. Tá taighde á dhéanamh, chomh maith, ar an ngaol idir an luathfhoghlaim agus an fhoghlaim a leanfaidh is an leanbh fásta ina aosach.

Faoi mar a bhíonn leis an bhfoghlaim níos déanaí sa saol, d'fhéadfadh an luathfhoghlaim bheith foirmeálta is neamhfhoirmeálta, chomh maith. Mar shampla, is mó go mór an seans gur mhúin duine éigin an leanbh a bhíonn in ann iallacha a bhróige/bróige a cheangal go pointe áirithe. Ar an láimh eile, beidh roinnt mhaith den fhoghlaim aige/aici mar fhoghlaim theagmhasach agus neamhphleanáilte, cuir i gcás, ag foghlaim conas beannú do dhaoine, nó go bhfuil baint ag an oíche leis an ndorchadas is ag an lá leis an solas. Nuair a thosaíonn an leanbh ar an scoil, leanfar leis an bhfoghlaim neamhfhoirmeálta mar chuid dá eispéireas/heispéireas foghlama, bíodh go bhféadfadh athrú teacht ar chomhardú an dá rud.

Is féidir leasa na luathfhoghlama, agus an chúis gur cheart tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim ar bhonn faisnéiseach is diongbháilte a bhfuil cuspóir leis ag an bpointe seo i saol an linbh, a mhíniú mar seo leanas:

- Bonn na foghlama go léir a leanann is ea an luathfhoghlaim (tús na foghlama fadsaoil).
- Deis iontach don fhoghlaim is ea an luathóige.

Bonn na foghlama fadsaoil
Tuigtear go mbíonn an tréimhse ó shaolú an linbh go dtí go mbeidís sé bliana d'aois mar thréimhse saoil a bhíonn difriúil go cineálach ón óige a bheidh ann níos déanaí is ón uair go mbeidh siad ina ndaoine fásta. Tréimhse iontach fáis is forbartha a bhíonn ann nuair a athraíonn an intinn óg, an cholainn óg, agus an t-anam óg ag leibhéal gan réamhshampla bheith ann roimhe sin.

> Early childhood is… a period of momentous significance for all people… By the time this period is over, children will have formed conceptions of themselves as social beings, as thinkers, and as language users, and they will have reached certain important decisions about their own abilities and their own worth.
>
> (Donaldson, Grieve agus Pratt, 1983, lch.1).

Taispeánann Donaldson et al. an lárnacht féin a bhaineann leis an saol féin. Is é bonn na foghlama é maidir leis an saol is leis an bhfoghlaim i gcaitheamh an tsaoil. Cruthaíonn an t-eispéireas a fhaighimid go luath sa saol againn sinn féin mar fhoghlaimeoirí. Roimh dheireadh blianta ár n-óige féin bíonn conclúidí tábhachtacha bainte amach againn maidir leis na hinniúlachtaí againn, na gnóthalachtaí againn féin agus na hionchais a bhíonn ag daoine uainn mar fhoghlaimeoirí. Sa tslí sin, cuireann an t-eispéireas luath go suntasach leis an fholláine a bheidh ann níos déanaí, agus cuireann siad go mór le cáilíocht saoil an duine. Ba chóir don eispéireas sin gach réimse den fhoghlaim is den fhorbairt a chothú mar is cuí, agus fís féin an linbh dar leis/léi féin a chur chun cinn mar fhoghlaimeoir cumasach is inniúil i mbealach dearfach.

Sonraítear an t-aitheantas a thugtar don luathfhoghlaim agus an ceangal atá aige leis an todhchaí arís is arís eile i raon treoirlínte a eisíonn cleachtóirí in Éirinn agus a eisítear dóibh.

Tráth do dheiseanna iontacha
Nochtann néareolaíocht (taighde inchinne) go mbíonn an fhoghlaim domhain sa chéad 6 nó 7 mbliana ach, go háirithe, sa chéad trí bliana. Tá an fhorbairt is an fhoghlaim a tharlaíonn sna trí bliana sin ríthábhachtach maidir le bonn a chur faoi scileanna inniúlachta is cóipeála ag a mbeidh tionchar acu ar chumas foriomlán leanaí i gcás foghlama is iompair de, agus a n-inniúlacht d'fhonn mothúcháin a láimhseáil (Togha na Sláinte do Leanaí, 2002). I rith an ama sin, bíonn an inchinn an-ghlacadh go sonrach, don ghríosadh cuí is don chothú cuí:

> Experiences may alter the behaviour of an adult, but experience literally forms the mind of a young child.
>
> (Winkly, 1999)

Tuigtear dúinn chomh maith go mbíonn tréimhsí mothálacha ann, faoi mar a thugtar orthu, go bhféadfadh leanaí leas ollmhór a bhaint as saghsanna sonracha d'eispéireas.
Mar shampla, deir Sproule, Murray, Spratt, Rafferty, Trew, Sheehy agus McGuinness (2001) in ainneoin go mbíonn éagsúlacht ann maidir leis na tréimhsí mothálacha um luathfhoghlaim teanga i gcás leanaí indibhidiúla, bíonn deireadh leo i gcónaí faoin am a mbeidh an leanbh 4 bliain d'aois nó níos lú. Bíonn a leithéid ábharthach maidir le forbairt na chéad teanga i gcás linbh, mar aon leis an bhforbairt dhátheangach aige/aici, mar shampla, leanbh a thógtar le Béarla is a bhíonn ag foghlaim Gaeilge i naíonra nó i dtimpeallacht eile.



I rith an ama sin, tá seans go bhféadfadh leanaí bheith ag foghlaim teangacha eile agus go mbeidh siad ag forbairt a sainaitheantais ilteanga. Ag an am céanna, áfach, molann daoine eile go bhféadtar roinnt mhaith tréimhsí mothálacha eile a bheith ag teanga an linbh, á bhforleathnú isteach is é/í fásta, rud a neartaíonn teoiric na foghlama ar feadh saoil (Blakemore agus Frith, 2000).

Bíodh is go bhféadtar mórán faisnéise a fháil ón néareolaíocht maidir le luathfhoghlaim sa todhchaí, tuigtear go bhfuil timpeallacht na luathfhoghlama lárnach maidir leis an spreagadh cuí is leis an dúshlán cuí a sholáthar do leanaí d'fhonn gach gné dá bhfoghlaim a chothú. Ag an leibhéal is bunúsaí, bíonn dea-chothú is dea-bheathú riachtanach ionas go mbeidh forbairt bharrmhaith inchinne ann (McCain agus Mustard, 1999). Ní mór don leanbh bheith ag idirghníomhú i dtimpeallacht a thacaíonn le luath-fhorbairt bharrmhaith teanga, shóisialta fhisiciúil, fheasach mar aon le forbairt mothúchán is tuiscint maidir le hinniúlacht an duine féin is a fhiúntas. Lárnach leis sin uile bíonn na hidirghníomhaíochtaí ar ardchaighdeán idir daoine fásta is leanaí.

Ní haon am ceart é an luath-óige d'fhonn foghlaim leanaí a uasmhéadú mar mhaithe lena dtodhchaí amháin. Bíodh is go bhfuil an inchinn óg an-réidh d'eispéireas a mbeidh tionchar dearfach aici ar an bhfoghlaim ina dhiaidh sin, ní hionann sin is a rá gur ghá an fhoghlaim a bhrostú nó a ghéarú gan chúis. Níor cheart dúinn eolas nó scileanna a bheadh níos oiriúnaí don fhoghlaim a bheadh ann ina dhiaidh sin, a leagan ar na hintinn óga agus fíormhothálacha sin. Bíonn leanaí leochaileach mura bhfuil aon spreagadh cuí ann, ach bíonn siad chomh mothálach céanna má tá a gcuid eispéireas foghlama neamhoiriúnach. D'fhéadfadh iarrachtaí cúrsaí foghlama a ghéarú thar a n-inniúlachtaí forbartha cosc a chur ar an bhfoghlaim agus díobháil a dhéanamh dá bhféinmheas is dá muinín mar fhoghlaimeoirí, ag milleadh roinnt mhaith de dhea-acmhainneacht an eispéiris luaithe (Elkind agus Sigel, 1987). Meastar chomh maith gur rud neamhchríonna a bheadh i bhfoirmiúlacht anabaí sa luathfhoghlaim. (Keating, Fabian, Joran, Mavers agus Roberts, 2000; Marcon, 1999; Bredekamp agus Copple, 1997). Ar an gcuma chéanna, sonraítear an méid sin i bPlean Creata na hIorua um Naíscoileanna (leanaí idir 1-6 bliana).

> …childhood as a life-phase has a high intrinsic value, and children's own free-time, own culture and play are fundamentally important …the need for control and management must at all times be weighed against the children's need to be children on their own premises and based on their own interests.
>
> (OECD, 1999b, lch.21).

Cuirfidh an luathfhoghlaim trí fhionnachtain is eachtraíocht máistreacht, tuiscint agus gnóthú chun cinn ar shlí spraoiúil. Éireoidh an fhoghlaim sin as spéiseanna is eispéireas na leanaí féin, agus áireofar a sainláidreachtaí is a sainriachtanais. Ní mór dó bheith ann laistigh de chomhthéacs chultúr is teanga/teangacha an linbh.

Ní bhíonn gach leanbh ag foghlaim leis an tapúlacht chéanna le gach leanbh eile, áfach. Bíonn tacaíocht de dhíth ar roinnt mhaith acu, an cúnamh a thugann idirghabháil luath, cuir i gcás, d'fhonn leas a bhaint as na deiseanna a bhíonn ag baint leis an luath-óige. Bíonn an méid sin tábhachtach, go háirithe, do leanaí soghonta, cuir i gcás, iadsan a mbíonn míchumas orthu, nó a mbíonn míbhuntáiste ag gabháil leo ar shlite eile, mar shampla, cúlra socheacnamaíoch agus/nó eitneachas. D'fhéadfadh roinnt leanaí gan a bheith ar fónamh, is cúnamh sainiúil ag teastáil uathu.

1.4 Creat don Luathfhoghlaim – fís agus aidhmeanna

An fhís

Cuireann an Creat don Luathfhoghlaim luath-óige do gach leanbh in Éirinn chun cinn ionas go mbeidh siad in ann forbairt a dhéanamh mar fhoghlaimeoirí laistigh de chomhthéacs chaidrimh mhuiníneacha is grámhara le daoine eile, agus trí rannpháirtíocht éifeachtach bheith acu lena dtimpeallacht. Tabharfar tacaíocht dóibh maidir lena bhforbairt iomlánaíoch, agus trína n-acmhainneacht a aithint mar fhoghlaimeoirí ar shlite a léiríonn a n-indibhidiúlacht mar aon le heispéireas éagsúil na hóige in Éirinn acu maidir le téarmaí inniúlachtaí, cultúir, teangacha, agus cúlraí socheacnamaíocha.

FÓCASCHEISTEANNA

An aontaíonn tú leis an bhfís sin den Chreat don Luathfhoghlaim?

Cad iad na hathruithe a dhéanfá más ann dóibh?

Aidhmeanna

Glactar mar phrionsabal maidir leis an bhfís sin go mbeidh roinnt aidhmeanna ag an gCreat don Luathfhoghlaim.

Beidh sé mar aidhm ag an gcreat a bheith:

1. ag tacú le forbairt gach uile leanbh ón uair ó bhreith go mbeidh siad sé bliana mar fhoghlaimeoirí inniúla agus muiníneacha a mbíonn caidrimh ghrámhara agus chothaitheacha acu le daoine fásta agus piaraí, is ag aithint éagsúlacht na hinniúlachta, an chultúir, na teanga, an chreidimh, na ngrúpaí sóisialta, agus an eitneachais a mbeidh tionchar acu ar fhoghlaim is ar fhorbairt an linbh.

2. ag cur béime ar ról tábhachtach agus éifeachtach tuismitheoirí/caomhnóirí mar phríomhoideachasóirí an linbh acu i rith na luath-óige.

3. ag treorú tuismitheoirí/caomhnóirí, feighlithe linbh agus cleachtóirí maidir le deiseanna foghlama cuí a sholáthar do gach leanbh, ag aithint réimse na láidreachtaí foghlama acu agus réimsí na foghlama ina mbíonn breis nó a thuilleadh tacaíochta sainiúla uathu.

4. ag tacú leis na dea-chleachtais atá ann cheana féin maidir le luathfhoghlaim. Cabhróidh an creat le cleachtóirí machnamh a dhéanamh ar na cleachtais acu féin is iad a mheas, agus trína leithéid a dhéanamh leanfar leis ag iarraidh deiseanna foghlama a chruthú is a sholáthar a mbeidh tionchar dearfach, tairbheach, agus buan ar fhoghlaim uile an linbh.

Táthar ag súil go léiríonn na haidhmeanna sin eispéireas éagsúil na hóige a bhíonn ag leanaí in Éirinn ag an am seo. Cuireann na haidhmeanna sin béim ar thábhacht an chaidreamh idir leanaí agus daoine fásta, agus go sonrach, lárnacht an idirghníomhaíocht idir an tuismitheoir agus an caomhnóir. In éineacht leis an tábhacht sin bíonn freagrachtaí. Bíonn eispéireas de dhíth ar leanaí a chabhróidh leo d'fhonn a n-acmhainneacht a thabhairt faoi ndeara i réimsí uile na foghlama agus na forbartha, beag beann ar an difríocht indibhidiúil a bhíonn ann maidir le hacmhainneacht. Próiseas tábhachtach maidir leis sin a éascú is ea cleachtadh macnamhach.

Sa mhéid sin, bíonn freagracht ar dhaoine fásta machnamh criticiúil a dhéanamh ar gcleachtadh féin mar chuid d'iarracht d'fhonn cáilíocht deiseanna na foghlama a chruthaíonn siad do leanaí a shíorfheabhsú. Is féidir leis an síorchuardach ar ardchaighdeán saol na leanaí is na ndaoine fásta, a bhíonn ag obair leo, a shaibhriú.

FÓCASCHEISTEANNA

An gceapann tú go bhfuil na haidhmeanna sin oiriúnach do chreat náisiúnta?

An bhfuil a thuilleadh aidhmeanna ann gur cheart a chur san áireamh, dar leat?

1.5 Gnéithe den chreat

Cén chuspóir atá leis an gCreat don Luathfhoghlama?
Céim thábhachtach is ea forbairt na creata náisiúnta trí sholáthar deiseanna saibhre, dúshlánacha, agus taitneamhacha a thabhairt do gach leanbh ón uair go mbeirtear iad go mbeidh siad sé bliana d'aois.

Mar chuid den tuairisc aici ar chúram luath-óige is ar oideachas luath-óige i 12 tír faoi leith, leagann an Eagraíocht um Chomhoibriú Eacnamaíoch agus Forbartha (OECD, 2001a) síos an luach a bhaineann le creat náisiúnta trína bheith ag cabhrú le cleachtóirí díriú ar aidhmeanna a gcuid oibre le leanaí chomh maith leis an méid sin a shoiléiriú. Thug an Eagraíocht faoi ndeara, chomh maith, ról an creata trí fhorchéimniú um fhoghlaim an linbh a thabhairt chun suntais, agus trí struchtúr a sholáthar d'fhonn cinntiú go dtreoraítear, go dtacaítear le is go gcothaítear gach réimse den fhoghlaim.

Más rud é go mbeidh creat náisiúnta cabhrach sa tslí sin, ní mór gnéithe áirithe a bheith ann.

- Ba cheart sraith prionsabal bheith mar thaca faoi a bhaineann le fíornádúr na luath-óige agus go háirithe leis an luathfhoghlaim.

- Ba cheart go mbeadh sé cuimsitheach, d'fhonn láidreachtaí agus riachtanais éagsúla na luath-fhoghlainmeoirí a léiriú agus tacaíocht is treoir a sholáthar do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do chleachtóirí maidir leis na láidreachtaí is na riachtanais éagsúla sin.

- Ba cheart léiriú a dhéanamh ar an méid a mheasaimid mar shochaí thábhachtach maidir le beathú agus tacaíocht i rith túsbhlianta an tsaoil.

- Ba cheart dea-chleachtais reatha a léiriú agus a chomhlánú i raon suíomh na luath-óige. Sa tslí sin, is féidir leis an gcreat éagsúlacht shaibhir fealsúnachtaí, traidisiún, agus cur chuige um chúram luath-óige agus oideachas a léiriú.

D'fhonn na sainghéithe sin bheith ann, tabharfar faisnéis don Chreat don Luathfhoghlaim maidir leis an taighde is an teoiric is déanaí um luathfhoghlaim. Arna tharraingt uaidh sin, cuirfidh sé prionsabail leathanna oideolaíocha in alt a chéile d'fhonn daoine fásta a threorú de réir mar a fhoghlaimíonn siad is a fhorbraíonn na leanaí. Cuirfidh an creat sainréimsí na forbartha is na foghlama i láthair trí théamaí, chomh maith. Arna léiriú trí aidhmeanna, spriocanna, agus eispéireas foghlama, leagfaidh na téamaí sin amach an meon, na scileanna, an dearcadh is an t-eolas gur cheart bheith a fhoghlaim ag leanaí. Tabharfaidh an creat cur síos i dtéarmaí leathana, ar na saghsanna timpeallachtaí a thacaíonn níos fearr leis an luathfhoghlaim is leis an luathfhorbairt. Sa tslí sin, tabharfar tacaíocht do dhaoine fásta d'fhonn an fhoghlaim a chur in oiriúint don leanbh aonair ionas go mbeidh taithí dhearfach, thaitneamhach agus spreagúil aige/aici mar fhoghlaimeoir óg. Déanann roinn 5 níos mó mionphlé ar an eiseamláir atá molta don chreat.

Cé dó/di an creat?
Tabharfaidh an Creat don Luathfhoghlaim aghaidh ar an bhfoghlaim thar thréimhse iomlán na luath-óige. Sa tslí sin, beidh an creat ábharthach dóibh siúd uile atá freagrach as forbairt is as foghlaim leanaí ón uair go mbeirtear iad go mbeidh siad sé bliana d'aois. Áirítear sa mhéid sin tuismitheoirí/caomhnóirí agus na cleachtóirí uile a bhíonn i ndisciplíní éagsúla is a oibríonn i réimse suíomh lasmuigh den bhaile. Áirítear mar shuíomhanna lasmuigh den bhaile timpeallachtaí feighlithe leanaí, naíolanna, naíscoileanna, grúpaí tuismitheoirí agus mamailíneacha, scoileanna súgartha, réamhscoileanna, naíonraí, ranganna naíonán i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta, clubanna tar éis scoile, agus suímh ospidéil. Áirítear suímh chomhchosúla sa Ghaeltacht, leis. Cuimsíonn an raon suíomh sin na hearnálacha príobháideacha, poiblí, agus deonacha.

Conas go bhféadfadh creat amháin soláthar a dhéanamh don éagsúlacht atá ann?
Gabhann fís an Chreata don Luathfhoghlaim an tábhacht atá ann do gach leanbh go dtacaítear leo go cuí san fhoghlaim acu. Bíodh is go mbíonn cosúlachtaí idir leanaí sa tslí a fhoghlaimíonn siad agus an rud a fhoghlaimíonn siad, léiríonn siad mórán difríochtaí, chomh maith maidir leis na deiseanna foghlama is na tacaí a bhíonn de dhíth orthu.

Leanbáin – ó bhreith go hocht mí dhéag
Mamailínigh – dhá mhí dhéag go trí bliana
Leanaí Óga – dhá bhliain go leith go sé bliana.



Figiúr 1.1: Trí idirthréimhse a fhorlíonn a chéile

Tagann na difríochtaí sin chun solais i gcéim fhorbartha, inniúlachta, aigne foghlama, agus éagsúlachta i gcúlraí sóisialta, cultúrtha, teanga, agus eitneacha. Beidh ar an Creat don Luathfhoghlaim, le linn dó a fís a chur i gcrích, treoir leordhóthanach a sholáthar d'fhonn a chur ar chumas daoine fásta freagairt do láidreachtaí is riachtanais indibhidiúla leanaí maidir le pleanáil a dhéanamh go mbeidh tús dearfach is taitneamhach acu sa saol. Ní mór mar sin go mbeidh idirdhealú um eispéireas fhoghlama mar airteagal lárnach den chreat.

Taispeánann leanaí athruithe suntasacha maidir lena n-inniúlachtaí forbartha le linn na luath-óige. Mar shampla, foghlaimíonn siad conas bheith ina suí, ag siúl, ag caint, a gcuid smaointe a thabhairt le chéile, a gcuid smaointe a léiriú ar bhonn siomblach, agus bheith freagrach i bhfad níos mó do réimsí an fhéinchúraim, de ghnáth. Tá sé tábhachtach go mbeidh deiseanna acu forbairt a dhéanamh ar na hinniúlachtaí athraitheacha sin is iad a fhorbairt, chomh maith. D'fhonn soláthar a dhéanamh do leibhéal sin na héagsúlachta, moltar go gcuirfear an creat i láthar trí 3 chéim a raghadh isteach ina chéile do leanbáin, do mhamailínigh, is do leanaí óga (Figiúr 1.1).

Tá seans ann go bhfuil an iomad simplithe ann maidir le gnéithe áirithe den chur chuige sin. Mar shampla, ní bheidh deireadh le hiompar samplach leanbán nuair a bhaineann an leanbán 18 mí amach. Chomh maith leis sin, bíonn difríocht shuntasach idir an fhoghlaim a mbíonn ag an leanbán atá 2 bhliain d'aois is an leanbh atá 6 bliain d'aois. Mar sin féin, áfach, slí úsáideach is ea an ghrúpáil aoise d'fhonn inniúlachtaí athraitheacha a ghabháil tríd an luath-óige. Tá sé indéanta, leis, dá mbarr, tábhacht an fhócais dhifriúil maidir le heispéireas fhoghlama a chuireann inniúlachtaí is suimeanna nua éirithe leanaí san áireamh a léiriú.

Conas go ndéanfaidh an creat idirphlé leis an treoir churaclaim atá ann cheana?
Mar atá ráite i réamhrá na cáipéise seo, tá éagsúlacht de threoir churaclaim d'fhonn tacú leis an luathfhoghlaim in Éirinn ann cheana féin agus tá úsáid an-rathúil á baint aisti ag mórán cleachtóirí. Léiríonn an treoir sin éagsúlacht an chleachtais, atá mar shainmharc ar chúram na luath-óige is an luath-oideachais in Éirinn. Tá sé tábhachtach go léiríonn an creat an éagsúlacht sin lena n-áirítear:

- suíomh/timpeallacht fhoghlama
- fealsúnacht
- fad an lae (.i. pé acu seisiúin nó lá iomlán atá ann)
- aois na leanaí
- teanga
- cultúr.

Mar chreat náisiúnta, comhlánóidh an Creat don Luathfhoghlaim an treoir curaclaim atá ann cheana féin agus déanfaidh sí iarracht struchtúr leanúnach agus gaolmhaireacht a chruthú maidir le foghlaim tríd an luath-óige. Tabharfaidh sé comhairle agus treoir do dhaoine fásta maidir le pleanáil agus maidir le heispéireas foghlama don leanbh indibhidiúil. É sin ráite, ní mór sonraíochtaí an eispéiris sin a chinntiú go háitiúil idir an duine fásta is an leanbh. Formhuiníonn sé nádúr pearsanta na foghlama agus ról an linbh, mar chuid de pháirtíocht idir é is an duine fásta maidir leis an bhfoghlaim sin a mhúnlú is a stiúrú. Aithníonn sí an t-eolas taithíoch a bhíonn ag an duine fásta i leith an linbh mar fhoghlaimeoir – an tslí go bhfoghlaimíonn sé/sí, na riachtanais fhoghlama, na suimeanna is na láidreachtaí aige/aici. Cinntíonn sé, leis, caomhnú na gcur chuige difriúil fealsúnach, na dtraidisiún agus na struchtúr atá mar shaintréithe do chleachtais is shuímh na luath-óige in Éirinn.

Beidh ceangail intuigthe agus fhollasacha araon ag an gCreat don Luathfhoghlaim le Curaclam na Bunscoile (1999). Agus mórán de na prionsabail céanna ag an gcuraclam agus ag an gcreat, mar a eascraítear tríd an gcáipéis, úsáidtear an curaclam d'fhonn eispéireas foghlama formhór na leanaí ó chuig bliana ar aghaidh a threorú is a mhúnlú. Dá bharr sin, tá sé riachtanach go gcinntíonn an creat is Curaclam na Bunscoile leanúnachas agus dul chun cinn um fhoghlaim leanaí ar mhodh fónta i dteannta a chéile. Tá monatóireacht agus athbhreithniú rollta tosaithe cheana féin ag an maidir leis an gCuraclam Bunscoile, ina mbeidh cnuasú eolais maidir le heispéireas múinteoirí is leanaí a bheith á cur i gcrích, d'fhonn is go mbeidh faisnéisiú le tabhairt d'fhorbairtí sa todhchaí, mar an phríomhaidhm. Áireofar sa mhéid sin fócas ar churaclam na naíonán, agus ba cheart go dtabharfar léargais shaibhre ar thaithí tosaigh na leanaí sna ranganna luatha. Sa tslí sin, is féidir comhthairbhe bheith ag gabháil le forbairt an chreata is le hathbhreithniú leanúnach an Churaclaim Bunscoile.

Cad ina thaobh go bhfuil creat aonair á mholadh?
Tá treocht ag teacht chun cinn le roinnt blianta maidir le forbairt creata a dhéanann iomlán na luath-óige a uileghabháil, cleachtas a fhormhuiníonn OECD (2001a). Bheadh líon buntáistí ag cur chuige mar sin i gcomhthéacs na hÉireann.

- Is féidir le creat aonair, a thrasnaíonn teorainneacha aoise, leanúnachas na luath-óige a léiriú níos rathúla trí chúram is riachtanais oideachasúla leanaí a chur chun cinn ón bhréith go mbeidh siad sé bliana d'aois. Cabhróidh an méid sin an t-aitheantas is an stádas atá tuilte aige a thabhairt don bhfoghlaim is luaithe a bhíonn ann. Sa ré atá caite, bhíodh sé mar nós riachtanais leanaí ón uair gur saolaíodh iad go mbeidís trí bliana d'aois a thuiscint ó pheirspictíocht an chúraim, agus chonacthas oideachas mar thosaíocht dóibh siúd ó aois trí bliana ar aghaidh. Tá seans go mbíodh ilroinnt agus an fo-luacháil déanta ar an luathfhoghlaim mar thoradh air sin.

- Beidh creat aonair níos fabhraí don phleanáil d'fhonn tacú le foghlaim leanaí, i gcontaman inniúlachta. I gcás leanaí a mbíonn máchail ar a bhforbairt nó moill curtha orthu de bharr míchumais agus/nó míbhuntáiste, is féidir le creat uileghabhálach tuismitheoirí/caomhnóirí agus cleachtóirí a sholáthar le pointí tosaigh oiriúnacha a léiríonn an stáitse ábharthach forbartha.

- Léireoidh creat aonair éagsúlacht shaol leanaí in Éirinn maidir le cultúr, teangacha, agus cúlra socheacnamaíoch.

- Is féidir creat uileghabhálach a úsáid d'fhonn cleachtas a chur in iúl thar réimse suíomh, disciplíní nó gairmeacha. Cuirfidh an méid sin cleachtais ildhisciplíneacha chun cinn trí níos mó cumarsáid agus níos mó tuiscintí a bheith idir chleachtóirí ós na pobail dhifriúla ghairmiúla, mar shampla, oideachas, sláinte, urlabhra agus teanga, teiripe shaothair.

- Am iontais, aoibhnis agus fionnachtana atá i gceist leis an luath-óige. Is é an t-eispéireas sin a sholáthraíonn foghlaimeoirí díocasacha agus muiníneacha agus ba chóir iad a spreagadh is a chur chun cinn mar chuid de chreat náisiúnta. Is féidir an méid sin a chur i gcrích níos éifeachtúla ná sin má dhéantar an fhoghlaim a mheas thar iomlán na luath-óige. D'fhéadfadh forbairt an chreat amháin mar sin cabhrú tabhairt faoin luathfhoghlaim ar bhonn níos crúinne is níos cuimsithí mar sin. Ba cheart go gcabhródh sé leis, le tábhacht na ngníomhaíochtaí laethúla a chur chun cinn mar aon leis na tascanna a bhíonn ag leanaí in éineacht le daoine fásta.

- Is féidir le creat aonair tábhacht na n-idirghníomhaíochtaí (caidrimh) idir daoine fásta is leanaí a tharraingt chun suntais mar fhócas lárnach chun ardchaighdeán maidir le heispéireas foghlama a bheith ar fáil tríd an luath-óige. Bíonn na caidrimh sin mar chomhthéacs tábhachtach do luathfhoghlaim mar a imlíntear i roinn 3 den cháipéis seo.

- Tá a lán treorach in úsáid maidir le tacú leis an luathfhoghlaim cheana féin in Éirinn. Meastar go gcruthóidh an Creat don Luathfhoghlaim cruinneas agus gaolmhaireacht thar an treoir sin. Cabhróidh an creat, leis, cruthú do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus do chleachtóirí, is tacú leo, maidir lena sceidil is lena gcleachtaí laethúla. D'fhéadfadh sé, leis, tacú le daoine fásta machnamh a dhéanamh ar a gcleachtaí féin is féidearthachtaí nua a shainaithint.

1.6 Conclúid

Is tréimhse dhochreidte í an luath-óige ó thaobh foghlama de. Bíonn tionchar bunúsach ag an bhfoghlaim sin ar an bhfoghlaim a bheidh ann ina dhiaidh sin agus ar shaol an duine aonair é féin agus ba cheart tacú léi mar sin agus é a spreagadh ar bhonn cuí. Céim amháin d'fhonn an méid a ghníomhú is ea forbairt creata náisiúnta. Tá bunús láidir beartais ag Éirinn maidir lena leithéid de thionscnamh. Cruthaíonn an méid sin mar aon le taithí, saineolas, gealltanas agus rannpháirtíocht earnáil na luath-óige i gcomhpháirtíocht leis an deis idéalach creat a fhorbairt a thacóidh le daoine fásta cabhrú le leanaí foghlaim a dhéanamh de réir a n-acmhainneachta iomláin.

FÓCASCHEISTEANNA

An aontaíonn tú leis an tuairim maidir le creat náisiúnta don fhoghlaim sa luath-óige?

An gceapann tú go mbeadh an creat sin in ann cabhrú duit sa suíomh ina bhfuil tú?

Tá impleachtaí dearfacha fadsaoil ag gabhail le cothú na ndearcadh foghlama, leithéidí an fhiosracht, an fhiontraíocht, an dianmhachnamh, an acmhainneacht, an chruthaitheacht, agus an chothromaíocht.

An leanbh mar fhoghlaimeoir

2.1 Réamhrá le roinn a dó

2.2 An luath fhoghlaim agus an luathfhorbairt

2.3 Dearcadh iomlánaíoch ar luathfhoghlaim agus luathfhorbairt

2.4 Gnéithe den luathfhoghlaim agus den luathfhorbairt

2.5 Creat téamach

2.6 Nascanna trasna an churaclaim

2.7 Conclúid

2.1 Réamhrá le roinn a dó

Tugann an roinn seo forbhreathnú ar an leanbh mar fhoghlaimeoir óg, agus díríonn sí ar na cumais agus na héifeachtachtaí a léiríonn sé/sí i leith phróiséis na foghlama. Pléitear na tionchair éagsúla ar fhoghlaim an linbh. Tugann sí suntas ar leith ar a thabhachtaí is atá na deiseanna foghlama luatha a fhreagraíonn do riachtanais indibhidiúla gach aon leanbh.

2.2 An luathfhoghlaim agus an luathfhorbairt

An dearcadh domhanda ar an luathfhoghlaimeoir
Ó thagann siad ar an saol, agus fiú roimhe sin, léiríonn formhór leanaí sárchumas agus mian chun foghlama (Gopnik, Meltzoff agus Kuhl, 1999). Éascaítear taiscéaladh na timpeallachta trí chion daingean a chur ar bun le feighlithe tábhachtacha go luath ina saolta, agus cuidítear leis an bhfoghlaim mar sin. Léiríonn dúilmhian na leanaí chun a ndomhan a thabhairt faoi deara agus a thuiscint go bhfuil fuinneamh dúchasach chun foghlama iontu. Léiríonn leanaí í seo leis na riachtanaí a bhíonn acu cion agus grá a mhothú, agus is boinn thábhachtacha iad maidir le heispéiris sláintiúla dearfacha sa luathfhoghlaim. Léiritear chomh maith í le fiosracht agus iontas na leanbh faoin timpeallacht, lena sceitimíní agus iad ag dul i ngleic leis an timpeallacht sin, agus trí forbairt neamhspleachais a bhaint amach.

Ag a b(h)reith, is ionann an timpeallacht foghlama agus an t-aosach/na haosaigh is tábhachtaí a thugann cúram don leanbh óg. Níos déanaí, tagann an timpeallacht fhisiceach isteach sa scéal níos mó, agus tosnaíonn an leanbh ag idirghábháil le níos mó aosach agus leanaí eile. Má déantar an idirghníomhaíocht seo i gcomhthéacs spraoiúil, tacóidh sé le mórchuid foghlama atá féintosaithe, spraoiúil, dearfach agus spreagúil leis an tacaíocht nó rannpháirtíocht cuí ó aosaigh agus daoine eile.

Cuireann an íomhá seo den fhoghlaimeoir gníomhach an fhoghlaim agus an fhorbairt i láthair mar phróiseas dinimiciúil, gur féidir léi athrú i suíomh ar bith de réir féinstiúrú an linbh, agus tacaíochta ó dhaoine eile. Is ceart don tacaíocht seo cuntas iomlán a dhéanamh ar an mbealach a idirghníomhaíonn an leanbh go nádúrtha leis an timpeallacht agus mar a thagann sé/sí chun tuisceana uirthi, chomh maith le cumais agus acmhainn foghlama ar leith an linbh sin.

Uathúlacht gach linbh
Bíonn iliomad eispéireas éagsúil ar an tréimhse luath-óige in Éirinn inniu. Múnlaíonn mianach indibhidiúil agus raon ar leith d'eispéireas laethúil na leanaí an "cosán foghlama" do gach aon leanbh (Hayes 1999). Cinneann an ilghnéitheacht seo leibhéal agus cineál na tacaíochta aosaigh a bheidh de dhíth ar leanaí indibhidiúla chun an fhoghlaim agus an fhorbairt a chothú agus chun chur leo.

Tagann leanaí ar an saol le stór uathúil de chumais agus de chumhachtaí, ar cheart tacaíocht agus cothú cuí a thabhairt dóibh. Bíonn leanaí ann le míchumais mhóra foghlama go mbíonn cabhair ar leith uathu chun foghlaim a dhéanamh. Ba cheart go gcuirfear tréithe pearsantachta,, sláinte, riachtanais bhreise chéadfacha agus fisiceacha, deacrachtaí iompair agus eispéireas aonair saoil samn áireamh chomh maith.

Déanann leanaí forbairt agus foghlaim laistigh de thimpeallacht sóisialta, cultúrtha agus teanga ar leith. Tá athruithe sóisialta agus eacnamaíochta gan réamhshampla tagtha ar Éirinn le blianta beaga anuas. Baineann cuid de na hathruithe is mó le struchtúirí clainne agus le comhdhéanamh shochaí na hÉireann. Tá an céatadán de leanaí atá á dtogaint i struchtúirí clainne ilghnéitheacha le linn na luath-óige ag méadú.

Leanann an bhochtaineacht de bheith ag dul i bhfeidhm ar go leor leanaí. Is féidir go gcuirfidh an bhochtaineacht chéanna isteach go mór ar acmhainn an tuismitheora/chaomhnóra chun tacaíocht a thabhairt don luathfhoghlaim agus í a chur chun cinn mar is ceart. Murar féidir le leanaí na luath-dheiseanna seo a thapú, is féidir go mbeidh go leor deacrachtaí foghlama acu níos déanaí.

Tá ilghnéitheacht cultúrtha agus teanga ag méadú in Éirinn le blianta beaga anuas freisin. Tá sé fíorthábhachtach go bhforbródh leanaí as na pobail seo féiniúlacht agus ballraíocht sa chomhthéacs cultúrtha nua, ach an oiread le leanaí le Gaeilge nó Béarla ó dhúchas.

Fachtóir eile a mbíonn tionchar aige ar an luath-óige a chleachtann leanaí sa tír seo ná go bhfuil fás tagaithe ar líon na leanaí a chaitheann seal as baile. Chomh maith leis seo, bíonn go leor daoine lonnaithe i bhfad óna dteaghlach forleathnaithe. Ciallaíonn sé sin go gcaitheann roinnt leanaí céatadán níos mó dá gcéad blianta lasmuigh den bhaile, i gcomhluadar aosach seachas a dtuismitheoirí/caomhnóirí, tuismitheoirí críonna, nó teaghlach forleathnaithe. Tagraíonn Moss (2001) don athrú seo mar 'institiúidiú' na hóige'.

Ciallaíonn a éagsúla is a bhíonn an t-eispéireas óige go mbeidh tacaíocht aosach de chineáil agus de leibhéil éagsúla riachtanach chun an luathfhoghlaim agus an luathfhorbairt a chothú. Is ceart go mbraithfeadh cineál agus déine na tacaíochta seo ar riachtanais an linbh aonair go hiondúil. Má bhíonn na deiseanna ag dul leis na leanaí, cinnteofar go mbeidh tacaíocht acu ar fad chun a mianach féin a bhaint amach, chun go ndéanfar saoránaigh neamhspléacha, páirteacha, freagracha díobh.

Mar a maíodh i roinn a haon, léireoidh an Creat don Luathfhoghlaim an iliomad sórt d'eispéireas ilghnéitheach ar an luath-óige a chleachtann leanaí. Treoirfidh sí daoine a bheidh ag obair le leanaí, trí chomhairle agus eolas a chur ar fáil, chun pleanáil agus soláthar a dhéanamh maidir leis na cineáil timpeallachtaí foghlama agus na tacaí is ceart a bheith ag leanaí chun a mianach iomlán a bhaint amach agus chun go mbeidh tús sa saol a bheidh dearfach agus taitneamhach agus spreagúil ag gach leanbh.

FÓCASCHEISTEANNA

An gcuireann an tsamhail seo den leanbh mar fhoghlaimeoir an ról in iúl a imríonn formhór na leanaí ina gcuid foghlama?

An léiriú iomlán an tsamhail seo den ilghnéitheacht a bhaineann le taithí leanaí in Éirinn?

2.3 Dearcadh iomlánaíoch ar luathfhoghlaim agus luathfhorbairt

Tá idircheangailt idir na gnéithe ar fad sa luathfhoghlaim. Níl seo le feiceáil chomh soiléir ná chomh ábharthach ag am ar bith eile ina saol. Cé gur féidir gnéithe éagsúla leis an bhfoghlaim seo a aithint, mar fhoghlaim shóisialta, mhothúchanach, phearsanta, fhisiceach (céadfach agus luaile), chognaíoch, theangach, chruthaíoch, aeisteitiúil, mhorálta, nó spriodálta mar shampla, tá siad seo fite fuaite ina chéile, ag dul i bhfeidhm go casta agus go sofaisticiúil ar a chéile.
Tá sé tábhachtach ar mhórán cúiseanna, go mbeadh dearcadh iomlánaíoch sa Chreat don Luathfhoghlaim ar an leanbh mar fhoghlaimeoir. Ar an gcéad dul síos, tugtar tús áite do ábaltachtaí agus cumais in linbh fhéin mar fhoghlaimeoir. Léiríonn an fócas seo na leanaí is óige mar shaoránaigh a chuireann leis an tsochaí, i dteideal deiseanna agus tacaíochta chun foghlama agus forbartha, mar a chuirtear in iúl san Straitéis Náisiúnta Leanaí (2000).

Sa dara háit, cuireann an cur chuige iomlánaíoch béim ar na hidircheangail a bhaineann leis an bhfoghlaim ar fad. Ar ndóigh, cothaíonn eispéireas éagsúil gnéithe seachas a chéile den fhoghlaim agus den fhorbairt. 'Siad an comhrá agus an scéalaíocht is ábharaí don leanbh maidir le forbairt teanga, sóisialta agus mothúchánach, mar shampla. Má dhíritear, áfach, ar an leanbh iomlán mar fhoghlaimeoir seachas ar réimsí discréideacha na forbartha, déanfar castacht agus ilchineálachas na luathfhoghlama a léiriú níos cruinne.

Sa tríú háit, éascaíonn an dearcadh iomlánaíoch aithint agus eagrú na tacaíochta ar fad a bhíonn ón leanbh chun go réadaíonn siad a mianach foghlama iomlán. Tá gá ag gach leanbh le cothú, le caidrimh daingne sona iontaobhacha, agus le fáil ar sheirbhísí sláinte agus oideachais. Is gá go minic cur leis na seirbhísí seo i gcás go leor leanaí. D'fhéadfadh, mar shampla, go mbeadh gá ag naíonán óg le míchumas corpartha le fisiteiripe agus/nó teiripe shaothair. Is féidir go n-athróidh struchtúr agus déine na seirbhísí breise seo le himeacht ama. Má chuirtear ar fáil iad i gcomhthéacs iomlánaíoch, cinnteofar go mbeidh eispéireas foghlama an linbh leathan agus cothrom, fad is a bheidh cóir cuí dá riachtanais foghlama ar leith á bhfáil aige/aici. Cuireann an cur chuige iomlánaíoch seo an leanbh i gcomhthéacs an teaghlaigh freisin.

2.4 Gnéithe den luathfhoghlaim agus den luathfhorbairt

Tarraingíonn an Stráitéis Naisiúnta Leanaí: Ár Leanaí – a Saoil (Éire, 2000) suntas ar an tabhacht a bhaineann le raon éagsúil eispéireas a bheith ag gach leanbh chun deis foghlama agus forbartha in gach réimse a thabhairt dóibh.

Tacóidh agus cothóidh an Creat don Luathfhoghlaim gach gné den luathfhoghlaim agus luathfhorbairt de réir idircheangealteachta agus comhtháthú na foghlama. Léirítear, trí aithbhreithniú ar chreataí náisiúnta agus idirnáisiunta, go bhfuil dhá shaghas cur chuige

tipiciúil in úsaid chun a leithéid de chreat a chur i láthair:

- Fearainn forbartha
- Téamaí foghlama.

Fearainn forbartha
Léirítear an luathfhoghlaim, san saghas seo cur chuige, i sraith fearann forbartha. Ar na fearainn in úsáid go hiondúil, tá forbairt chognaíoch (agus teanga san áireamh), forbairt fhisiceach, agus forbairt phearsanta, shóisialta, agus mhothúchánach. Leanann tíortha áirithe an cur chuige seo, mar shampla Creat um Caighdéan Curaclaim agus Freagracht na hAstráile Theas (2001), a chuireann an fhoghlaim i láthair le teideil mar 'an duine féin ag machnamh agus ag déanamh cumarsáide', an duine fisiceach féin, agus an duine síceashóisialta féin'.

Is iondúil go roinntear na príomhfhearainn seo i líon níos mó de chatagóirí a bhaineann le tréimhsí déanacha na luath-oige, do leanaí in aois a trí go dtí a sé bliana mar shampla. Samhail ar an gcleachtadh idirnáisiúnta is ea Curaclam na Bunscoile (1999), a chuireann foghlaim leanaí in aois 4-6 bliain i láthair mar réimsí leathana curaclaim:

- Teanga
- Matamaitic
- Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta
- Oideachas ealaíon
- Corpoideachas
- Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte.

Is é dualgas na n-údarás éagsúil eaglasta curaclam in Oideachas reiligiúnach a sholáthar.

Molann Curaclam na Bunscoile modh fíorchomhtháitheach, trí úsáid ábhar agus téama, chun foghlaim a chur i láthair do leanaí den aois seo. Is iondúil go n-úsáidtear straitéis ábhar-threoirshuite chun foghlaim a chur i láthair ag na tréimhsí deireannacha den luath-óige, chun réiteach le scolaíocht fhoirmiúil. Bíonn fearainn mar an gcéanna in úsáid ag morán de na heagrais luath-óige in Éirinn ina dtreoir curaclaim. Díríonn Curaclam na Bunscoile ar ról fíorthábhachtach an aosaigh i stiúrú agus tacú na foghlama don leanbh sna réimsí curaclaim ar fad.

Téamaí foghlama
Baineann a mhalairt de chur chuige chun an fhoghlaim a léiriú le húsáid samhail tras-churaclaim nó téamach. Sampla iomráiteach de seo is ea creat churaclam Nua Shealannaigh Te Wh_riki (1996) do leanaí ó bhreith go haois scoile (cúig/sé bliana d'aois go iondúil).

Úsáideann sí seo cuig dual nó téama chun an luathfhoghlaim a chur i láthair, mar atá

- Folláine
- Féiniúlacht
- Muintearas
- Rannpháirteachas
- Cumarsáid
- Taiscéaladh.

'Sí seo an cur chuige freisin atá sa chreat curaclaim 'Fiúntas san Ilghnéitheacht' a d'fhorbair an Fóram Náisiúnta um Oideachas Luath-Óige (1998) i Sasana. Sa chás seo, 'siad boinn na luathfhoghlama ná

- Muintearas agus nascadh
- Bheith agus teacht chun a bheith
- Rannpháirteachas agus páirtíocht
- Gníomhú agus cur in iúl
- Smaoineamh, samhlú agus tuiscint.

Éiríonn leis an gcur chuige téamach forbairt chomhtháite iomlánaíoch an luathfhoghlaimeora chomh maith len a riachtanais foghlama iomlán a ghabháil. Chuirfeadh an cur chuige seo go mór le dearadh an Creata don Luathfhoghlaim, agus pléitear go mion laistíos é, agus níos déanaí, i roinn a cúig.

2.5 Creat téamach

Molann an doiciméad comhairliúcháin go gcuirfidh an Creat don Luathfhoghlaim an fhoghlaim i láthair i gceithre théama leathan comhlánach:

- Folláine
- Féiniúlacht agus muintearas
- Cumarsáid
- Taiscéaladh agus smaoineamh.

Cuireann gach téama réimse ar leith den fhoghlaim agus forbairt le chéile. Agus achoimre den fhoghlaim á thabhairt trí gach ceann de na ceithre théamaí, díríonn na fo-roinneanna seo a leanas áird ar raon iomlán chumas na leanaí. Bíonn éagsúlacht i bhforbairt leanaí, agus leanaí áirithe le mí-chumais nó moill forbartha. Is féidir go mbeidh luas éagsúil faoi fhoghlaim na leanaí seo, agus go mbainfidh siad amach leibhéal tuisceana éagsúil. Ciallaíonn sé seo nach mbainfidh aon bheirt leanbh leas iomlán as na deiseanna foghlama céanna, san ord céanna, ag an luas céanna agus leis an tacaíocht aosach chéanna. Tá sé fíorthábhachtach go gcuirfí na difríochtaí san áireamh chun go soláithreofaí eispéireas agus deiseanna a fhreagraíonn do uathúlacht gach uile linbh. Beidh an ilghnéitheacht seo mar chúis cheiliúrtha agus tacaíochta ag an Creat don Luathfhoghlaim.

Téama: Folláine
Is éard atá i gceist le folláine ná a bheith sona, sláintiúil agus oiriúnaithe go maith don timpeallacht. Is bonn sár-riachtanach folláine an linbh le haghaidh na luathfhoghlama agus na foghlama ar fad ina dhiaidh sin. Cothaítear an fholláine i gcomhthéacs caidrimh lách, thacúil le daoine eile, agus baineann sé le go leor gnéithe den fhorbairt, forbairt fhisiceach, mhothúchánach, intleachtach, mhorálta agus spriodálta ina measc.

Tagann fás agus athrú fisiceach ar gach leanbh le linn na luath-óige:

> The passage from the limited motor repertoire of the newborn to the complex loco-motor and manipulatory skills of the toddler stands among the most visible and dramatic transformations in the human life-cycle.
>
> Thelen, Kelso agus Fogel, 1987, l.39)

Is céadfaí a tharraingíonn aire na naíonán ar dtús. Déanann cuid mhaith acu bogadh mar fhreagairt orthu seo, agus i gcás a bhformhór, forbraíonn an bogadh seo níos déanaí ó bheith aithfhillteach chun a bheith níos casta agus níos diongbháilte. Le linn an ama seo, tagann dianmhéadú ar a gcomhfhiosacht ar an méid a bhfuil siad ábalta a dhéanamh. Aibiú a tharlaíonn i gcomhthéacs timpeallachta atá dúshlánach tacúil a luaitear mar chúis leis an bhforbairt seo. Cuirtear an timpeallacht seo ar fáil trí chaidreamh le haosaigh fhreagracha cheanúla, iad siúd a dhéanann freastal ar bhunriachtanais cosúil le cúram sláinte, imdhíonacht agus sláintíocht mar shampla. Éilíonn timpeallacht cuí cothú cuí, rud atá riachtanach ní hamháin le haghaidh na dea-bhaile fisicí, ach le haghaidh gnéithe eile de shaol an linbh, ar nós na forbartha iompraíochta, mar a phléann Wachs (2000). Is gá riachtanais leanaí nach bhfuil ar fónamh a chur san áireamh chomh maith. Is féidir go gcuirfidh pian agus míchompord leanúnach isteach ar dhianmhacnamh na leanaí seo chomh maith le deasca cogais, gá le treimhsí suain, agus toradh taistil agus seisiúin dhiana teiripe.

Mar a aibhsítear sa Straitéis Náisiúnta Leanaí (2000), tá dlúthbhaint idir an fholláine fhisiceach agus fearainn eile, an fearann cognaíoch agus fearann an mhothúcháin. Trí bheith ag bogadh, mar shampla, is féidir le cumais fisiceach na leanaí cur go mór le próiseas na smaointe a fhorbairt. Cuireann sé meán eile ar fáil dóibh freisin chun iad féin a chur in iúl. Ag plé forbartha fisiceach na leanaí reamh-scoile, aibhsíonn an Tionscnamh Oideachas na Luathbhliana (Tionscnamh E.Y.E., 2000) chomh luachmhar is atá bogadh fisiciúil chun maireachtáil slántuil agus forbartha ginearálta:

> Whatever its effect, there is obviously a need for children to engage in strenuous physical activity in enjoyable and purposeful ways. The most striking purpose is that through movement a child identifies an important means of self-discovery. Movement also offers opportunities for developing language and imagination as well as the more social skills of discipline, co-operation and awareness of each other…
>
> (Project E.Y.E., Educator's Handbook, lch. 8)

Cuireann taiscéaladh fisiciúil na timpeallachta le féinmhuinín agus gus na leanaí, rud a thacaíonn lena bhféiniúlacht, a bhféinmheas agus bhféinmhuinín. Bíonn leanaí ilghnéitheach maidir lena méid agus crot fisiciúil. Is féidir go mbeidh éifeacht aige seo ar an idirghníomhaíocht le daoine eile (Bee, 1992). Tá sé tábhachtach go bhfaighidh leanaí deimhniú, agus go gcuirfear a gcur i láthair fisiceach in iúl go dearfa dóibh le linn na luath-óige, ionas go mbeidh siad sásta lena láithreacht fhisiciúil agus go gcleachtóidh siad réadú ina n-ábaltachtaí agus a gcumais de réir mar a athraíonn siad. Cuireann sé seo lena bhféiníomhá agus lena bhféinfhiúntas.

Braitheann folláine mhothúchánach an linbh ar chaighdeán na luathchaidrimh a bhíonn acu. Dar le Bowlby (1979), mothaíonn an leanbh go bhfuil sé/sí sábháilte, agus spreagtar cumarsáid agus cur in iúl na mothúchán, de dheasca na gcaidreamh sin. Is ar chaighdeán na gcaidreamh ceana is túisce a tógtar gach caidreamh ina dhiaidh sin. Cuireann caidreamh lách grámhar, ina mhothaíonn na leanaí grá agus ina spreagtar iad chun iad féin a chur in iúl go hiomlán, ar a gcumas mothúcháin mar díograis, suim, agus méin chun foghlama, a fhorbairt. Méadóidh ar

neamhspleáchas an linbh dá bharr, ionas go mbeidh sé/sí in ann déileáil le hathruithe, agus tréithe mar teacht aniar agus seifteachas a léiriú, de réir mar a thagann fás agus forbairt. Beidh diantacaíocht ag teastáil ó leanaí áirithe chun go mbeidh siad in ann dul i ngleic lena dtimpeallacht. Ach beidh ar chumas gach leanbh leibhéal neamhspleáchais a bhaint amach a léiríonn a sainchumais, a neart agus a n-ábhair spéise ar leith. Os rud é go mbeidh go leor dúshlán sa bhealach ag leanaí míchumasacha ina saol, tá sé ríthábhachtach, le linn dóibh a bhféiniúlacht a fhorbairt, go mbeidís siúd a bhíonn ag obair leo dearfach spreagúil tacúil. Braitheann folláine an linbh ar an nglacadh a bhíonn lena gcultúr. Tá sé ríthábhachtach go bhfeictear dóibh go bhfuil glacadh le, agus meas ar, a gcultúr.

Spreagann mothú na folláine an leanbh chun taiscéaladh gníomhach a dhéanamh agus a d(h)úshlán féin a thabhairt mar a oireann don timpeallacht. Tá idirghníomhaíocht spraoiúil leis an timpeallacht dúshlánach go leor chun dul leis na cumais chognaíocha riachtanach don fholláine intleachtach. Is ceart a chinntiú freisin, ar son leasa an linbh, go mbíonn go leor seal sosa aige/aici.

Gné eile sláinte atá i gceist is ea folláine spioradálta agus mhórálta an linbh. Áiríonn an Straitéis Náisiúnta Leanaí 'mothúcháin, eispéireas agus tuairimí creidimh a spreagann féineolas, iontas, urraim, céadfacht mhórálta agus aeisteitiúil, agus ceisteanna faoi bhrí agus nádúir na beatha agus an bháis' i measc saintréithe na folláine seo (2000,lch. 27). Ba cheart go gcothódh an luatheispéireas foghlama an gné seo den folláine. Beidh réimse seo na foghlama agus na forbartha, i gcás an-chuid leanaí, bunaithe ar chreideamh agus ar chleachtadh reiligiúnda a bhaineann le creidimh ar leith.

Leanbáin
Is i gcomhthéacs na luathchaidhrimh sin a chuirtear chun cinn an fholláine mhothúcánach agus fhisiceach. An bunchúram sláinte agus cothaithe curtha san áireamh, téann deiseanna chun cleachtadh na ngníomhaíochtaí éagsúla, a úsáideann na mórscileanna agus na mionscileanna luaile, chun tairfe an leanbáin. Orthu seo tá árdú a gcinn, suí suas, síneadh, seasamh suas, agus siúl. Ba cheart go mbeadh timpeallacht shábháilte thacúil ag na leanbáin chuige seo ina mbainfidh siad sástacht as a n-iarrachtaí. Is féidir a bhformhór a spreagadh chun leibhéal áirithe neamhspleáchais a bhaint amach, mar shampla, go mbéarfaidís féin greim ar an mbuidéal/gcupán le linn óil dóibh, ach leanfaidh cuid eile acu de bheith ag brath ar thacaíocht aosaigh le haghaidh na foilláine fisicí luaithe.

Is féidir folláine intleachtúil na leanbán a shaothrú má bhíonn timpeallacht acu le gnáthaimh comhsheasamhacha a chuirfidh ar a gcumas ciall a bhaint as a n-eispéireas. Saothraítear tuiscint cúise agus toradh, mar shampla, nuair a chaitheann siad bréagáin uatha chun gleo a dhéanamh. Léiríonn siad gur rogha ar leith acu díriú ar aghaidh dhaoine. Coimeádann siad a súile ar nithe ag bogadh, agus tosnaíonn siad ar ghuthanna aithinidiúla a aithint. Tosnaíonn siad ar fhreagairt dá n-ainm féin a chloisint, agus ar ghníomhaireacht a chuireann daoine eile ag gáirí a athdhéanamh.

Mamailínigh
'Siad luathchaidrimh na mamailíneach fós a sholáthraíonn an comhthéacs chun na folláine a fhorbairt. Is minic a thagann frustrachas chun solais sna caidrimh seo agus na mamailínigh ag iarraidh a n-éileamh ar féinriail a réiteach leis an ngá le bheith i bhfochair agus faoi chosaint na bhfeighlithe.

Maidir le forbairt fhisiceach, forbraíonn eolas ar a gcorp féin agus a gcumais, chomh maith lena dteorannú, diaidh ar ndiaidh. Bíonn an-fhonn orthu a bheith gníomhach. Úsáideann siad trealamh ar leith, ar nós sleamhnáin, luascáin, liathróidí, trírothaigh, agus málaí pónaire chun iad féin a chur in iúl, chomh maith le freagairt do spreagadh ar leith mar ceol, nó i gcomhthéacs cluiche. Is féidir go spreagfaidh seo an fhoghlaim a spreagadh sna gnéithe cruthaithe agus cur in iúl.

Bíonn mamailínigh eile ann le riachtanais ar leith, a mbeidh gá acu le tacaíocht iogaireach ó aosaigh. D'fhéadfaí amharcleideanna (seachas cluasleideanna), mar shampla, a úsaid le leanbh bodhar chun freagairtí cuí a bhaint as/aisti le linn cluiche.

Cuirtear folláine mhothúchánach na mamailíneach chun cinn trí deiseanna a bheith acu a bheith neamhspleách, agus trí iad a spreagadh leo féin a chur in iúl. Tiocfaidh fás ar chumas dianmhacnaimh a bhformhór, agus beidh a bhformhór in ann a roghanna féin a dhéanamh. Ach beidh tacaíocht ar leith ó chuid eile acu chun gnáithimh a chomhlíonadh, agus chun dúshláin a shárú. Is féidir an fhiosracht, agus féith an iontais, ar chuid tábhachtach iad den bhforbairt spriodálta, a shaothrú go simplí trí bhreathnóireacht agus taithí ar shaol an dúlra, mar bhoghanna báistí, ainmhithe nua-bhreithe, gaineamh agus uisce.

Leanaí óga
Éiríonn an raon gníomhaíochta a chleachtann leanaí óga níos ilghnéithí de réir a chéile. Ní hamháin go bhforbraítear na mórscileanna luaile, ach cuirtear lefeasacht coirp agus fairsinge freisin trí ghníomhaireacht fhisiceach ar nós dreapadóireachta, luasctha, cothromaíochta, rothaíochta, rollta, agus reatha. Caithfear tacú le gníomhaíocht leanaí éagsúla i slite éagsúla.

Baineann gníomhaíocht fhisiceach freisin le máistreacht tascanna agus gnáthaimh simplí mar shampla níocháin, gléasadh, agus beathú. Is feidir leanaí óga a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a bhfolláine féin agus as na gnáthaimh/tascanna áirithe seo. Is féidir, freisin, iad a spreagadh chun níos mó freagrachta as a gcuid gníomhaíochta féin, mar shampla, slacht a chur ar a mbréagáin/leabhair féin. Cuireann a leithéid de fhreagracht lena bhféinmheas agus lena neamhspleáchas.

Cuirtear folláine mhothúchánach na leanaí chun cinn trí chabhrú leo raon de mhothúcháin a chur in iúl, chun go mbeidh siad in ann a gcuid freagrachtaí mothúchánacha féin agus freagrachtaí dhaoine eile a aithint. Is cuid thábhachtach de fhorbairt an chumais chomh-mhothúcháin é seo, agus na leanaí ag forbairt freagrachta as a bhfolláine féin agus folláine daoine eile.

Cuirtear folláine intleachtúil leanaí óga chun cinn ach deiseanna a bheith acu an cumas intleachtúil atá á shaothrú a úsáid agus chun chur leis. Baineann leanaí óga taitneamh as ghníomhaíochtaí mar shórtáil, macasamhail a aimsiú agus eagrú. Baineann siad sásamh freisin as gníomhaíocht mar tógáil, déanamh marcanna, réiteach dúcheisteanna agus faidhbeanna, tuaradh, nascanna a aithint, agus feasacht chló a fhorbairt.

Téama: Féiniúlacht agus muintearas
Is éard atá san fhéiniúlacht ná comhcheangal casta de shaintréithe, de thréitheanna, agus d'iompraíochtaí. Cuireann siad seo le huathúlacht na leanaí ionas go n-airíonn siad muintearas nó gaol a bheith acu le grúpaí ar leith sa sochaí, ó thaobh cultúir, eitneachais ciníoch, teanga, inscne, agus aicme sóisialta de. Is feiniméin dhinimiciúil an fhéiniúlacht a bheidh ag forbairt le linn saol an linbh. Beidh gnéithe den bhféiniúlacht seo níos tábhachtaí ná a chéile ó am go ham i rith shaol an linbh.

Tarraingíonn an Straitéis Náisiúnta Leanaí (2000) suntas ar a thábhachtaí is atá sé go bhforbródh leanaí ciall fholláin dhearfach dá bhféiniúlacht féin agus dá n-áit sa tsochaí. Cuireann íomhá dhearfach dá muintir, dá gcreideamh agus dá dtraidisiúin, dá gcultúr agus dá dteanga le muinín an linbh as a luach féin agus as luach a phobail sa tsochaí.

Bíonn féiniúlacht agus muintearas linbh óg fite fuaite leis an gcaidreamh a bhíonn aige/aici le daoine eile. Agus iad ag idirghníomhú, saothraíonn leanaí óga feasacht orthu féin mar dhaoine daonna ar leith. Braitheann an féiníomhá agus an féinmheas ar an bhfiúntas a mheasann an leanbh leis/léi féin. Mar sin tá sé tábhachtach go gcuirfí meas, grá, moladh agus spreagadh in iúl do leanaí. Ba cheart go léireodh an cur in iúl seo don leanbh cé chomh tábhachtach is atá se/sí féin mar dhuine seachas a bhfuil ar a chumas. Mar sin, bíonn ról tábhachtach freagrach i saothrú na féiniúlachta agus an mhuintearais i saol an linbh ag an aosach (na haosaigh) lena mbíonn baint agus idirghníomhaíocht aige/aici. Mar a scríobhann Griffin:

> From the moment of birth we are all engaged in a process of becoming 'ourselves'. It no doubt takes a lifetime to complete the picture. However, those early foundations laid by our primary caregivers (and those caregivers they trust to continue the work) are crucial to the picture we paint of ourselves.
>
> (1997, lch.43)

Tá na boinn seo fréamhaithe sa chéad chaidreamh a fhorbraíonn an leanbh lena p(h)ríomh-fheighlí(ithe). Bíonn tionchar leanúnach ag cáilíocht an chaidrimh seo ar fhorbairt an linbh ina dhiaidh sin.

Braitheann féiniúlacht an linbh freisin ar an ról a bhíonn aige/aici i ngrúpaí ar leith agus ar chiall an mhuintearais a thagann as seo. Sa luath-óige, beidh na príomhfheighlithe, an gartheaghlach, an teaghlach forleathnaithe, cairde agus cleacthtóirí luath-óige i measc na ngrúpaí seo. Cruthóidh agus dearbhóidh páirtíocht ghníomhach sna grúpaí seo an chiall muintearais. Tá tábhacht leis an bpáirtíocht seo chun a lán den dea-iompar agus den iompar mhorálta a fhorbairt, an cumas comh-mhothaíochta, dearcadh daoine eile a thuiscint, sealaíocht, roinnt le daoine eile, agus glacadh le rialacha agus gnásanna na sochaí, ina measc. Neartaíonn muintearas an féinmheas.

Tá dlúthbhaint ag féiniúlacht agus muintearas an linbh leis an ngarchultúr, agus le cultúr na sochaí forleithne. Saothraítear féiniúlacht chultúrtha an linbh trí thuiscint ar mar a chaitheann daoine a saol, an t-eispéireas a bhíonn acu, agus mar a bhaineann siad brí as an saol. Cuirtear in iúl é trí theanga, ceol, rince, cluichí, agus tríd an stair agus an creideamh ina mbíonn daoine páirteach. Beidh éagsúlacht tábhachta le gnéithe seachas a chéile den ilchineálachas seo maidir le leanaí seachas a chéile. Beidh cultúr dúchasach na hÉireann suntasach do chuid mhaith leanaí. San áireamh anseo, tá an Ghaeilge, agus í ar fáil do leanaí a fhásann aníos i dteaghlach ina mbíonn an Ghaeilge mar ghnáth-theanga, sa Ghaeltacht agus i láithreacha eile óna tuismitheoirí agus a dtuismitheoirí críonna.
Tá traidisiún saibhir Béarla sa tír seo freisin. Ciallaíonn féiniúlacht na leanaí mar shaoránaigh an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an méadú brostaithe ar an ilghnéitheacht chultúrtha agus ar an domhandú i saol na hÉireann, go mbeidh a bhféiniúlachtaí ilteangacha mar ghné thábhachtach de shaol na leanaí. Cuireann sé seo ar fad leis an dtaithí cultúrtha agus teanga atá ar fáil do leanaí. Tá sé tábhachtach freisin go gcumasófaí agus go spreagfaí leanaí chun meas a bheith acu ar an ilghnéitheacht seo agus í a cheiliúradh.

Tá gné spriodálta agus morálta le mothú na féiniúlachta agus an mhuintearais atá ag teacht chun solais. Is ceart leanaí a spreagadh chun iontais agus urraime a gcleachtaí laethúla. Beidh traidisiúin chreidimh agus deabhóideachta ar leith ag tacú leis seo i gcás mórán leanaí. Beidh fianaise an luathshaoil spriodálta le feiceáil i dtuiscint, i bhfeasacht agus i bhfreagairt leanaí i leith gnáthghníomhaíochtaí ar féidir leo a bheith ina gcomharthaí ar an tarchéimnitheacht.

Forbraíonn leanaí, freisin, féiniúlacht mar fhoghlaimeóirí, toisc go mbíonn stíleanna agus méineacha éagsúla acu. Is maith le cuid acu dul i ngleic ghníomhach leis an timpeallacht, ach beidh a thuilleadh acu níos mó tugtha don smaoineamh agus don mhachnamh.





Leanbáin
Cuireann ceanúlacht láidir bunús daingean le mothú féiniúlachta agus muintearais an linbh agus é/í ag forbairt. Is gá do naíonáin caidreamh láidir daingean a shaothrú i rith na seachtainí agus na mí tosaigh dá saolta. Cuirtear a mbeith féin agus bheith dhaoine eile i bhfeasacht dóibh agus daoine eile ag caint leo, ag breathnú orthu agus ag tadhall leo (Alvarez, 1992). Baineann leanbáin óga sólás fisiceach, síceolaíoch, agus mothúchánach as dlúththeangmháil fhisiceach.

Is féidir go gcothófar an muintearas seo idir iad féin agus a máthaireacha, a n-athaireacha, a bhfeighlithe, a gcaomhnóirí, a seantuismitheoirí, a dearthháireacha/deirfiúracha agus daoine bunaidh eile i suíomhanna luath-óige. Tá baint idir cháilíocht na muintearas seo agus ciall an linbh ar a fhorbairt féin. Cintíonn an aisfhreagras agus an aithint ó dhaoine eile go mbeidh an leanbh sásta leis/léi féin.

Mamailínigh
Leanann mamailínigh do bheith ag baint tairbhe as an slándálacht agus an croíúlacht a ghabhann le caidreamh lách le haosaigh thábhachtacha. Leanann idirghníomhaíocht laistigh de na luathchaidrimh seo de bheith ag cur bunúis chun fhéiníomhá dhearfach a fhorbairt. Cumasaíonn siad na mamailínigh freisin chun caidreamh a bhunú lena leithéidi féin agus le haosaigh eile, agus spreagann siad iad chun a thuilleadh a fhoghlaim faoin domhan máguaird, lena stuaim féin agus i gcomhpháirtíocht le daoine eile.

Bainfidh mamailínigh leas as léibhéil áirithe freagrachta agus neamhspleáchais a bhaint amach laistigh de theorainneacha sábháilteacha soiléire sothuigthe. Is gá go mbeadh am go leor ag mamailínigh chun tascanna a chríochnú chun a sástachta féin, agus beidh moladh agus spreagadh uatha chun méineacha foghlama dearfacha ar nós buanseasamhacht agus fiontraíocht a fhorbairt. Is féidir le haosaigh freagairt do shárú leanaí agus iad ag iarraidh tascanna áirithe a chríochnú, trí iad a spreagadh agus a thacú.

Leanaí óga
De réir mar a théann leanaí chun cinn, éiríonn an idirghníomhaíocht le daoine eile níos diongbháilte i slite casta sofaisticiúla. Saothraíonn siad cumas idirdhealaithe idir chineáil éagsúla caidrimh trí idirghníomhaíocht le haosaigh éagsúla. Bíonn ról tábhachtach ag an idirghníomhaíocht seo i saothrú gné sóisialta agus gnéithe eile den fhorbairt.

Soláithríonn caidreamh lena léithéidí féin comhthéacs chun forbartha sóisialta, agus chun an chóir, malairt tuairime, réiteach aighnis, agus freagracht a thuiscint. Agus leanaí óga ag dul trí na tréimhsí déanacha den luath-óige, baineann siad leas as deiseanna chun cuideachta a dhéanamh lena leithéidí féin, ar bhonn leanúnach.

Saothraítear feasacht i leanaí óga maidir le difríochtaí, agus déanann siad a gcuid féin den bhfeasacht seo chomh fada is a ligeann a gcumas cognaíoch dóibh. Má bhíonn deis acu seal a chaitheamh le grúpaí ilghnéitheacha dá leithéidí féin, cuirfear bac le tuairimí agus meoin steiretípeacha. Is féidir le leanaí ceisteanna faoin ilghnéitheacht a scrúdú tríd an imirt. Le tacaíocht aosach, is féidir go dtarlóidh staideanna san imirt a chuirfidh le saothrú tuisceana leanaí óg ar mhí-réasantacht na heisiatachta, eagothromaíochta, agus an réamhchlaontachta.

Bíonn tacaíocht de dhíth ar leanaí óga freisin ina bhforbairt spioradálta trí dheiseanna iontais, urraime, agus léirthuisceana aeistéitiúla. Cuireann saol an dúlra mórchuid deiseanna ar fáil chuige seo.

Téama: Cumarsáid
Is féidir cumarsáid a shainmhíniú mar mhalartú smaoineamh, eolais nó mothúchán. Tá an cumas cumarsáide ag croílár na luathfhoglama agus na forbartha. Tá claonadh ó dhúchas chun cumarsáide i bhformhór na leanaí. Cuireann sé seo ar a gcumas caidreamh sóisialta le daoine eile a chur ar bun agus a choimeád, a smaointe agus a mothúcháin a chur in iúl agus a roinnt, agus an saol máguaird a shamhlú agus a thuiscint. Tá an chumarsáid ceangailte go dlúth le forbairt chognaíoch an linbh, agus cuireann sí léi chomh maith le cur leis an bhféiniúlacht agus an muintearas.

Tá mhórchuid modhanna ilghnéitheacha sa chumarsáid le heolas a roinnt agus a fháil. Ina measc tá modhanna neamhbhriathartha, réamhbhriathartha, briathartha agus siombalacha. Is léiriú iad na foirmeacha éagsúla cumarsáide ar na tréimhsí éagsúla forbartha le linn na luath-óige. Cé go mbaineann formhór na leanaí úsáid as na foirmeacha ar fad le linn dóibh scileanna cumarsáide cainte sofaisticiúla a shaothrú, bíonn cuid acu i dtuilleamaí foirmeacha seachas iad sin. Bíonn leanaí ann le moill cumarsáide nó cúrsaí éagsúla forbartha teanga, agus bíonn orthusan raon modh cumarsáide, idir mhodhanna d'aon ghnó agus modhanna neamhbhriathartha a úsáid, córais phictúrtha, shiombalacha, nó de láimh san áireamh. Pé córas a oireann, tá sé fiorthábhachtach go gcuirfear ar chumas na leanaí ar fad cumarsáid chomh éifeachtach agus is féidir leo a dhéanamh ón aois is luaithe. Glacann timpeallacht éascúil freagrach riachtanach ról tábhachtach i dtacú agus cothú na cumarsáide seo.

'Sí an teanga an modh cumarsáide is treise ag formhór na leanaí. Sa doiciméad seo, áirítear cumarsáid cainte, scríofa agus láimhe mar chumarsáid theangach. Is éard atá inti ná ábhar (nó stór agus brí focal), foirm (nó fuaim agus struchtúr abairtí), agus imeacht sóisialta teanga (nó pragmataic). Ar nós gach foirme cumarsáide, cuireann teanga modh ar fáil chun idirghníomhaithe le daoine eile, chun mothúcháin a chur in iúl, agus chun eispéireas a roinnt. Cuireann malairt cainte idir aosaigh agus leanaí ar chumas an linbh féinmhuinín agus éifeacht in úsáid teanga a fhorbairt.

Tá dhá phríomhfhachtóir i gceist agus foghlaim na cumarsáide ar siúl le linn na luath-óige: cumas na leanaí féin agus a dtimpeallacht. Ba cheart go mbeadh aidhm ag aosaigh an timpeallacht a eagrú ionas go spreagfar iarrachtaí cumarsáide an linbh. Déanfaidh leanaí aithris ar na haosaigh thart timpeall orthu, agus treiseóidh agus cumasóidh siadsan a gcumarsáid trí mhúnlaí cainte níos casta a léiriú, pé acu in aon teanga amháin nó a thuilleadh. Léiríonn taighde a dhein Wijhnroks (1998) an tionchar a bhíonn ag imoibriú luath tacúil ar an gcumas cognaíochta agus ar an bhfolláine. Tá nasc déanta idir iontaoibh as máithreacha le linn dushlán mothúchánach ag a sé go naoi mí agus scileanna cognaíocha agus teanga ag aois dhá bhliain (Robinson agus Acevedo, 2001). Is féidir go

mbeidh gá ag leanaí le moill nó deacrachtaí cumarsáide/teanga le idirghníomhaíochtaí atá dírithe go straitéiseach, chun eolas foclóra, comhréire, agus raon úsáid teanga a shaothrú.

Tá cumarsáid agus teanga idircheangailte le forbairt na litearthachta (léamh agus scríobh) d'fhormhór na leanaí. Tosnaíonn sé seo ag aois luath:

> Literacy is rooted in a general symbolising capacity that develops in the first year of life and this ability is so distinctive of human thinking and behaviour that it can be thought of as the distinguishing feature of human development
>
> (Whitehead, 1997, lch.160)

Tarraingíonn Curaclam na Bunscoile suntas ar rol lárnach na teanga labhartha agus cuireann sé béim ar chomhtháthú na teanga labhartha, na léitheireachta agus na scríbhnóireachta:

> The child's ability with oral language can be a determining factor in the speed and effectiveness with which (s)he makes progress in reading, just as reading will extend vocabulary and enhance control of sentence structure.
>
> (1999a, lch.2).

Aithníonn Wall freisin an tábhacht a bhaineann le saibhriú teanga labhartha an linbh agus cruthú timpeallachta ina samhlaítear meas agus taitneamh leis an litearthacht:

> Of the many types of home activities, which can foster language development, the quality of the verbal exchanges between parent and child are of paramount importance in creating a rich-language experience for the child. Additionally, children are more likely to develop positive attitudes towards reading and writing if they are immersed from a young age in a 'print-rich environment' where they have positive role models and where they regularly experience the enjoyment of written language and perceive its relevance and usefulness.
>
> (Wall, 1999, lch. 14).

Cuirtear tús le saothrú litearthachta leanaí sa saol máguaird, sna gnáthchomharthaí agus na gnáthshiombail laethúla, an cló sa timpeallacht agus ar nithe atá suntasach do leanaí mar phacáistíocht ar bhia agus ar bhréagáin. Is féidir go saothróidh taispeántais i suíonna luath-óige an feasacht chló seo. Má bhíonn leabhair scéalta le pictiuirí máguaird, agus deiseanna ag leanaí éisteacht le scéalta á n-insint nó á léamh, saothrófar a thuilleadh an litearthacht seo ag teacht chun solais. Tá an t-eispéireas seo tábhachtach freisin chun an stór focal a leathnú agus feasacht a mhéadú maidir le húsáid agus feidhmeanna éagsúla teanga. Cabhraíonn raidhse deiseanna chun scéalta a léamh agus a roinnt le leanaí a scéalta féin a chumadh agus scéalta aithinidiúla a athaithris. Bíonn bunús daingean chun feasacht fóineolaíochta a fhorbairt ag leanaí a bhíonn taithíoch ar rannta. Tá tábhacht le himirt, agus go háirithe le ról-imirt, imirt fhantaisíoch agus imirt shochdhrámata chun deiseanna luathlitearthachta agus luathuimhreachta a thabhairt do leanaí mar a athchoimrítear le níos mó sonraí i roinn a trí. Diaidh ar ndiaidh, saothraíonn siad scileanna scríbhnóireachta chaighdeánacha, trí iarrachtaí le marcanna a dhéanamh, agus le tacaíocht ó aosach nó ó leanbh níos sine. Is boinn thábhachtachta iad seo don léamh agus don scríobh. Nuair a roinntear an luatheispéireas leabhar le haosaigh ceanúla, samhlaítear le sábháilteacht mothúchánach agus le pléisiúr iad, agus cuidíonn siad seo le ciall féiniúlachta agus muintearais an linbh a chothú.

Maidir le teangacha, foghlaimíonn formhór na leanaí an Bhéarla sa bhaile, agus foghlaimíonn siad an Ghaeilge nuair a théann siad ar scoil. Foghlaimíonn leanaí eile an Ghaeilge ar dtús, agus an Béarla níos déanaí. Is féidir go bhfoghlaimíonn leanaí eile fós an dá theanga go comhuaineach, ag forbairt go dátheangach ag aois óg. Cónaíonn leanaí óga a labhrann an Ghaeilge mar chuid dá ngnáthamh laethúil sa Ghaeltacht, nó i dteaghlaigh a labhrann an Ghaeilge sa bhaile ar fud na tíre. Ciallaíonn an fás atá tagtha ar líon na leanaí atá ag freastal ar naíonraí, agus ar ranganna sóisearacha sna Gaelscoileanna go bhfuil líon níos mó leanaí ag fáil cuid mhaith dá luathfhoghlaim trí mheán na Gaeilge. Is féidir le haosaigh tacú leo an Ghaeilge nó an Béarla a fhoghlaim mar theanga breise, trí bheith ag caint faoi nithe agus eachtraí sa gharchomhthéacs, trí abairtí simplí a úsáid.

I measc na dteangacha eile a labhraítear inniu in Éirinn, tá Shelta de chuid luch taistil na hÉireann, agus teangach a tógadh chun na tíre ag teachtaithe nua mar theifigh, lucht iarrtha tearmainn agus daoine eile. Tá fáil ag leanaí a labhraíonn na teangacha seo ar oidhreachta shaibhir teanga, agus is féidir leo scileanna agus feasacht teanga a fhorbairt i dteangacha eile.

Tá buntáistí ag leanaí a bhíonn dátheangach ag aois óg; ina measc tá féinmheas, féinaitheantas dearfach, agus dearcadh dearfach i leith foghlaim teanga, solúbthacht chognaíoch, réiteach faidhbeannna méadaithe, agus feasacht mheititheangeolaíochta méadaithe (Siraj-Blatchford agus Clarke, 2000). Bíonn sé níos éasca teangacha eile a fhoghlaim dá bharr seo. Tugann na taighdeóirí seo faoi deara freisin go bhfuil sé tábhachtach go leanfaí den tacaíocht don teanga a labhraítear sa bhaile , nuair is dátheangachas seicheamhach atá i gceist (ag foghlaim na dara teanga níos déanaí, mar shampla, ar scoil), mar go bhfuil forbairt na dara teanga ag brath ar an tacaíocht seo.

Tá mianach ollmhór i leanaí atá bodhar, nó a bhfuil deacrachtaí éisteachtachta acu, chun iad féin a chur in iúl go héifeachtach agus chun dúshlán a shárú, leo féin nó le cabhair daoine eile. Má thagann leanbáin ar an saol le géar-easpa éisteachta, bainfidh siad úsáid as an chuid sin den inchinn a fheidhmíonn le teanga i leanbáin agus aosaigh le cumas éisteachta, chun cur leis an gcuid sin a úsáidtear go hiondúil le haghaidh radharc (Karmiloff-Smith, 1994). Admhaíonn Dockrell agus Mercer (1999) go bhfuil méadú ar an aithint go bhfuil gá ag leanaí bodhra agus leanaí le deacrachtaí éisteachta a scileanna agus a gcumas comharthaíochta agus urlabhra araon a fhorbairt. Caithfear aithint go mbíonn na leanaí seo ag brath ar fhoinsí eolais eile freisin, mar shampla, foinsí amhairc agus tadhlacha. Pé modhanna cumarsáide a fhorbraíonn leanaí, is ceart tacaíocht oiriúnach ó aosaigh oilte a sholáthar chomh luath agus is féidir.

Leanbáin

Tá formhór na leanbán ina dteagmhálaithe fonnmhara spreagtha. Agus iad ag idirghníomhú le daoine agus leanaí eile baineann siad úsáid as dreach aghaidhe, teagmháil súile, guthaíocht mar ghiolchaireacht agus plubaireacht, agus comharthaí láimhe mar dhíriú méire. Is bunús iad seo le haghaidh cumarsáide níos sofaisticiúla níos déanaí. Is féidir le haosaigh an chumarsáid shoch-thagartha a spreagadh trí chaint agus éisteacht, trí theagmháil súile a dhéanamh, agus trí dhreach aghaidhe agus comharthaí eile. Tá tábhacht le spraoíúlacht sna luathmhalairtí



cumarsáide seo, chun leanbáin a spreagadh agus chun go mbeadh an chumarsáid sultmhar agus taitneamhach. Cuireann sé comhthéacs ar fáil freisin, chun scileanna sóisialta mar sealaíocht a fhorbairt.

De réir mar a fhorbraíonn an córas cumarsáide, léiríonn luath-theanga na leanbán an 'anseo agus anois' maidir leis na daoine, an t-eispéireas agus na nithe is tábhachtaí i dtimpeallacht an leanbáin. Is féidir le haosaigh cur leis an timpeallacht seo a thuilleadh trí úsáid leabhar, pictiúirí, postaeirí, amhráin, agus naí-ranna. Tá tábhacht le timpeallacht mar seo chun chur le feasacht agus úsáid teanga na leanbán. Beidh feidhm bhreise ag na deiseanna seo i gcóras ar leith sóisialta agus cultúrtha a thionscnamh do na leanaí. Tá tábhacht lárnach leis an tionscnamh seo maidir le féiniúlacht agus muintearas a fhorbairt.

Cuireann foirmeacha eile cumarsáide agus friotal cruthaitheach, mar rince, ceol agus amhráin, radharcealaíona agus drámaíocht lúcháir mhór ar leanbáin freisin.

Mamailínigh
Bíonn luas mór le fairsingiú cumais cumarsáide mamailíneach de réir mar a éiríonn a gcumarsáid le daoine eile níos daingne. Cuireann forbairt a gcuid ábhar spéise agus eispéiris deiseanna ar fáil chun cumarsáid agus foghlaim trí theanga a dhéanamh.

Is féidir le haosaigh an tuiscint nua seo atá ag na mamailínigh ar fheidhmiú na teanga a úsáid chun iad a spreagadh chun ceisteanna, tuartha, moltaí, aithris agus freagairt a chleachtadh. Éiríonn go leor deiseanna chuige seo as comhrá faoi nithe agus eispéireas a bhfuil cur amach ag an leanbh orthu. Beidh ar chumas an aosaigh an comhrá a threorú chun gur féidir leis an leanbh cur leis thar a g(h)náthchumas, agus rialacha sóisialta na hidirghníomhaíochta á bhfoghlaim. Baineann mamailínigh leis leas as deiseanna chun éisteacht le scéalta, chun féachaint ar phictiúirí agus chun rannta agus amhráin a fhoghlaim. Is féidir le mamailínigh, chomh maith le leanbáin, foghlaim ó fhoirmeacha eile cumarsáide agus friotal cruthaitheach, agus sásamh a bhaint astu.

Leanaí óga
Bíonn úsáid teanga mar mhodh foghlama ag leanaí óga ag méadú in aghaidh na huaire. Léiríonn siad mian agus cumas méadaithe chun páirt a ghlacadh i gcomhrá lena léithéidí féin agus le haosaigh. Chomh maith leis seo, éiríonn siad níos inniúla madir lena gcuid macnamh agus a gcuid smaointe a léiriú go siombalach i bhfoirm pictiúirí, uimhreacha agus focail scríofa.

Tagann forbairt nádurtha ar chomhrá le leanaí óga chun go gcuimsítear machnamh agus teanga níos casta. Is féidir iad a spreagadh chun ceisteanna a chur, chun plé agus cur síos a dhéanamh, chun fáthanna a thabhairt agus chun scéalta faoi a n-eispéireas féin a aithris, nó athaithris a dhéanamh ar scéalta. Ba cheart go mbeadh taithí teanga na leanaí óg ag dul in éagsúlacht de réir a chéile agus bainfidh siad taitneamh as éisteacht le scéalta agus freagairt dóibh, as dánta, rannta, amhráin ghníomhaíochta, agus as imeartas focal. Beidh Gaeilge agus Bearla araon i gceist leis seo ar scoil. Bainfidh siad tairbhe freisin as timpeallacht a bhfuil raidhse cló inti agus as ghnéithe eile de chlár litearthachta ag teacht chun solais.

Má chloiseann leanaí óga an dara teanga á labhairt ag amanna rialta sothuartha i rith an lae, is féidir go rachaidh sé chun tairbhe dóibh. Is féidir am sneaice nó gníomhaíocht ar leith a rialú tríd an dara teanga i dtreo is go gcuirfidh leanaí lena dtuiscint agus lena dtáirgeadh den teanga ghaolmhar de réir a chéile. Is ceart leanaí óga a spreagadh freisin chun dul i ngleic le foirmeacha eile den chur in iúl, agus freagairt dóibh, mar shampla, ceol, rince, na radharcealaíona, agus an drámaíocht. Cuireann sé seo go mór le tuiscint agus ábaltacht na leanaí teanga lán de bhrí a chleachtadh. Foghlaimíonn siad freisin conas a gcuid smaointe, a gcuid mothuchán, agus a dtuiscint a chur in iúl i bhfoirm shiombalach. Tagann siad isteach ar dhinimic an chló trí líníocht, phéinteáil, agus marcanna scríofa a chleachtadh, rud a chabhraíonn leo agus an scríbhnóireacht á foghlaim acu níos déanaí. Cuireann an t-eispéireas seo go mór le haireachtáil agus le tuiscint na leanaí ar an saol agus ar a n-idirghníomhaíocht le daoine eile. Cabhraíonn sé seo peirspictíochtaí iomadúla agus leibhéal tuisceana níos airde a bhaint amach.

Téama: Taiscéaladh agus smaoineamh
Tá smaoineamh cognaíoch, cumarsáid, scileanna céadfacha-luaileacha, agus forbairt fhisiceach i gceist leis an taiscéaladh agus an smaoineamh, chun an timpeallacht a scrúdu agus a thuiscint. Bíonn iliomad deiseanna chun taiscéaladh gníomhach a dhéanamh, agus chun ciall a bhaint as an eispéireas seo i rith na luath-óige. Bíonn an éirim agus an tsamhlaíocht in úsáid ag leanaí chun machnamh comhchlaonta agus eisréimneach a dhéanamh. Feidhmíonn an luathchaidreamh a bhíonn idir leanaí agus na haosaigh is tábhachtaí ina saol mar bhunús sábháilte leis an taiscéaladh agus an smaoineamh seo. Nuair a airíonn an leanbh go bhfuil luathchaidreamh daingean agus/nó cóngaracht dlúth idir é/í féin agus pearsa (nó pearsain) an chaidrimh, airíonn sé/sí sábháilte, agus is féidir leis/léi 'iompar taiscéalach' a chleachtadh (Holmes, 1993,lch. 432).

Ag cur le hobair taighde a rinne Piaget agus daoine eile níos túisce, mhol Hutt (1979) go ndéanann leanaí taiscéaladh ar fheidhm nithe, agus nuair a bhíonn siad ar an eolas faoi chuid dá dtréithe, déanann siad spraoi féachaint cén úsáid is féidir leo féin a bhaint as na nithe sin. Soláthraíonn fiosracht an linbh, chomh maith lena c(h)umas dul sa tseans sa taiscéaladh, bunús daingean maidir le forbairt na cruthaitheachta. Is féidir go mbainfidh an leanbh feidhm as baill choirp mar mhéaranna, lámha, bhéal agus mar sin de chun nithe ar díol suime leo a mhothú, a thadhall agus a thaiscéaladh. Déantar an taiscéaladh seo tríd an imirt, agus baineann sé leis an bhféiniúlacht i mbéal forbartha. Baineann sé chomh maith le déanamh marcanna, a fheidhmíonn mar chomhartha ar é/í a bheith ann. Baineann an leanbh feidhm as bréagáin agus earraí eile, chomh maith leis na huirlisí marc a dhéanamh is comhghnáthaí ar nós críáin, chun an saol, agus an chiall a bhaineann sé/sí as an eispéireas a léiriú.

Fiú amháin ag aois mhí amháin, bíonn leanbáin gafa le smaoineamh agus nascanna a aithint, trína gcuid aireachtáil a eagrú agus a nascadh le heispéireas níos luaithe. Bíonn said gafa chomh maith le ciall a bhaint as fuaimeanna agus teanga. Cumasaíonn an chuimhne forbairt feasachta maidir le marthanaí rudaí, lena mbíonn a fhios ag an leanbh go leanann rud de bheith ann, fiú mura bhfuil radharc aige/aici air. Cuireann sé seo ar a gcumas samhail agus machnamh a dhéanamh ar rudaí, chomh maith le daoine, atá aithnidiúl ach gan a bheith infheicithe. Le himeacht ama, cumasaíonn an t-athrú chun an tsiombalachais leis an leanbh eispéireas a léiriú, agus le léirithe daoine eile a thuiscint. Cor cinniúnach sa mhodh machnaimh is ea é seo. Tá sé seo ar fad den chéad tábhacht leis an litearthacht agus an uimhirtheacht a theacht chun solais.

Tá fíorthábhacht leis an idirghníomhaíocht idir an leanbh mar fhoghlaimeoir, agus an foghlaimeoir níos forbartha nó an aosach, chomh maith leis an idirghníomhaíocht idir phiarfhoghlaimeoirí. Is leide é seo ar chineál sóisialta na foghlama agus ar an 'mbearna' a bhíonn ann do leanaí, idir an

méid is féidir leis/léi a bhaint amach dá stuaim féin, agus le cabhair daoine eile. Déanfar plé níos mó air seo i roinn a trí. Is cuid riachtanach an chumarsáid den idirghníomhaíocht le daoine eile agus cumasaíonn sí brí agus smaoineamh a roinnt agus a chiallú. Cumasaíonn teanga, idir theanga ó bhéal, scríofa, nó de láimh, an leanbh freisin, le coincheapanna agus smaointe a léiriú, a eagrú, agus a thaiscéaladh, chomh maith le ciall a bhaint as castacht a (h)eispéireas sa timpeallacht. Tá cur síos déanta ar an nasc idir teanga agus múnlú coincheap, atá lárnach san fhorbairt chognaíoch, mar 'shaghas urlabhra inmhéanach ...an comhrá a bhíonn againn linn féin inár gceann istigh' (Meek, 1991, lch.33). Cumasaíonn an chumarsáid freisin, roinnt an chultúir idir an foghlaimeoir óg agus an aosach, agus éascaíonn sé tuiscint an linbh ar ghnásanna agus ar chomhghnáis sóisialta.

De réir mar a fhorbraíonn an leanbh go fisiceach, bíonn níos mó deiseanna ann le taiscéaladh gníomhach a dhéanamh. Tríd an taiscéaladh seo, méadaíonn feasacht an linbh air/uirthi féin mar dhuine, scartha ó dhaoine eile, agus ag an am chéanna, tuigeann sé/sí na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí maidir le daoine eile. Cuireann na céadfaí agus an ghníomhaireacht ar chumas an linbh a thuiscint mar a fheidhmíonn nithe sa timpeallacht, dul i ngleic léi ar mhodh spraoiúil ceisteach, agus nascanna a thabhairt faoi deara. Cuireann sé sin le forbairt intleachtúil an linbh. Is gá do pháistí taithí a fháil ar shaoirse rogha tríd an imirt taiscéalach. Is bonn tábhachtach an taithí seo chun smacht inmheánach a fhorbairt, chomh maith le bheith ina fhoinse do chinnteoireacht.

Leanbáin

Agus leanbáin ag iarraidh ciall a bhaint as an saol, bíonn gabháil ilchéadfach luath acu leis an saol céanna: amharc, éisteacht, blaiseadh, tadhall, agus boladh. Soláthraíonn a luathcheangal leis an saol bunús daingean a chumasaíonn iad chun a bheith múiníneach sa taiscéaladh.

Téann leanaí i dtaithí ar idirdhealú idir fuaimeanna agus guthanna aithnidiúla agus coimhthíocha, agus ar fhreagairt agus iompar éagsúla ina leith. Is féidir go n-iompóidh leanbáin a gcinn i dtreo cainteora le guth aithnidiúil, mar shampla. Is féidir freisin, go scrúdóidh siad a scáil féin i scáileán agus go bhfreagróidh siad go sceitimíneach di. Cuireann siad eolas ar a lámha agus ar nithe eile trí iad a chur ina mbéal. Bíonn siad ag lorg bréagán a thiteann as a ngreim, agus athdhéanann siad gníomhartha a bhaineann gáire astu féin nó as daoine eile.

Cuirfidh an taiscéaladh fisiceach eispéireas ar fáil leis na dlithe a bhaineann le cúis agus toradh, dlithe atá simplí ach éifeachtach. Faigheann siad amach, mar shampla, má chraitear gligín, go ndéanfaidh sé gleo. Foghlaimíonn siad go dtarraingíonn gáire aire aosaigh, agus mbíonn miongháire mar fhreagairt ar mhiongháire. De réir a chéile tagann siad chun na fuaimeanna a ghabhann le gnáthaimh, mar am folctha, a aithint, agus freagairt dá réir.

Mamailínigh

Cuireann an fhorbairt fhisiceach deiseanna níos fearr ar fáil do mhamailínigh chun imeartha ina dtimpeallacht féin, trí aithris a dhéanamh, trí shamhlú, agus trí thaiscéaladh. Cuireann sí ar a gcumas caidreamh a dhéanamh lena leithéidí féin, i gcomhthéacs spraoiúil ach go háirithe. Téann sé chun tairbhe go mór do mhamailínigh bheith ag éisteacht lena chéile, trí thuiscintí agus tuairimí agus mothúcháin a roinnt, agus trí chur le machnamh a chéile thar an gnáthchumas. Is féidir, mar shampla, go dtiocfadh leanbh ar a bheith ábalta dreapadh in airde ar leaba agus bosca cairte á úsáid aige/aici. Tar éis faire agus aithris a dhéanamh ar a leithéid féin. Tá na hidirghníomhaíochtaí seo fíorthábhachtach chun cur le foghlaim leanaí in gach fearann forbartha.

Cuireann an cumas cognaíoch méadaithe atá ag na mamailínigh ar a gcumas caidreamh ar leibhéal níos casta a dhéanamh le daoine nach bhfuil chomh aithnidiúil sin, aosaigh agus leanaí eile ina measc. Spreagann an fhéiniúlacht méadaithe, agus an féinmhuinín a eascrann as luathchaidrimh le daoine eile, iad chun a gcuid taiscéaladh a leathnú amach. Cuireann sé seo ar a gcumas gabháil de chaidreamh sóisialta, go minic gan a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí a bheith i láthair.

Ligeann cumas cognaíoch na mamailíneach dóibh freisin, nascanna a aireachtáil agus nithe a chur i gcatagóirí. Léiríonn siad feasacht agus aireachtáil méadaithe. Toisc go leagann an aireachtáil seo boinn na tuairimí saoil a leanfaidh go deireadh a saol, tá sé tábhachtach go mbeadh deiseanna ag mamailínigh a bheith gafa le daoine eile ó ghrúpaí ilchineálacha sóisialta, grúpaí ó chúlraí éagsúla cultúrtha agus sóisialta ina measc, chomh maith le leanaí dá leithéid féin de chumais éagsúla. Tá ról tábhachtach ag aosaigh dearcadh dearfach ar an ilchineálachas a léiriú.

Is féidir go n-aireoidh mamailínigh sáraithe má chiorrófar a n-instinn taiscéalta ag an leibhéal forbartha, an easpa cumais nó ag srianta a chuireann a bhfeighlithe orthu. Diaidh ar ndiaidh, tosnaíonn leanaí iad féin a shamhlú in áit dhaoine eile, agus ar mhachnamh a dhéanamh ar a n-eispéireas. Dá bharr sin, cuireann siad lena gcumas fanacht go ndéantar freastal ar a riachtanais, agus glacadh leis an diúltú. Bíonn ar chumas mamailíneach freisin, a rogha féin a thaiscéaladh, agus col agus bá a chur in iúl.

Leanaí óga

Cumasaíonn forbairt fhisiceach an linbh óig é/í a leanúint de thaiscéaladh na timpeallachta, agus lena bhfiosracht nádúrtha a shásamh. Tosnaíonn sé/sí ag taiscéaladh, le teorannú cluichí, agus baineann sé/sí an-sásamh as cluichí le rialacha go minic. Gníomhaíochtaí eile ar féidir leis/léi taitneamh a bhaint astu is ea imirt tógála agus iniúchadh mar a fheidhmíonn rudaí. Méadaíonn ar chastacht na himeartha fisicí.

Mórthréith forbartha cognaíoch le leanaí trí agus ceithre bliana d'aois is ea teacht chun cinn atá déanta ag córais de léiriúchán shiombalach. Cumasaíonn sé seo an leanbh le comharthaí agus siombail mar chomharthaí láimhe, íomhánna agus focail chun nithe, gníomhartha, agus eachtraí a shamhlú. Baineann leanaí óga leas as raon deiseanna a bheith acu chun na cumais seo a fhorbairt, trí imirt, trí theanga agus trí ghníomhaíocht deartha. Leagann sé seo an bonn le haghaidh na litearthachta agus na huimhireachta atá ag teacht chun solais.

Bíonn gá ag leanaí óga freisin le deiseanna chun a smaoineamh cruthaitheach a fhorbairt, le go mbeidís in ann fadhbanna a réiteach, agus scileanna eile a fhorbairt cosúil le sortáil, macasamhail a aithint agus eagrú a fhorbairt. Cumasaíonn na scileanna seo iad leis an timpeallacht a thaiscéaladh i slite níos sofaisticiúla, agus ciall a bhaint as an eispéireas ar bhealach níos cruthaithí. Bíonn ról tábhachtach ag an aosach, leanaí a spreagadh chun ceisteanna a chur, chun turgnamh a dhéanamh le tuairimí, chun bacanna agus deacrachtaí a sháru, agus chun smaoineamh eisréimneach a dhéanamh chomh maith le smaoineamh comhchlaonta. Is féidir cabhrú le leanaí óga freisin chun méineacha eile, mar fhiosracht, neamh-chlaontacht, seasamhacht, dóchas agus fiontraíocht.

FÓCASCHEISTEANNA

Cé chomh úsáideach is atá sé, dar leat, an fhoghlaim a chur i láthair trí théamaí sa chreat? Cén fáth?

Ag cur cumais agus riachtanais agus riachtanais éagsúla leanaí san áireamh, an dóigh leat gur féidir le creat téamach tacú le gach leanbh i ngach réimse dá gcuid foghlama?

An molfá a mhalairt de théamaí?

Tá gach gné den luathfhoghlaim idircheangailte lena chéile: is ceart go mbeadh taithí ag leanaí ar raon leathan cothromaithe maidir le heispéireas foghlama ina bhfuil gach gné den bhforbairt ar chomh-thábhacht agus idir-cheangailte.

Figiúr 2.1: Nascanna trasna na treorach curaclaim

LEANBH

Treoir churaclaim don luath-óige a úsáidtear in Éirinn

Cruthaitheach
Teanga
Pearsanta
Sóisialta
Fisiceach
Mothúchánach
Morálta
Spioradálta
Cognaíoch

Forbairt

Creat don Luathfhoghlaim

Folláine
Féiniúlacht agus muintearas
Cumarsáid
Taiscéaladh agus smaoineamh

Curaclam na Bunscoile

- Teanga (Gaeilge, Béarla)
- Matamaitic
- Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE: stair, tíreolaíocht, eolaíocht)
- Oideachas ealaíon (amharcealaíona, ceol, drámaíocht)
- Corpoideachas
- Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS)
- Oideachas reiligiúnach*

*Dualgas na ngrúpaí eaglasta éagsúla

TÉAMAÍ MOLTA

1. Folláine
3. Cumarsáid
2. Féiniúlacht agus muintearas
4. Taiscéaladh agus smaoineamh

2.6 Nascanna trasna an churaclaim

Is é/í an leanbh féin an túsphointe don aosach i bpleanáil agus i dtacú fhoghlaim an linbh. Tá traidisiún fada tacaíochta leis an bhfoghlaim agus an fhorbairt seo sna réimsí cognaíocha, cruthaitheacha, mothúchánacha, teanga, morálta, pearsanta, fisiceacha, sóisialta, agus spriodálta. Leanfaidh an Creat don Luathfhoghlaim de thacaíocht a thabhairt sna réimsí seo ar fad, agus mar seo, cuirfidh sí le treoir agus cleachtais churaclaim atá ann faoi láthair. Moltar na ceithre téamaí, mar atá, folláine, féiniúlacht agus muintearas, cumarsáid, taiscéaladh agus smaoineamh chuige seo. Tá siad bunaithe ar an dtuiscint go bhfuil an luathfhoghlaim iomlán comhtháite. Déanann siad nasc nádúrtha cruinn leis na réimsí curaclaim den Churaclam Bunscoile (1999), a úsáidtear chun tacaíocht le foghlaim formhór leanaí agus iad ag dul chun cinn tríd an gcóras oideachais.

Tá an dul chun chinn sa luathfhoghlaim, mar a tacaítear leis ag an treoir curaclaim a fheidhmíonn sa tír seo, léirithe le grafach i bhFigiúr 2.1. Tugann sé seo achoimre ar chonas mar is féidir leis an gcreat teacht thar, agus cur le, obair curaclaim reatha, agus nascanna cruinn a sholáthar le tréimhsí níos déanaí i bhfoghlaim leanaí, go háirithe an chuid sin di atá á tacú ag Curaclam na Bunscoile. Téann na prionsabail atá mar bhonn leis an gcuraclam seo, mar shampla uathúlacht an linbh, cineál chomhtháite an churaclaim, an leanbh mar ghníomhaire feidhmiúil ina f(h)oghlaim féin, agus an tábhacht le coincheapú agus cur i láthair na foghlama iomlánaíoch, le húsáid téamaí agus ábhair, téann siad le go leor de na prionsabail a thagann chun solais sna ranna den doiciméad comhairliúcháin seo. Is bunphrionsabail iad seo ar conas mar is ceart tacaíocht leis an luathfhoghlaim. Tá leanúnachas agus dul ar aghaidh i rith na luath-óige bunúsach chun tacaíochta le leanaí chun foghlama de réir a fíormhianach

2.7 Conclúid

Díríonn an roinn seo ar an leanbh mar fhoghlaimeoir agus ar an méid a thugann sé/sí chun próiseas na foghlama. Molann sí cur chuige téamach chun an fhoghlaim a chur in alt a chéile sa chreat. Comhairlítear agus cuirtear síos ar cheithre théama, a áiríonn na fearainn forbartha ar fad go cuimsitheach. Léiríonn roinn a cúig níos mó sonraí den chreat, trí chur le gach téama le haidhmeanna samplacha, cuspóirí samplacha, eispéireas foghlama molta, agus eiseamláirí samplacha den fhoghlaim.

Bosca 2.1: An leanbh mar fhoghlaimeoir – bunphrionsabail ag teacht chun solais

- Is foghlaimeoir gníomhach an leanbh, ag baint ciall as an timpeallacht tríd na céadfaí, gluaiseacht agus teanga.
- Déanann an leanbh foghlaim i gcomhthéacs gaoltachtaí agus caidreamh atá lách tacaíoch agus a spreagann idirghníomhaíocht, taiscéaladh agus cumarsáid.
- Tá uathúlacht ag baint le gach leanbh, iad ag forbairt agus ag foghlaim ag rátaí éagsúla. Ba cheart don fhoghlaim a bheith lán de bhrí, agus ábharthach agus nascaithe le hábhair suime, le hábaltachtaí agus le heispéireas saol an linbh.
- Is ceart go bhforbródh gach leanbh féiníomhá dearfach agus ciall láidir féinmheasa.
- Tá impleachtaí dearfacha fadsaoil ag gabháil le dearcadh foghlama mar fhiosracht, fhiontraíocht, dianmhacnamh, acmhainneacht, chruthaitheacht, agus chothromaíocht a chothú.
- Tá gach gné den luathfhoghlaim idircheangailte lena chéile: is ceart go mbeadh taithí ag leanaí ar raon leathan cothromaithe maidir le heispéireas foghlama ina bhfuil gach gné den bhforbairt ar chomh-thábhacht agus idir-cheangailte.



Is comhthéacs cumhachtach don fhoghlaim é an spraoi.

Comhthéacsanna don fhoghlaim

3.1 Réamhrá le roinn a trí

3.2 An leanbh

3.3 An leanbh leis an duine fásta

3.4 Caidrimh éagsúla an linbh

3.5 Ag foghlaim trí spraoi

3.6 An dá chomhthéacs a nascadh – caidrimh agus spraoi

3.7 Timpeallacht na foghlama

3.8 Conclúid

3.1 Réamhrá le roinn a trí

Is próiseas leanúnach í an fhoghlaim, próiseas a tharlaíonn laistigh de na timpeallachtaí ar fad a bhaineann leis an bhfoghlaimeoir óg. I rith na luath-óige, foghlaimíonn leanaí trína gcéadfaí, agus trí chaidreamh gníomhach le daoine, le rudaí, le himeachtaí agus le heispéireas sna timpeallachtaí sin. Déanann an mhír seo iniúchadh ar chaidrimh agus ar spraoi, mar chomhthéacs don fhoghlaim agus léirítear an chaoi ar féidir leo tacaíocht a thabhairt do gach leanbh agus é nó í ag luathfhoghlaim. Tríd an iniúchadh sin, aithníonn an mhír lárnacht na teanga mar uirlis foghlama i gcaidrimh agus i spraoi araon. Léirítear inti freisin an chaoi ar féidir tacú leis an bhfoghlaim trí na ceithre théama don chreat, mar atá, folláine, féiniúlacht agus muintearas, cumarsáid agus taiscéaladh agus smaoineamh, trí chaidrimh agus spraoi.

CAIDRIMH MAR CHOMHTHÉACS DON FHOGHLAIM

3.2 An leanbh

Tá riachtanas bunúsach ag leanaí bheith i dteannta leanaí eile agus daoine fásta a bhfuil cion acu orthu i rith a luath-óige. Is trí na gcaidrimh sin is minice a shásaítear na bunriachtanais a bhaineann le bia, teas, cosaint agus comhluadar. Tá an claonadh sin i leith na teagmhála sóisialta lárnach i dtacaíocht agus spreagadh a thabhairt do leanaí mar fhoghlaimeoirí.

Is léir an tábhacht a bhaineann le caidrimh teochroíocha iontaobhacha sa luath-óige ó bhreith an linbh. Is féidir go leor daoine leanbh nuabheirthe a chur chun suaimhnis, ach ní fada go ndéanann sé/sí idirdhealú idir daoine agus gur fearr leis/léi na príomhchúramóirí. Mar a pléadh i roinn a dó, soláthraíonn caidrimh lena bhfreastalaítear ar riachtanais na bunóice ar bhealach leanúnach, cúramach agus measúil an bonn do fholláine an linbh, agus cuidíonn siad leis/léi céannacht agus féiniúlacht a fhorbairt, rud a chiallaíonn go mbíonn an fhoghlaim níos spraiúla, níos tairbhí agus níos fearr. Cuidíonn an choimhde a sholáthraíonn na caidrimh sin leis an leanbh féinmhuinín agus teanntás a fhorbairt agus é/í féin a iniúchadh agus a chur in iúl. Is fearr a bhíonn an leanbh freisin in ann déileáil le hathrú, rud a bhféadfadh frustrachas agus éiginnteacht a bheith ag baint leis go minic. Bíonn an leanbh féinmhuiníneach sin in ann an fód a sheasamh níos fearr agus é/í ag déileáil le cúinsí dúshlánacha, i rith na luath-óige, agus amach san óige agus mar dhuine fásta freisin.

Bíonn caidrimh eile tábhachtach freisin d'fhorbairt an linbh. Áirítear leo sin caidrimh le daoine fásta eile mar aon le leanaí comhaoise.Is tríd iad sin ar fad a tharlaíonn an luathfhoghlaim. Tacaíonn sé sin le dearcadh faoi leanaí a bheith mar 'ghníomhaithe sóisialta' sa phróiseas foghlama ós rud é go dtarlaíonn an fhoghlaim nuair a bhíonn

> …the child is interacting with people in his environment and in co-operation with peers.
>
> (Vygotsky, 1978).

Forbraíonn an foghlaimeoir óg tuiscint ar an domhan trí ghníomhaíochtaí agus trí bhrí a bhaint as a bhfeiceann sé/sí, as a gcloiseann sé/sí, as a leagann sé/sí lámh air, as a mblaiseann sé/sí agus as a mbolaíonn sé/sí. Tacaíonn na duine fásta leis/léi chun an bhrí sin a bhaint as eispéireas agus chun úsáid a bhaint as na bríonna sin chun hipitéisí a chur le chéile agus a thástáil agus chun teacht ar thuiscintí nua. Sa bhealach sin, tagann an tuiscint chun cinn agus forbraítear í trí ghníomhaíochtaí agus bríonna an linbh féin agus trína c(h)uid caidreamh agus páirtíochta le daoine fásta agus le leanaí eile.

> we have begun to think again of the child as a social being – one who plays and talks with others, learns through interactions with parents and teachers – …because we have come once more to appreciate that through social life, the child acquires a framework for integrating experience, and learning how to negotiate meaning… "Making sense" is a social process…
>
> (Bruner agus Haste, 1987, lch.1).

Is comhthéacs ríthábhachtach caidrimh mar sin don luathfhoghlaim. Baineann ciallachais shonracha leis sin don chaoi ar cóir do dhaoine fásta idirghníomhú le leanaí agus cuidiú leo agus iad ag foghlaim. Féachtar air sin i bhfomhír 3.6.

3.3 An leanbh leis an duine fásta

> Adults have the power to make a major difference to children's lives and their development by what they offer to children and by how they behave towards them…
>
> Lindon, 1993, lch. 75).

Cuimsíonn an ráiteas sin lárnacht an duine fhásta agus é/í ag déanamh éascaíochta d'fhoghlaim an linbh agus ag cur leis an bhfoghlaim sin.Déanann Farquhar (1995) an argóint nach ionann é a bheith ag féachaint ar leanaí agus iad ag fás aníos agus a bheith ag cur gníomhaíochtaí agus oibiachtaí ar fáil dóibh agus go bhfuiltear ag tacú leis an bhfoghlaim. Ní mór don duine fásta ról réamhghníomhach a imirt. Agus is é caighdeán a c(h)uid idirghníomhaíochta leis an leanbh sa ról sin a chinneann an tionchar iarbhír a bhíonn aige/aici ar an bhfoghlaim (Bowman, Donovan agus Burns, 2001).

Déanann Bruner (1978, 1996) cur síos ar an duine fásta a bheith mar 'scafall' d'fhoghlaim an linbh:

> As a teacher, you do not wait for readiness to happen; you foster or "scaffold" it by deepening the child's powers at the stage where you find him or her now.
>
> (Bruner, 1996, lch. 120).

Baineann an duine fásta an 'scafall' sin amach trí úsáid a bhaint as go leor straitéisí arna leagan amach i bhfomhír 3.6. De ghnáth is éard a bhíonn ann ná labhairt leis an leanbh agus plé a dhéanamh leis/léi i gcomhthéacsanna comhspéise agus taitnimh chun tacú leis/léi agus é/í ag forbairt idéanna nua, 'ag teacht' ar eolas nua, ag athrú a c(h)uid smaoinimh i bhfianaise an eolais nua sin (Clay agus Cazden, 1990), agus ag cur a c(h)uid smaoinimh in iúl. Cuidíonn caint agus plé den chineál sin leis/léi cur le forbairt an linbh ina c(h)éad teanga agus í a threisiú, rud atá ríthábhachtach d'fhorbairt an linbh i réimsí eile, go háirithe ó thaobh mothúchán agus cognaíochta de.

Cuireann an duine fásta an méid tacaíochta a éilíonn an leanbh ar fáil go cúramach agus méadaítear é nó laghdaítear é de réir mar a fhásann féinmhuinín agus gnóthachtáil an linbh. Dá bhrí sin, déantar an luathfhoghlaim a chumasú agus a shaibhriú trí pháirtíocht a bhíonn bunaithe ar an idirghníomhú a thuiscint mar theagasc (Bruner agus Bornstein, 1989; Wood, 1989). Bíonn ról ríthábhachtach ag an duine fásta sa chaidreamh teagaisc sin trí phleanáil a dhéanamh d'fhoghlaim an linbh, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar leibhéal idirghníomhaíochta an linbh leis an tasc, agus trí thacaíocht a sholáthar a chinntíonn an dúshlán is mó agus a fhágann go dtarlaíonn foghlaim nua (McGough, 2002). Tá an comhlántacht i gcroílár an chaidrimh sin, ina stiúrann an leanbh an

fhoghlaim uaireanta tríd an bhfoghlaim féintosaithe agus féintreoraithe, agus ina stiúrann an duine fásta uaireanta í trí ghníomhaíochtaí pleanáilte agus treoraithe. Ar an mbealach sin, bíonn an leanbh réamhghníomhach agus bainteach go gníomhach leis an bpróiseas foghlama le tacaíocht agus treoir ón duine fásta.

Aithníonn Laevers (1995) trí lárghné de chaighdeán na n-idirghníomhaíochtaí idir an duine fásta agus an leanbh. Déanann sé an argóint go bhfuil an fhéinriail ríthábhachtach, go gcothaíonn sí neamhspleáchas, féintionscantacht agus roghnú freagrach i leanaí trí mar shampla, saoirse chuí chun dul i mbun tástála, chun breithiúnais a thabhairt, chun gníomhaíochtaí a roghnú agus chun idéanna a chur in iúl. Tá nasc idir é sin agus cur chuige an duine fásta agus é/í ag déileáil le coinbhleacht, le rialacha agus le hiompar. Ar an dara dul síos, tá sé tábhachtach

freisin bheith tuisceanach do mhothúcháin an linbh, rud a chiallaíonn go mbíonn an duine fásta in ann riachtanais an linbh a thuiscint agus freastal orthu. Ar deireadh, tá spéis an duine fásta agus an chaoi a gcuireann sé/sí isteach ar fhoghlaim an linbh agus substaint na hidirghabhála sin ríthábhachtach. Molann Grolnick, Deci agus Ryan (1997) ina gcuid oibre ar thionchar na tuismitheoireachta ar leas síceolaíoch agus oideachasúil leanaí, trí dhiminsean chriticiúla den chaidreamh idir an tuismitheoir agus an leanbh atá cosúil le moladh Laevers. Deir siad go bhfuil an t-am a chaitheann tuismitheoirí/caomhnóirí lena gcuid leanaí, agus méid na croíúlachta agus na haire a bhíonn sna caidrimh tábhachtach. Bíonn tionchar ag mianta agus ionchais tuismitheoirí/caomhnóirí dá gcuid leanaí, agus caighdeán an iompair a leagann siad síos, ar fhoghlaim leanaí freisin.

Soláthraíonn Treoirlínte Curaclaim um Dhea-Chleachtas don Tionscadal Idirghabhála Réamhscoile Early Start (1998) léargas breise ar nádúr na n-idirghníomhaíochtaí a ba chóir a bheith idir tuismitheoirí agus a gcuid leanaí. Luann na treoirlínte go mbíonn na nithe seo a leanas de dhíth ar leanaí ina gcaidrimh:

- mothálacht a fháil ó dhaoine fásta
- tacaíocht a fháil ó dhaoine fásta chun cuidiú leo smaoineamh, roghanna a dhéanamh agus coinbhleacht a shárú ar bhealaí a oireann dá bhforbairt
- meascadh le daoine eile ar bhealach a mbaineann brí leis
- féinfhiúntas agus féintábhacht a bhraistint
- bheith ar a gcumas éagsúlacht a thuiscint, a cheiliúradh agus meas a bheith acu ar an éagsúlacht
- tacaíocht a fháil agus iad ag forbairt mothálachta i leith daoine eile.

Cuireann an duine fásta le luathfhoghlaim trí thuiscint mheasúil ar uathúlacht gach linbh. Trí úsáid a bhaint as an eolas sin, pleanálann sé/sí d'fhoghlaim reatha an linbh agus tacaíonn sé/sí léi agus pleanálann sé/sí don chéad chéim eile ar bhealach eolasach. Ciallaíonn sé sin go mbíonn an duine fásta ag machnamh go gníomhach, ag faire ar fhoghlaim an linbh i gcónaí agus ag iarraidh an fhoghlaim sin a thuiscint, ag déanamh measúnú ar a ról agus a g(h)níomhaíochtaí féin agus ag dul in oiriúint d'idirghníomhaíochtaí amach anseo chun na léargais sin a léiriú. Cuireann an próiseas machnaimh sin, a bhfuil cur síos déanta air i roinn a ceathair, ar chumas an duine fásta tacú go cuí le foghlaim gach linbh.

Tá rannpháirtíocht ghníomhach an duine fhásta i bhfoghlaim an linbh tábhachtach agus riachtanach do gach leanbh. Is amhlaidh a bhíonn go háirithe i gcás leanaí a bhfuil míchumais foghlama acu agus i gcás leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil. Is minic a éilíonn na leanaí sin cláir foghlama atá struchtúrtha agus pleanáilte ar bhealach níos airde ina mbraitheann an leibhéal struchtúir a sholáthraíonn an duine fásta ar leibhéal riachtanais an linbh (McGough, 2002). Bíonn na cláir sin níos éifeachtaí agus iad ag tabhairt aghaidhe ar riachtanais shonracha leanaí, mar aon le heispéireas a thabhairt dóibh a thacaíonn le gach réimse foghlama agus forbartha. Cé go bhféadfadh leibhéal struchtúir agus ionchuir an duine fásta a bheith suntasach, is é an cúinse is tábhachtaí ná cineál na n-idirghníomhaíochtaí a tharlaíonn idir an duine fásta agus an leanbh.

3.4 Caidrimh éagsúla an linbh

Baineann an cháipéis seo úsáid as an téarma 'duine fásta' chun tagairt do gach duine fásta a oibríonn le leanaí sa chéad sé bliana de shaolta na leanaí sin. Bíonn eispéireas agus eolas difriúil ag daoine fásta éagsúla, áfach, agus bíonn tionchar aige sin ar an gcaoi a dtacaíonn siad agus a gcuireann siad le foghlaim leanaí. Déanann na fomhíreanna seo a leanas idirdhealú idir caidreamh an linbh leis an gcleachtóir luath-óige, agus an caidreamh lena t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí. Agus iad á dhéanamh sin, leagann siad béim ar an gcaoi a n-imríonn na caidrimh sin ról tábhachtach agus comhlántach sa tacaíocht foghlama. Déantar iniúchadh freisin ar na sochair a bhaineann le caidrimh an linbh le leanaí eile.

An leanbh agus an cleachtóir luath-óige

Cuireann an cleachtóir luath-óige (duine a oibríonn le leanaí ar bhealach speisialaithe in imthosca lasmuigh den teaghlach) le ról tuismitheoirí/caomhnóirí i luathshaol leanaí. Bíonn tionchar suntasach uathúil agus fadmharthanach aige/aici ar eispéireas leanaí agus iad ina bhfoghlaimeoirí óga, agus dá réir sin, ar a seansanna sa saol. Bíonn oiliúint agus cáilíochtaí éagsúla ag cleachtóirí in Éirinn, rud a thugann tuiscint shuntasach dóibh ar a bhfoghlaimíonn leanaí agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad é sin. Bíonn tionchar ag an eolas sin ar an gcaoi a bpleanálann an cleachtóir d'fhoghlaim an linbh, ar an gcaoi a dtacaítear leis an bhfoghaim agus ar an gcaoi a gcuirtear leis an bhfoghlaim. Cuireann saineolas agus taithí an chleachtóra ar a c(h)umas tacaíocht agus comhairle a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí faoinar féidir leo a dhéanamh chun treisiú agus cur leis an bhfoghlaim a tharla in áit éigin eile. Tá sé tábhachtach freisin gur féidir le cleachtóirí leanúnachas a chinntiú idir an baile agus an timpeallacht luath-óige i dtéarmaí teanga i gcás leanaí atá ag foghlaim na Gaeilge mar chéad teanga, nó a d'fhéadfadh a bheith dátheangach go luath ina saol.

Bíonn ról tábhachtach ag an gcleachtóir i gcás leanaí a mbíonn deacrachtaí foghlama acu. De bharr saineolas agus taithí a bheith aige/aici, is minic gurb é/í an cleachtóir an chéad duine a fheiceann míchumas foghlama agus/nó moilleanna forbartha a d'fhéadfadh bheith ann. Mura dtugtar aghaidh orthu sin is féidir leo dul i bhfeidhm ar bhealach diúltach ar eispéireas an linbh mar fhoghlaimeoir agus ar a d(h)ul chun cinn ó thaobh na foghlama de. I gcomhar le tuismitheoirí/caomhnóirí, is féidir leis an gcleachtóir freisin rannpháirtíocht speisialtóirí gairmiúla cosúil le haltra, leanbhlia, síceolaí, múinteoirí speisialta nó teiripeoir a shocrú chun seirbhísí cuí a chur ar fáil don leanbh agus dá t(h)eaghlach. Déanann roinn a ceathair plé níos mine ar thacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

An leanbh agus a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí

Bíonn tionchar ollmhór ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar shaol a gcuid leanaí, agus go háirithe i rith na chéad mhíonna agus na luathbhlianta (Ball, 1994). Deir Curaclam na Bunscoile (1999a) gurb iad na tuismitheoirí/caomhnóirí príomhoideachasóirí a gcuid leanaí, agus go leagann siad síos an bonn do gach foghlaim. Tá difear cáilíochtúil idir a gcaidrimh lena gcuid leanaí agus na caidrimh a fhorbraíonn leanaí le daoine fásta eile. Bíonn tionchar cumhachtach ag an aire agus an aird a fhaigheann leanaí óna dtuismitheoirí/óna gcaomhnóirí, agus ag na samplaí a leagtar síos dóibh, ar fhoghlaimeoirí óga a dhéanamh astu.

De bhrí go mbíonn an fhoghlaim níos suntasaí agus go dtarlaíonn an fhoghlaim níos tapúla sna blianta luatha den saol, bíonn ról lárnach ag tuismitheoirí/caomhnóirí chun cuidiú le leanaí foghlaim agus forbairt i ngach réimse: fisiceach, mothúchánach, sóisialta, teanga, cognaíoch, morálta, spioradálta, agus mar sin de. Baineann siad é sin amach trína gcuid caidreamh, comhráite, gníomhaíochtaí agus gnáthamh le leanaí eile. Áirítear ina measc sin bheith ag éisteacht agus caint le leanaí faoina bhfuil ar siúl acu agus faoina n-eispéireas, bheith ag léamh, ag insint agus ag plé scéalta, ramás agus dánta, leanaí a thabhairt isteach i ngníomhaíochtaí an tsaoil cosúil leis an mbord a leagan agus siopadóireacht, agus bheith ag spraoi lena gcuid leanaí i raon gníomhaíochtaí. Áirítear i measc deiseanna tábhachtacha freisin tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith ag canadh, ag seinm ceoil agus ag freagairt ramás lena gcuid leanaí, agus ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den teach cosúil le siúlóidí agus turais, aird a gcuid leanaí a tharraingt ar chomharthaí, ar fhuaimeanna, ar uigeachtaí, ar fhoirgnimh, ar chrainn, ar bhláthanna, ar ainmhithe, ar fheithiclí, ar dhaoine agus ar thorainn sa timpeallacht. Ar an mbealach sin, tacaíonn tuismitheoirí/caomhnóirí le foghlaim a gcuid leanaí ar bhealach a mbaineann spraoi leis, atá tarraingteach agus a mbaineann brí leis do shaol na leanaí.

I bhfianaise an tionchair shuntasaigh is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí a imirt ar luathfhoghlaim a gcuid leanaí, tá sé ríthábhachtach go dtéann tuismitheoirí/caomhnóirí, feighlithe linbh agus cleachtóirí i mbun cumarsáide agus comhoibrithe lena chéile sa chás go bhfreastalaíonn leanaí ar thimpeallachtaí lasmuigh den teaghlach. Léiríonn taighde i gcásanna a spreagtar tuismitheoirí/caomhnóirí go gníomhach chun bheith páirteach i bhfoghlaim a gcuid leanaí i dtimpeallachtaí lasmuigh den teaghlach, go dtéann sé chun sochair do chách. Áirítear ar na sochair sin tuiscint níos fearr a bheith ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar eispéireas cuí luathfhoghlama, agus tionchair dhearfacha ar an bhforbairt chognaíoch agus shóisialta a fheabhsaíonn rath oideachasúil leanaí níos déanaí sa saol. Is amhlaidh a bhíonn go háirithe i gcás leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil nuair a bhaineann ardchaighdeán leis an soláthar luathfhoghlama (Ferri agus Saunders, 1991; Schweinhart agus Weikart, 1997; Leseman, 1998). Deir Hayes, O'Flaherty agus Kernan (1997) go gcuireann méid na cumarsáide idir tuismitheoirí/caomhnóirí, feighlithe linbh agus cleachtóirí tionchar ar chaighdeán na luathfhoghlama. Cuireann caidrimh a churthaíonn tacaíocht agus iontaoibh ar chumas tuismitheoirí/caomhnóirí, feighlithe linbh agus cleachtóirí eolas, léargais agus measúnuithe a roinnt lena chéile, rud atá tábhachtacht agus eispéireas foghlama á bpleanáil bunaithe ar spriocanna agus tosaíochtaí cuí. Is fearr a thugann an cur chuige sin tacaíocht agus spreagadh do leanaí.

I gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, is minic a bhíonn tacaíocht ó speisialtóirí eile cosúil le teiripeoirí de dhíth ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí, agus bíonn ról ríthábhachtach ag na speisialtóirí sin chun idirghníomhíochtaí éifeachtacha luatha a bhunú lena gcuid leanaí. Tá sé riachtanach go mbíonn eolas den chineál sin comhordaithe agus curtha i láthair do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ar bhealach a ghlacann riachtanais an teaghlaigh níos leithne san áireamh. Go minic, bíonn an

cleachtóir luath-óige lárnach sa phróiseas sin. Déantar an pháirtíocht idir tuismitheoirí/caomhnóirí, feighlithe linbh agus cleachtóirí agus daoine gairmiúla eile a chíoradh níos mine i roinn a ceathair.

An leanbh agus leanaí eile

Foghlaimíonn leanaí lena chéile agus óna chéile. Déanann siad spraoi agus labhraíonn siad le chéile faoina bhfeiceann siad, faoina gcloiseann siad, faoina mbíonn ar siúl acu, faoin gcaoi a mbraitheann siad agus faoina gceapann siad agus iad ag roinnt idéanna agus smaointe. Is féidir leis an roinnt eispéiris agus eolais sin dlús a chur faoi luathfhoghlaim an linbh agus cuidiú leis/léi tuiscint a fháil ar pheirspictíochtaí éagsúla agus 'teoiric intinne' a fhorbairt (Bruce, 1996), i.e. tuiscint ar an gcaoi a gceapann agus a mbraitheann daoine eile. Ar an mbealach sin, is féidir le hidirghníomhaíochtaí le leanaí comhaoise cuidiú go dearfach le tuiscint an linbh air/uirthi féin agus ar a t(h)uiscint ar dhaoine eile de réir mar a théann sé nó sí i gcionn ar na naisc, cosúlachtaí agus difríochtaí idir a s(h)aol féin agus saol daoine eile. Baineann tábhachtacht speisialta leis sin de réir mar a éiríonn daonra na hÉireann níos ilchultúrtha. Cuidíonn páirtíocht foghlama a bhunú le leanaí comhaoise leo féiniúlacht agus muintearas a bhunú, téama a moladh don Creat don Luathfhoghlaim. Cuidíonn sé sin le forbairt shóisialta leanaí agus iad ag idirghníomhú le daoine eile (Bee, 1992).

Ba chóir do dhaoine fásta, nuair is féidir, deiseanna a chruthú do leanaí idirghníomhú lena chéile agus foghlaim óna chéile. Ní mór do leanaí deiseanna a bheith acu chun spraoi agus labhairt lena chéile. Is féidir le hionchur tráthúil agus íogair ón duine fásta sna hidirghníomhíochtaí sin idir leanaí comhaoise cur leis an bhfoghlaim agus í a shaibhriú ar leibhéil chúi do gach leanbh.

AN SPRAOI MAR CHOMHTHÉACS DON FHOGHLAIM

Ag féachaint ar an luathfhoghlaim trí chaidrimh de, leagann an cháipéis seo béim ar an taobh sin den fhoghlaim atá idirghníomhach agus sóisialta. Meastar an spraoi a bheith riachtanach freisin agus is féidir leis tacú le gach gné d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an linbh. Féachann an mhír seo anois ar an gcaoi a mbaintear é sin amach.

3.5 Ag foghlaim trí spraoi

Deir Bruce gurb é an spraoi an 'cineál is airde foghlama sa luath-óige' (2001, lch. 128). Tá claonadh míthreorach ann an spraoi a léiriú mar mhalairt don obair, rud a thugann le fios gur rud neafaiseach é nach bhfuil dáiríre. Cur chuige níos fearr is ea féachaint ar an spraoi ar chontanam ó fíorspraoi go neamhspraoi (Moyles, 1994). Cuireann sé sin an spraoi i láthair mar phróiseas; 'cur chuige le haghaidh gnímh' (Bruner, 1977, lch. v). Mar phróiseas, is féidir linn anailís a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla spraoi a dhéanann leanaí, agus ar an gcaoi ar féidir leo, trí rannpháirtíocht daoine fásta, an fhoghlaim a éascú. Leagann an anailís sin béim ar thábhachtacht teanga chun éascaíocht a dhéanamh do spraoi leanaí, agus ar ról an spraoi chun tacú le forbairt agus úsáid teanga.

Tíopeolaíocht úsáideach chun anailís a dhéanamh ar éagsúlacht spraoi leanaí is ea an ceann sin a chuireann Hutt (1979) i láthair. (Féach Figiúr 3.1). Léiríonn an tíopeolaíocht sin na trí phríomhchineál spraoi:

- **eipistéimeach** – Tagraíonn sé sin do spraoi taiscéalaíoch ina láimhseálann leanaí rudaí agus ábhair agus ina mbailíonn siad eolas trína gcéadfaí. Fiosracht agus cunórtas nádúrtha leanaí is cúis leis an gcineál sin spraoi agus iad ag iarraidh rudaí a thuiscint. An t-eolas a fhaigheann siad óna gcuid taiscéalaíochta, bíonn sé mar bhonn do gach eolas agus tuiscint ina dhiaidh sin, rud a bhíonn ríthábhachtach agus iad ag déanamh hipitéise faoi idéanna, á bhforbairt agus á dtástáil agus ag réiteach fadhbanna. Soláthraíonn spraoi taiscéalaíoch cleachtadh d'aon ghnó freisin ar scileanna mínluaileacha agus oll-luaileacha.

- **spraiúil** – Tagraíonn sé seo do spraoi samhlaíoch, fantaisíoch agus sochdhramatúil leanaí ina n-úsáideann siad an teanga a bhíonn á forbairt acu chun dul ó bheith ag smaoineamh i dtéarmaí coincréiteacha go smaoineamh i dtéarmaí teibí. Léirítear é sin sna féidearthachtaí a chruthaíonn siad don todhchaí trí réamhradharcra ina mbíonn siad ag 'ligean orthu féin'. Déanann siad rólanna, imeachtaí, imthosca, agus féidearthachtaí a chleachtadh agus a athchleachtadh tríd an spraoi sin.

- **cluichí le rialacha** – Cruthaíonn leanaí a gcuid cluichí simplí féin lena mbaineann rialacha comhaontaithe. Le himeacht ama, glacann siad páirt i gcluichí níos gnásúla lena mbaineann rialacha 'seachtracha' cosúil le cluichí focal agus uimhreacha, cluichí meaitseála nó boird, agus cluichí níos 'fisiciúla' cosúil le scidilí, cleas na bacóide agus peil.

Tá an éagsúlacht spraoi sin tábhachtach chun tacú le gach gné den fhoghlaim agus den fhorbairt. Labhrann Lally (1991, lgh 72-74) faoi dheiseanna a thabhairt do leanaí 'taiscéaladh agus fionnachtain, tógáil, athdhéanamh agus comhdhlúthú, cur i láthair, cruthú, samhlú agus sóisialú.'Ach ní hé go dtarlaíonn spraoi a thacaíonn leis an bhfoghlaim sin as féin. Bíonn an duine fásta lárnach sa phróiseas sin ag leagan béime ar an nasc idir caidrimh agus spraoi mar phríomh-chomhthéacsanna don fhoghlaim.

Trí úsáid a bhaint as go leor litríochta (Bruner, 1977; Moyles, 1989 agus 1994; Pellegrini agus Boyd, 1993; Lindon, 1993 agus 2001; Bruce, 1996 agus 2001; Sayeed agus Guerin, 2000), déanann an cháipéis seo iniúchadh ar an bealaí éagsúla inar féidir le spraoi tacú leis an bhfoghlaim ar fud chontanam cumais an linbh. Bíonn an poitéinseal ag go leor fachtóirí srian a chur le spraoi ar bhealach a chuireann teorainn lena scóip maidir leis an bhfoghlaim a leathnú go leanaí áirithe. Is féidir le moilleanna agus míchumais forbartha mar aon le breoiteacht



Figiúr 3.1: Típeolaíocht spraoi ó Hutt (1979)

tionchar suntasach a imirt ar chumais leanaí spraoi agus ar na cineálacha spraoi is féidir leo a dhéanamh. Trí phleanáil chúramach, is féidir leis an duine fásta tionchar poitéinsiúil na bhfachtóirí sin a laghdú agus ar an gcaoi sin cur ar chumas an linbh sochar níos mó a bhaint as an spraoi, lena n-áirítear an taitneamh iontach sin a bhaineann go leor leanaí as a luathspraoi agus a chuireann siad in iúl. Tá an tacaíocht sin ón duine fásta ríthábhachtach freisin agus réimse níos mó spraoi a bheith á chur in iúl do leanaí chun a gcuid forbartha a chur chun cinn.
Cé go ndéanann na leathanaigh seo a leanas iniúchadh agus leathnú ar roinnt de na bealaí inar féidir leis an spraoi tacú leis an luathfhoghlaim, tá sé tábhacht cuimhneamh ar nádúr iomlánaíoch agus comhtháite na foghlama. Maidir le foghlaim agus forbairt i réimse amháin cosúil leis an réimse fisiceach, bíonn tionchar aige sin ar réimsí eile foghlama agus forbartha agus bíonn tionchar acu sin air. Leagtar béim air sin i roinn a dó.

Bosca 3.1: Ag foghlaim trí spraoi

Cuireann spraoi ar chumas leanaí
- samhlaíocht agus cruthaitheacht a fhorbairt
- cumas chun mothúcháin a bhainistiú a fhorbairt
- forbairt mar smaointeoirí
- forbairt go fisiciúil
- teanga a fhorbairt
- foghlaim conas siombailí a úsáid trí bhonn a leagan síos le bheith inniúil ar chórais éagsúla siombailí, lena n-áirítear córais litearthachta agus uimhríochta, a úsáid
- scileanna sóisialta a fhorbairt agus forbairt go morálta agus go spioradálta.

Forbraíonn leanaí samhlaíocht agus cruthaitheacht
Is éard is spraoi ann ná 'meicníocht fotha ar aghaidh chuig smaoineamh mhisniúil, chruthaitheach agus dhian mar dhuine fásta' (Bruce, 1999, lch. 40). Cuireann sé ar chumas leanaí oibriú ar leibhéal atá os cionn a gcumais reatha agus rólanna a ghlacadh, agus a bheith in imthosca, i dtimpeallachtaí agus i saol lasmuigh dá ngnáthshaol laethúil (Bruner, 1976; Vygotsky, 1976).

Soláthraíonn spraoi sochdhramatúil, fantaisíocht agus rólghlacadh go háirithe deiseanna do leanaí úsáid a bhaint as a n-eispéireas iarbhír saoil ar bhealaí cruthaitheacha agus samhlaíocha. Is féidir le leanaí feidhmiú gan srian agus a gcinniúint féin a mhúnlú, cé gur cinniúint shamhlaíoch atá ann. Mar shampla, cuireann spraoi ar chumas leanaí 'tiomáint' nó 'teach a thógáil' sula mbíonn ar a gcumas é sin a dhéanamh go fisiciúil nó go hintinneach. Cuireann sé ar a gcumas focail a chruthú óna samhlaíocht, ón mbrí a bhaineann siad as scéalta, as pictiúir, as cláir, agus as eachtraí agus na rudaí a thiteann amach sna domhain sin a bhainistiú agus a rialú. San áireamh air sin d'fhéadfadh leanbh a bheith ag caitheamh lóin leis an muc, leis an madra agus leis an gcat a dhiúltaigh cúnamh a thabhairt don Chearc Bheag Rua arbhar a fhás agus builín a bhácáil. San áireamh air freisin d'fhéadfadh leanaí a bheith ag labhairt agus ag spraoi le carachtair shamhlaíocha, bheith ag cinneadh smaointe, gníomhaíochtaí agus focail na gcarachtar sin, nó bheith ag dul isteach i ndomhan dineasár, prionsaí, banphrionsaí, coimhthígh ón spás, agus ainmhithe. I gcontrárthacht leis sin, d'fhéadfadh leanaí a bheith ina ndaoine fásta ina spraoi cruthaitheach agus samhlaíoch trí rólghlacadh mar chúntóirí siopa, pearsanra oifig an phoist, tiománaithe bus/traenach, iascairí agus mná, dochtúirí, popréaltaí, nó daoine a bhfuil cur amach maith acu orthu. D'fhéadfadh leanaí a gcumais cruthaíocha agus samhlaíocha, cumais a bhíonn i mbéal forbartha, a léiriú freisin trí 'spraoi ealaíon' cosúil le péintéireacht, líníocht, múnlú cré/taois, tógáil, agus gluaiseachtaí le ceoil. Cuidíonn an t-eispéireas sin le leanaí peirspictíocht nó 'teoiric intinne' a fhorbairt.

Tógann na róil agus na himthosca sin ar eispéireas na leanaí féin, ach léiríonn siad go minic léirmhíniú cruthaitheach agus samhlaíoch ar an eispéireas sin. Tagann an chruthaitheacht agus an tsamhlaíocht sin chun cinn agus leanaí in ann, níos mó agus níos mó, am caite agus todhchaí a chruthú agus a chur in iúl seachas am i láthair, agus ar an gcaoi sin, an spraoi a dhéanamh níos casta agus níos sofaisticiúla. Tarlóidh an cur in iúl sin trí ghníomhaíochtaí agus trí scripteanna (focail) (Meek, 1991).Mar shampla, d'fhéadfadh comhrá a bheith ag leanbh ar an 'bhfón', i.e. an bosca beag cairtchláir sin atá, anois, ina theileafón. D'fhéadfadh leanaí na béir bheaga a 'chothú', tógáil bloc arásán a athchruthú, nó scéal Cinderella a dhrámatú agus scéal shaol na ndeirfiúracha gránna a chumadh. Baineann leanaí úsáid as a n-eispéireas pearsanta agus iad ag forbairt na scripteanna a úsáideann iad agus iad ag spraoi, rud a leagann béim arís ar an gcaoi a dtacaíonn teanga le spraoi. De ghnáth léiríonn leanaí a mbíonn eispéireas saibhir teanga acu trí chomhráití, trí scéalta, trí ramáis, trí amhráin, trí dhánta agus mar sin d'éagsúlacht agus saibhreas mór teanga mar aon le hidéanna sna scripteanna a bhíonn acu. I gcásanna nach mbíonn an t-eispéireas liteartha sin ag leanaí chun leas a bhaint astu, ní mór don duine fásta spreagthaí a chur ar fáil don spraoi samhlaíoch agus cruthaitheach trí scéalta, plé, amhráin agus comhrá idir an duine fásta agus an leanbh faoi phictiúir, rudaí agus imeachtaí. Tá sé tábhachtach freisin tacaíocht a thabhairt do chruthaitheacht agus do shamhlaíocht leanaí chun iad a spreagadh le bheith ina smaointeoirí solúbtha agus samhlaíocha.

Foghlaimíonn leanaí conas déileáil le mothúcháin
Cuid lárnach den saol ó lá go lá is ea mothúcháin a bhainistiú. Fearacht fhorbairt na scileanna fisiceacha, smaoinimh agus teanga, bíonn tacaíocht agus cúnamh de dhíth ar leanaí agus iad ag foghlaim conas déileáil lena gcuid mothúchán. Baineann cáilíochtaí tábhachtacha teiripeacha le spraoi. Cuireann sé ar chumas leanaí éalú ó réalaíocht, dúshláin agus deacrachtaí a saolta, agus a gcinniúint féin a chruthú go samhlaíoch agus go dóchasach.
De réir mar a bhaineann leanaí leas a gcuid eispéireas, mothúchán agus smaointe féin chun an réamhradharcra spraoi sin a 'chruthú', is rud nádúrtha dóibh eispéireas a chur in iúl nó a athchruthú a d'fhéadfadh mearbhall a chur orthu, iad a chur trína chéile nó cur isteach go mór orthu. Is minic a mheasann siad an spraoi a bheith ina chomhthéacs níos éasca agus níos lú bagartha chun a gcuid domhainsmaointe a chur in iúl seachas trí phlé amháin. Cé nach gcuirfidh an spraoi as féin an ruaig ar mhothúcháin dheacra, cuideoidh sé le leanaí a gcuid mothúchán a bhainistiú agus tuiscint a fhorbairt ar mhothúcháin agus iompraíochtaí gaolmhara daoine eile. D'fhéadfadh go mbeadh treoir íogair ó dhuine fásta de dhíth ar leanaí a bhfuil deacrachtaí suntasacha foghlama acu chun cur ar a gcumas déileáil le mothúcháin, idir a gcuid mothúchán féin agus mhothúcháin leanaí eile, a thiocfadh chun cinn agus iad ag spraoi.

Forbraíonn leanaí mar smaointeoirí

> …children move from a state of almost complete helplessness to a stage where they are articulate, reasoning human beings, constructing many complex hypotheses about the way the world works.
>
> (Hall, 1987, lch. 73)

Foghlaimíonn leanaí faoin saol trí thaiscéaladh de shíor a dhéanamh ann agus air. Tugann an taiscéaladh sin faisnéis faoin gcaoi a n-oibríonn rudaí agus faoi naisc idir rudaí agus daoine. Trí chomhoibriú eolasach leis an leanbh, tacaíonn an duine fásta leis/léi agus é/í ag baint brí as an bhfaisnéis sin trí chaint agus plé, agus tríd an eolas sin a úsáid chun fadhbanna a réiteach, réasúnaíocht a dhéanamh agus infeiriú de réir

mar a chruthaíonn sé/sí 'teoiricí oibre' faoin saol. Tagann forbairt ar na teoiricí sin agus athraíonn siad de réir mar a chuirtear níos mó eolais trí eispéireas spraoi i bhfeidhm ar smaointe agus ar idéanna atá ann cheana féin, de réir mar a chuirtear leo nó de réir mar a athraítear ó bhonn iad fiú. Chuige sin ní mór smaoineamh an linbh a athrú chun dul in oiriúint d'fhaisnéis agus do pheirspictíochtaí nua. Braitheann leibhéal na tacaíocht sin ón duine fásta ar acmhainn an linbh féin i leith na tuisceana agus an léirmhíniúcháin, agus ar a c(h)umas chun taiscéaladh a dhéanamh ar an timpeallacht, agus éilíonn leanaí áirithe ionchur níos déine agus níos leanúnaí ón duine fásta ná mar a éilíonn leanaí eile.

Leagann fomhír 3.3 béim ar an tábhacht a bhaineann le caighdeán idirghníomhaíochtaí an duine fásta leis an leanbh. Tagann an tagairt sin do chaighdeán go mór le ról ríthábhachtach an duine fhásta maidir le tacú le smaoineamh an linbh trí spraoi, agus cuidiú leis/léi ord níos airde smaoinimh a bhaint amach (Vygotsky, 1978; Wells, 1987). Trí úsáid a bhaint as eispéireas dúshlánach agus spreagthacha spraoi cosúil le cruthanna/rudaí a shórtáil, ceapadáin a líonadh agus a fholmhú, túir arda sheasmhacha a thógáil, orduithe bia a chomhlíonadh i mbialann mar dhea, nó feithicil ghluaiseachta a dhearadh agus a thógáil chun 'ualaí' a bhogadh ó áit amháin go háit eile, spreagann an duine fásta an leanbh ar bhealach tláith chun smaoineamh ar idéanna agus chun iad a anailísiú, agus chun oibriú le daoine eile chun fadhbanna a réiteach (Moyles, 1989). Forbraíonn an leibhéal sin smaoinimh loighic, buanseasmhacht agus dianmhachnamh leanaí. Déanann Vygotsky an argóint seo a leanas:

> In play a child is always above his average age, above his daily behaviour; in play it is as though he were a head taller than himself.
>
> (1976, lch. 552)

Tugann dearcadh Vygotsky le fios go bhfuil smaoineamh an linbh níos sofaisticiúla agus níos casta agus é/í i mbun eispéireas spraoi. Moalnn Bruner (1976) go bhféadfadh sé sin a bheith mar thoradh ar spraoi a thugann níos mó saoirse chun iniúchadh a dhéanamh agus chun tástáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar imeachtaí iarbhír an tsaoil agus chun triail a bhaint astu gan eagla a bheith air/uirthi go ndéanfaidh sé/sí botún nó go náireofaí é/í. Is féidir leis na cúinsí 'sábháilte' sin an leanbh a spreagadh agus a chur ar a c(h)umas a c(h)uid gníomhaíochtaí agus straitéisí réitithe fadhbanna a eagrú chun leibhéil níos airde feidhmíochta a bhaint amach (Bruner, 1976).

Dá bhrí sin is meicníocht chomhtháthaithe thaitneamhach agus tharraingteach é an spraoi, arna shaibhriú agus arna thacú le leibhéal cuí ionchuir ón duine fásta, a chuireann ar chumas leanaí a gcuid smaoinimh agus foghlama a chur in ord agus a chomhordú. Tá an smaoineamh agus an fhoghlaim sin bunaithe ar an bhfaisnéis a bhíonn ar fáil do leanaí óna dtimpeallachtaí, agus ar a gcumas aonair agus i dteannta leibhéil éagsúla cúnaimh ó dhaoine fásta maidir leis an bhfaisnéis sin a phróiseál chun eolas nua a thógáil.

Déanann leanaí inniúlachtaí agus scileanna fisiceacha a fhorbairt, a chleachtadh agus a fheabhsú

Is am criticiúil é an luath-óige maidir le hinniúlachtaí agus scileanna fisiceacha a fhorbairt, a chleachtadh agus a fheabhsú.
I rith an am sin, bíonn tacaíocht agus deiseanna de dhíth ar gach leanbh chun raon scileanna mínluaileacha agus oll-luaileacha a forbairt, agus chun leibhéil níos airde luathlámhachta, comhordúcháin, sofaisticiúlachta agus rialaithe a fhorbairt i dtaca lena gcuid gluaiseachtaí. Is iad athdhéanamh agus dúshlán cuid de na straitéisí is éifeachtaí chun an fhorbairt sin a bhaint amach.
Glacann spraoi iompraíocht athdhéanaimh agus dhúshlánach san áireamh go nádúrtha ar bhealach taitneamhach, aithnidiúil agus spéisiúil. Tacaíonn spraoi athdhéanaimh agus cleachtaidh le leanaí ar fud speictream an chumais fhisicigh chun máistreacht agus inniúlacht a fhorbairt agus iad ag tuiscint go bhfuil scil áirithe máistrithe acu. Tá deiseanna luatha chun lámha a shíneadh amach, chun breith ar rudaí, chun rudaí a ardú agus a ligean dóibh titim, chun taiscéaladh trí ghluaiseacht agus trí na céadfaí, agus chun rudaí a bhrú ar aghaidh agus a tharraingt criticiúil maidir le matáin a úsáid agus a láidriú, agus maidir le gluaiseachtaí mínluaileacha agus oll-luaileacha a fhorbairt. Leagann siad sin síos na bonnchlocha do ghluaiseachtaí níos sofaisticiúla agus níos comhordaithe cosúil le siúil, dreapadh, léimneach, truslógacht, téadléimneach, rothaíocht, snámh agus mar sin de, gluaiseachtaí ar féidir cuidiú le leanaí iad a fhorbairt trí eispéireas spraoi freisin. San áireamh ar an eispéireas sin bheadh réamhradharcra spraoi lena mbeaineann bréagáin 'ar rotha' cosúil le tralaithe siopadóireachta, naíchóistí agus bara rotha a thugann ar leanaí iad a bhrú rompu agus iad ag siúl. San áireamh ar imthosca eile spraoi bheadh leanaí ag dreapadh ar fhrámaí, i dtolláin, agus ag téadléinmeach, ag iarraidh fanacht ar rudaí gan titim, agus scileanna liathróide a fhorbairt cosúil le caitheamh, breith, preabadh, buaileadh le maide, agus mar sin de. Cuireann siad deiseanna ar fáil freisin chun rudaí a ghearradh, chun úsáid a bhaint as scuaba péintéireachta, as fearais scríbhneoireachta, as bloic, as cluichí míreanna mearaí agus as dúcheisteanna, mar aon le cluichí ICT, agus spreagann siad sin ar fad comhordú maith lámh is súl. Tá straitéisí daoine fásta cosúil le múnlú, anailísiú taisc (an scil a bhriseadh ina comhpháirteanna), agus cumasú trí thacaíocht fhisiceach a sholáthar tábhachtach chun spreagadh agus treoir chuí a thabhairt do leanaí forbairt go fisiceach. Cé go mbeidh rannpháirtíocht éigin duine fásta de dhíth ar leanaí, baineann leanaí ag a bhfuil moilleanna/míchumais fhisiceacha sochar as tacaíocht fhócasaithe agus uaireanta dhian ó dhuine fásta. Go minic beidh ionchur níos dírí agus níos leanúnaí de dhíth ar a gcuid spraoi.

Forbraíonn leanaí teanga

Leagann roinn a dó béim ar an gcaoi a ndéanann leanaí dul chun cinn maidir le teanga a úsáid mar a bpríomhchineál cumarsáide. Cuireann teanga ar a gcumas foghlaim trí cheisteanna a chur, trí labhairt faoi idéanna, faoi imeachtaí, faoi dhaoine, agus faoi áiteanna, trí theoiricí a chur le chéile agus trí chuardach do fhreagraí, mar aon lena bhfuil foghlamtha acu a thaispeáint. Is comhthéacs iontach é spraoi a bhíonn saibhrithe ag duine fásta chun teanga a foghlaim, mar aon le foghlaim trí theanga.

Tugann spraoi deiseanna do leanaí an teanga a bhíonn á forbairt acu a úsáid ar chúiseanna éagsúla: chun a gcuid mothúchán, idéanna agus smaoinimh a chur in iúl. Sna laethanta agus sna míonna luatha den saol, is straitéis thábhachtach in imthosca spraoi í 'tuismitheoiris' (máthairis), ina ndéanann tuismitheoirí/caomhnóirí a dteanga a shimpliú agus a choigeartú chun dul in oiriúint do chumais smaoinimh agus chumarsáide an linbh. Mar shampla, is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí cumarsáide a dhéanamh ar bhealach spraíúil lena leanbh agus iad ag athrú a c(h)lúidín nó nuair a bhíonn an leanbh ag taiscéaladh a t(h)impeallachtaí. Déanann an luatheispéireas spraíúil teanga fuaimeanna agus tóin a chur in iúl agus a threisiú don leanbh atá le fáil i dteangacha agus canúintí faoi leith. Freisin, cuireann siad an cleachtadh a bhaineann le 'sealanna a ghlacadh' ar a súile do leanaí agus ar an gcaoi sin leagtar síos an bhonnsraith chriticiúil d'fhorbairt teanga.

De réir mar a fhorbraíonn leanaí, éiríonn cineálacha éagsúla spraoi tábhachtach chun tacaíocht bhreise a thabhairt dá sealbhú teanga, agus dá n-úsáid teanga mar bhealach chun foghlaim faoina dtimpeallachtaí. Mar shampla, le linn rólghlactha, sochdhrámaíochta agus fantaisíochta, baineann leanaí úsáid as a n-eispéireas teanga chun 'scripteanna' a chruthú dá gcuid spraoi. I rith spraoi tógála agus taiscéalaíochta, cuireann leanaí a gcuid idéanna agus 'fionnachtana' in iúl agus roinneann siad iad, agus léiríonn siad an chaoi a bhfuil a gcuid smaoinimh ag athrú de bharr eispéiris nua, rud a leagann béim ar an nasc casta atá idir teanga agus smaoineamh agus poitéinseal an spraoi chun tacú leis an dá cheann acu. Trí rannpháirtíocht sa spraoi agus/nó trí thacaíocht ó lasmuigh den réamhradharcra spraoi, is féidir leis an duine fásta cur le stór focal an linbh agus úsáid na teanga a mhúnlú. Bíonn sé sin an-tábhachtach i gcás leanaí a bhfuil moill nó míchumas teanga ag cur as dóibh, nó i gcás leanaí a bhfuil tacaíocht níos fócasaithe agus níos déine de dhíth orthu chun a dteanga a fhorbairt sa luath-óige. Tá sé ríthábhachtach freisin do leanaí nach í an Ghaeilge ná Béarla a gcéad teanga, sa chaoi is gur féidir leo inniúlacht agus muinín sa Ghaeilge agus/nó i mBéarla a chur in iúl. Cruthaíonn spraoi freisin deiseanna do leanaí gnáis chultúir na húsáide teanga a chleachtadh cosúil le fanacht ar a seal, teagmháil súl agus tón a úsáid chun mothúcháin a chur in iúl. Sna deiseanna sin bíonn leanaí ag úsáid agus ag leathnú na teanga a chuala siad agus a d'fhoghlaim siad ó úsáideoirí níos inniúla teanga ar bhealach gníomhach, feidhmiúil agus taitneamhach.

Is comhthéacs caoithiúil é an spraoi freisin chun taitneamh a bhaint as teanga. D'fhéadfadh leanaí a bheith ag cruthú focail neafaiseacha agus teanga neafaiseach nach dtuigeann ach an leanbh féin nó é/í féin i gcomhpháirt le leanaí nó daoine fásta eile. D'fhéadfadh leanaí a bheith ag baint trialach as patrúin ríme, scéalta ríme a úsáid agus a chruthú, tomhais agus rabhlóga a aithris, amhráin a rá, agus fuaiméifeachtaí a chumadh le haghaidh scéalta agus amhrán, mar aon le guthanna a chur orthu féin agus iad ag spraoi le puipéid agus i rith sochdhrámaíochta agus spraoi fantaisíochta. Úsáideann na gníomhaíochtaí sin gnátheispéireas laethúil teanga leanaí agus tógann siad orthu, agus ní mór do dhaoine fásta tacaíocht níos déine a thabhairt do leanaí áirithe agus iad ag spraoi le teanga.

Faoi mar a luadh, baineann an cháipéis seo úsáid as an téarma teanga chun tagairt a dhéanamh do chumarsáid ó bhéal, scríofa agus láimhe. I gcás leanaí atá bodhar nó a bhfuil lagú éisteachta acu, atá dall nó a bhfuil leathdhall acu, tá freagracht ar an duine fásta a chinntiú go dtacaíonn a gcuid spraoi le córais chuí chumarsáide a fhorbairt. Tá tábhacht ag baint leis sin go háirithe sa luath-

óige ós rud é go mbíonn 'tréimhsí íogaire ' i gceist le forbairt teanga.

Foghlaimíonn leanaí conas siombailí a úsáid
Bíonn formhór leanaí inniúil ar shiombailí a úsáid sa luath-óige. Léiríonn siombailí a úsáid agus a thuiscint go bhfuil siad ag tosú ag smaoineamh níos faide ar aghaidh ná an t-am i láthair, agus go bhfuil siad ag samhlú na todhchaí, faoi mar a léirítear i ról an spraoi chun leanaí a fhorbairt mar smaointeoirí. Tuigtear é sin mar smaoineamh athléiritheach.

I rith an tsaoil bíonn go leor siombailí le sárú ag leanaí, mar shampla, litearthacht agus uimhríocht. Cód atá i ngach ceann acu a gcaitheann leanaí iad a thuiscint chun úsáid a bhaint astu. Is beag eispéireas sa saol nach mbaineann gné éigin de na cóid sin leis. De bhrí gur athachtú eispéireas a saoil a bhíonn i spraoi leanaí, cuireann sé go leor deiseanna ar fáil dóibh chun úsáid a bhaint as na cóid i gcomhthéacsanna a mbaineann cuspóir agus brí leo agus atá spraíúil. Cruthaíonn spraoi imthosca a chuidíonn le scileanna agus straitéisí litearthachta leanaí a chothú agus a fhorbairt, rud atá tábhachtach, agus feidhmíonn sé mar eispéireas teanga trínar féidir leis an leanbh naisc a dhéanamh idir modhanna scríofa agus labhartha chun iad féin a chur in iúl (Roskos agus Christie, 2001).

Le blianta beaga anuas táthar ag déanamh athmhachnaimh ar an gcaoi a bhforbraíonn leanaí mar úsáideoirí siombailí. Tá an idé a bhain le 'bheith réidh' do litearthacht agus d'uimhríocht imithe agus tá an pheirspictíocht 'éiritheach' tagtha ina háit. Aithníonn an fócas nua sin litearthacht agus uimhríocht mar phríomhghnéithe d'eispéireas luath spraoi, agus an tábhacht a bhaineann leis an t-eispéireas sin chun an t-eolas agus na cleachtais a dhaingniú sa dá chóras do leanaí. I measc samplaí den luathspraoi sin bíonn leanaí ag ligean orthu féin go bhfuil siad ag léamh, ag scríobh oideas agus litreacha mar dhea trí mharcanna, scrábáil, agus patrúin, ag ríomh costas ítimí i siopa bréagach, an tomhas cé chomh hard a chaithfidh an droichead a bheith le go mbeadh gluaisteáin bhréagáin in ann taisteal thar an bpoll gainimh, agus ag ríomh cé mhéad mála cothaithe ainmhí a bheidh de dhíth ar an bhfeirmeoir chun na ba a chothú i rith an gheimhridh. Tacaíonn eispéireas sóisialta freisin cosúil le scéalta a bheith á léamh dóibh, scéalta a aithris, ramáis a roinnt, agus amhráin le forbairt leanaí mar úsáideoirí siombailí. Cuidíonn eispéireas spraoi cosúil leo seo leis an bpróiseas smaoinimh a bhíonn de dhíth ar leanaí tráth níos déanaí agus iad ag léamh, ag scríobh (Roskos agus Christie, 2001) agus ag gabháil do mhatamaitic a fhorbairt.

Fearacht smaoinimh agus teanga, ní thacaíonn spraoi go huathoibríoch le litearthacht agus uimhríocht éiritheach leanaí ná ní chothaíonn sé iad. Tá freagracht ar an duine fásta an t-eispéireas spraoi sin a spreagadh agus a fheabhsú trí phlé, trí mholtaí agus trí fhadhbanna a réiteach. Is féidir leis/léi freisin a chinntiú go cuirtear ábhair tharraingteachta spraoi litearthachta agus uimhríochta ar fáil, cosúil le leabhair, pictiúir, cluichí míreanna mearaí, puzail mheaitseála, raon uirlisí scríbhneoireachta, páipéir, postaeir, amhráin, airgead bréagach, comharthaí do shiopaí, comharthaí bóthair, téipeanna tomhais, teirmiméadair, meáscálaí, cloig, agus mar sin de. Maidir le leanaí a mbíonn eispéireas saibhir litearthachta agus uimhríochta acu, tabharfaidh siad an t-eispéireas sin isteach ina gcuid spraoi, cuirfidh siad leo agus déanfaidh siad oiriúnú orthu. Ach faoi mar a bhíonn fíor i gcónaí, ní mór fios a bheith ag an duine fásta go mbeidh tacaíocht níos dírí agus níos struchtúraí de dhíth ar leanaí áirithe chun an spraoi sin a fhorbairt. Is amhlaidh a bhíonn go háirithe i gcás leanaí nach bhfuil ach líon bheag eispéiris 'nádúrtha' litearthachta agus uimhríochta acu ina ngnáthshaol ó lá go lá, agus i gcás leanaí a bhfuil míchumais agus/nó moilleanna forbartha áirithe acu a chuireann isteach ar an úsáid agus ar an tuiscint a bhaineann siad as litearthacht agus/nó as uimhríocht.

Tá an spraoi, dá bhrí sin, lárnach i bhforbairt leanaí mar úsáideoirí siombailí. Tugann sé deis dóibh an tábhacht a bhaineann leis na córais siombailí a bhlaiseadh agus a chleachtadh, ach rud is tábhachtaí ná sin, tugann sé deis dóibh inniúlacht luath a bheith acu agus a fhorbairt chun iad a úsáid. Tá an taitneamh sin a bhaineann siad as agus an tuiscint a bhíonn acu go bhfuil rud éigin bainte amach acu ríthábhachtach chun an bonn a leagan síos don fhoghlaim i litearthacht agus in uimhríocht tráth níos déanaí.

Forbraíonn leanaí go sóisialta, go morálta agus go spioradáltas
Léiríonn spraoi leanaí a saol teaghlaigh, agus an pobal agus an tsochaí ina gcónaíonn siad. Cuidíonn an spraoi leo ansin foghlaim faoina mbíonn inghlactha go sóisialta agus go morálta. Cuidíonn an fhoghlaim sin le leanaí idirghníomhú le daoine eile ar bhealaí a oireann dá gcultúr agus dá sochaí. Cuireann spraoi an spioradáltacht ar a súile do leanaí agus cuidíonn sé leo a spioradáltacht a fhorbairt freisin. Is féidir é sin a fheiceáil in imthosca spraoi cosúil le bheith ag féachaint ar éin bheaga agus iad ag ithe gabhróga, nó na duilleoga agus iad ag guairneán go tapa sa ghaoth agus ag foghlaim fúthu sin, ag scrúdú créatúirí beaga sa talamh, agus ag piocadh bláthanna, mar aon le caidrimh ghrámhara agus ceanúla le daoine eile ó lá go lá. Is féidir leis na gníomhaíochtaí agus leis na comhthéacsanna sóisialta sin cuidiú le meas agus ómós a chothú iontu do rudaí atá beo agus grá, cion agus muinín in idirghníomhaíochtaí a chothú iontu.

I rith an tsaoil bíonn go leor siombailí le sárú ag leanaí, mar shampla, litearthacht agus uimhríocht. Cód atá i ngach ceann acu a gcaitheann leanaí iad a thuiscint chun úsáid a bhaint astu. Is beag eispéireas sa saol nach mbaineann gné éigin de na cóid sin leis. De bhrí gur athachtú eispéireas a saoil a bhíonn i spraoi leanaí, cuireann sé go leor deiseanna ar fáil dóibh chun úsáid a bhaint as na cóid i gcomhthéacsanna a mbaineann cuspóir agus brí leo agus atá spraíúil.

Dála fhorbairt samhlaíocha agus chruthaitheach leanaí, tá 'teoiric intinne' lárnach ina sóisialú agus ina bhforbairt mhorálta agus spioradálta. Cuidíonn an spraoi le leanaí a aithint agus a thuiscint go bhféadfadh daoine eile smaoineamh ar bhealach difriúil leo féin agus gur minic a bhíonn sé sin i gceist. Is féidir an tuiscint sin ar pheirspictíochtaí a éascú go mór trí spraoi ina ndéanann leanaí idéanna, moltaí, agus cur síos ar an imthoisc nó ar an duine céanna a chur i láthair agus éisteacht leo, rud a léiríonn an bhrí phearsanta a bhaineann daoine as rudaí. Ach na difríochtaí sin a chloisteáil, cuirtear ar a súile do leanaí go bhfuil peirspictíochtaí éagsúla ann. Tá sé tábhachtach freisin go léiríonn timpeallacht an spraoi, ábhair na timpeallachta sin, agus na hearraí spraoi cultúir dhifriúla, sa tslí is gur féidir le leanaí fás agus forbairt i dtimpeallacht a chuireann an éagsúlacht i láthair mar chuid nádúrtha agus riachtanach den saol, faoi mar a phléifear níos déanaí i bhfomhír 3.7. Bíonn ról an-lárnach ag an duine fásta, ina (h)idirghníomhaíochtaí leis na leanaí, maidir leis an éagsúlacht a threisiú mar thréith dhearfach den ghnáthshaol.

Tugann an dinimiceas agus an t-idirghníomhú idir na feidhmeanna éagsúla spraoi le chéile chun brí, cuspóir agus taitneamh pearsanta a thabhairt don spraoi do leanaí. Is féidir 'spraoi saorshreafa' (Bruce, 1991, 1996) a thabhairt ar an gcineál sin spraoi ina mbíonn leanaí ag baint lántaitnimh as a gcuid idéanna, mothúchán agus gaolmhaireachtaí. Cuireann an spraoi sin leanaí i mbun na foghlama ag leibhéal domhain ina léiríonn agus ina n-úsáideann siad na scileanna agus na hinniúlachtaí a d'fhoghlaim siad roimhe sin chun foghlaim nua a dhéanamh. Is é an príomhsprioc chun tacaíocht a thabhairt do leanaí mar fhoghlaimeoirí ógá ná iad a bheith i mbun na foghlama ag an leibhéal domhain sin.

3.6 An dá chomhthéacs a nascadh – caidrimh agus spraoi

Is bealach nádúrtha agus taitneamhach é an spraoi do leanaí foghlaim, ach faoi mar a léiríonn an mhír seo, ní go huathoibríoch a tharlaíonn an fhoghlaim sin.

> ...play cannot be left to just natural development. If it is, children do not learn to play well...
>
> (Bruce, 1996, lch. 3).

Tá rannpháirtíocht thráthúil ó dhaoine fásta tábhachtach do gach leanbh, agus faoi mar a leagann an cháipéis seo béim air go leanúnach, beidh rannpháirtíocht níos fócasaithe agus níos seasmhaí de dhíth ar leanaí áirithe thar leanaí eile. Den chuid is mó, glacann leanaí leis an gcineál sin rannpháirtíochta agus is minic a lorgóidh siad an rannpháirtíocht sin. Is féidir leis an rannpháirtíocht sin deiseanna a chruthú chun tuiscint an fhócais roinnte a bhaint as an spraoi, rud atá tábhachtach chun an luathfhoghlaim a chur chun cinn (Rogoff, 1990).

Caidreamh an duine fhásta le leanaí agus iad i mbun spraoi

Déanann Heaslip (1994) cur síos ar ról an duine fhásta i spraoi leanaí mar rud atá réamhghníomhach. Is féidir leis an spraoi stálú, gan amhras, de réir mar a athchleachtann leanaí imthosca agus gníomhaíochtaí gan aon fhorbairt ar a gcuid spraoi (cé gur straitéis thábhachtach agus bhailí é an t-athchleachtadh do leanaí, faoi mar a chonaiceamar roimhe seo). Tá ról ag an duine fásta i dtreorú agus i saibhriú na foghlama trína chinntiú go mbíonn eispéireas spraoi leanaí dúshlánach agus go léiríonn siad forbairt agus fás sofaisticiúlachta, agus ag an am céanna go mbíonn taitneamh á bhaint astu agus cuspóir ag baint leo i gcónaí, ag léiriú céim chuí ina gcuid forbartha agus foghlama.

Straitéisí don duine fásta

Maidir le rannpháirtíocht an duine fásta i spraoi an linbh, athraíonn an rannpháirtíocht sin ón duine fásta a bheith ina b(h)ainisteoir, ina c(h)umasóir/t(h)reoraí agus ina (h)imreoir. Agus na róil sin á gcomhlíonadh aige/aici, baineann sé/sí úsáid as roinnt straitéisí. Tá rud éigin i gcoitinne ag na straitéisí sin ar fad, is é sin an idé go mbíonn an duine fásta mar 'scafall' leis an bhfoghlaim (féach fomhír 3.3) ag cur dúshlán san fhoghlaim agus ag cinntiú gur féidir le gach leanbh an fhoghlaim a bhaint amach.

Ag Múnlú

Is rannpháirtí gníomhach é/í an duine fásta i spraoi na leanaí agus ina gcuid plé. D'fhéadfadh go mbeadh sé/sí ag múnlú an chaoi a bhféadfaí ról a achtú, an chaoi a bhféadfaí rud a ionramháil nó a úsáid, nó focail/abairtí nua a thabhairt isteach i gcomhthéacs a mbaineann brí leis. Is féidir leis an straitéis sin a bheith an-úsáideach agus iarracht á déanamh tacaíocht a thabhairt do leanbh ciúin/cúthail nach bhfuil sé de mhuinín aige/aici bheith páirteach i spraoi cosúil le rólghlacadh nó sochdhrámaíocht, do leanbh a bhfuil drogall air/uirthi iniúchadh a dhéanamh ar rud/ábhar nach bhfuil cur amach aige/aici air. Is féidir leis a bheith éifeachtúil freisin chun cuidiú le leanbh atá faoi mhíchumas foghlama, mar go spreagann an duine fásta an leanbh chun aithris a dhéanamh ar ghluaiseacht nó ar ghníomh, nó chun focal nó abairt a athrá. Trí mhúnlú, is féidir leis an duine fásta an leanbh a spreagadh chun dul isteach san imthoisc plé ar leibhéal a bhfuil sé/sí compordach leis agus a thaitníonn leis/léi.

Ag éascaíocht

Cuireann an duine fásta ábhair agus fearais ar fáil, tugann sé/sí leideanna, nodanna, moltaí agus mar sin de gan ceannas a fháil ar spraoi an linbh ná ról fulangach a bhrú orthu. Tarlaíonn éascaíocht agus spreagadh spraoi freisin trí úsáid dhearfach agus fhócasaithe a bhaint as comhrá. Ach idéanna na leanaí féin a úsáid mar thúsphointe, cuireann an duine fásta moltaí agus malairtí ar fáil chun a gcuid spraoi agus teanga a fhorbairt agus a leathnú. Is féidir leis/léi focail/abairtí nua a sholáthar, ar féidir leo treo nó diminsean nua a thabhairt don spraoi. Osclaíonn an bonn níos saibhre sin deiseanna nua spraoi agus teanga do na leanaí agus níos mó foghlama dá mbarr.

Ag cumasú

Ní thagann an spraoi, go háirithe le leanaí comhaoise, go nádúrtha chuig gach leanbh. Is féidir le leanaí áirithe a bheith éiginnte faoin imthoisc spraoi, mar shampla, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith acu rudaí nó ábhair a scrúdú nó a ionramháil, smaointe agus idéanna a chur in iúl nó dul isteach i rólanna. Glacann duine fásta grinn agus íogair ról an chumasóra chun cuidiú leis na leanaí sin agus iad ag spraoi le leanaí eile, agus leanaí comhaoise a bheith ag féachaint orthu agus ag glacadh leo mar imreoirí a bhfuil a gcion á dhéanamh acu.D'fhéadfadh go mbeadh ar an duine fásta bheith ina (h)imreoir é/í féin agus fanacht leis an leanbh ar feadh tréimhse ama, agus ar deireadh a rannpháirtíocht féin a laghdú de réir a chéile de réir mar a mhéadaíonn muinín agus cumas an linbh cur leis an spraoi. D'fhéadfadh go mbeadh an leanbh i mbun tasc-anailísiú, ina roinneann sé/sí an ghníomhaíocht spraoi ina céimeanna simplí discréideacha don leanbh. Ar an láimh eile, d'fhéadfadh go mbeadh ar an duine fásta dul ar ais chuig eispéireas spraoi a bhí ag an leanbh roimhe sin chun muinín an linbh a láidriú agus chun nasc coincréideach a dhéanamh leis an eispéireas nua spraoi. Mar shampla, má tá deacrachtaí ag leanbh le gníomh na léimneachta, d'fhéadfadh an duine fásta é/í a spreagadh chun preabadh ar thrampailín chun an mothú a bhaineann le bheith ag léimneach a bhlaiseadh agus chun máistreacht a fháil ar na gluaiseachtaí a bhíonn de dhíth.

Ag spraoi

Bíonn an duine fásta, ar iarratas ón leanbh, ina rannpháirtí gníomhach i spraoi an linbh. Sa ról sin, d'fhéadfadh sé/sí gníomhaíochtaí/gluaiseachtaí nua a mhúnlú, idéanna/carachtair nua a thabhairt isteach, ceisteanna a chur, nó treonna nua a mholadh chun tabhairt ar an leanbh dul sa seans, bheith guaisbheartach agus fiosrach, agus a c(h)uid idéanna agus smaoinimh a chomhdhlúthú ina c(h)uid foghlama. Is féidir leis an urlabhairt sin a éileamh ar leanaí smaoineamh ar a gcuid gníomhaíochtaí agus idéanna, a bheith soiléir fúthu, a gcuid smaointe a chur in ord, agus a bheith anailíseach, rud a thabharfaidh níos cóngaraí iad do smaoineamh ag ord níos airde, áit a d'fhéadfadh an fhoghlaim a bheith domhain. Is féidir le caint agus plé a thosú, a spreagadh agus a leathnú ar an mbealach sin a bheith an-úsáideach chun foghlaim leanaí a leathnú. Is straitéis an-éifeachtach é a bheith rannpháirteach go díreach i spraoi leanaí mar imreoir i gcás leanaí a bhfuil a n-acmhainn spraoi faoi thionchar ag moill forbartha/míchumas nó breoiteacht. Sa chás sin, is páirtí tábhachtach é/í an duine fásta i spraoi an linbh, tógann sé/sí muinín an linbh agus baineann sé/sí leas as léargais ar fhoghlaim an linbh, díríonn sé/sí ar na hamanna criticiúla foghlama sa spraoi.

Ag breathnú agus ag éisteacht

Ní hé/hí an leanbh an t-aon fhoghlaimeoir san imthoisc spraoi. Is foghlaimeoir é/í an duine fásta freisin. Bíonn sé/sí ag breathnú ar spraoi leanaí agus ag éisteacht lena scripteanna agus lena gcainteanna spraoi. Cuidíonn na straitéisí sin leis an duine fásta an spraoi a thuiscint – a chomhthéacs, a 'scéal', smaoineamh agus idéanna na leanaí, a gcumas agus raon teanga, mar aon lena gcuid spéiseanna agus mothúchán. Cuireann an fhaisnéis sin ar chumas an duine fásta dul isteach sa spraoi ag pointí tráthúla ach a bheith íogair faoi. Ach tugann sé deis dó/di freisin cuir leis an spraoi agus é a shaibhriú ar an mbealach is oiriúnaí do gach leanbh. Mar bhreathnadóir agus mar éisteoir, beidh eolas ag an duine fásta faoin uair a gcliseann ar an spraoi freisin agus faoin uair, nuair is gá, ba chóir idirghabháil a dhéanamh chun éascaíocht a dhéanamh do leanaí a gcoinbhleacht a réiteach.

Ag struchtúrú

Bíonn pleanáil, dearadh, eagrúchán, acmhainniú, agus measúnú cúramach agus aireach ag teastáil má tá an timpeallacht chun cuidiú le gach leanbh foghlaim tríd an spraoi. Trí na tascanna sin bíonn an duine fásta rannpháirteach i struchtúrú na

dtimpeallachtaí faoi dhíon agus faoin aer sa chaoi is go mbainfeadh dúshlán, ábharthacht agus dul chun cinn leis an bhfoghlaim. Déantar an fhreagracht sin maidir le timpeallacht chuí a ar fáil a chíoradh níos mine sa chéad fhomhír eile.

Níl aon straitéis aonair amháin ann a chuideoidh le leanaí foghlaim go hoptamach. Is trí straitéisí éagsúla a mheascadh agus trí sin amháin is féidir tacú le gach leanbh ar bhealach a fhreastalaíonn ar a riachtanais shainiúla foghlama féin.

Leibhéal agus déine rannpháirtíocht an duine fásta

Leagann an cháipéis seo, arís agus arís eile, béim ar an tábhacht shuntasach a bhaineann leis an caidrimh idir an duine fásta agus an leanbh chun tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim an linbh. Leagtar béim chomh maith céanna air go mbíonn difear mór sa leibhéal ionchuir ón duine fásta i bhfoghlaim an linbh ó leanbh go leanbh.

Faoi mar a cuireadh i láthair i roinn a haon, tacóidh an Creat don Luathfhoghlaim le gach leanbh agus iad ag foghlaim. Is indibhid uathúil é/í gach leanbh a bhfuil leibhéil tacaíochta agus spreagtha de dhíth air/uirthi a oireann dá c(h)umas, b(h)uanna agus riachtanais mar fhoghlaimeoir. Bíonn ionchur suntasach ón duine fásta de dhíth ar roinnt leanaí ar feadh achair fhada ama, agus bíonn níos lú ionchuir de dhíth ar leanaí eile ar feadh tréimhsí difriúla ama. Trí mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar an leanbh agus é/í i mbun spraoi, is féidir leis an duine fásta íogair agus ceanúil cinntí eolasacha a dhéanamh faoin gcaoi is fearr ar féidir leis/léi tacaíocht a thabhairt don leanbh ar bhealach freagrach agus cothaitheach.

Agus é/í ag déanamh cinntí tábhachtacha, díríonn an duine fásta ar comhlántacht, prionsabal ar tugadh cuntas air i bhfomhír 3.3 roimhe seo. Glacann an straitéis seo leis go mbíonn meas ar spraoi an linbh féin mar chomhthéacs don fhoghlaim, agus ag an am céanna aithnítear an t-ionchur tábhachtach is féidir leis an duine fásta a dhéanamh chun cuidiú leis an bhfoghlaim ar leibhéal níos doimhne. Bíonn leibhéil éagsúla rannpháirtíochta an duine fhásta ann mar sin ó gan aon idirghabháil a dhéanamh, go fionnachtain agus foghlaim trí leideanna/threoir, go fionnachtain agus foghlaim faoi stiúir (Dempsey agus Frost, 1993).

Cé go mbíonn tréimhsí leanúnacha tacaíochta ón duine fásta de dhíth ar leanaí áirithe, tá deiseanna do spraoi, fionnachtain agus eachtraíocht fhéintionscanta ríthábhachtach do gach leanbh. Is féidir leis an duine fásta idirghabháil a dhéanamh ó am go chéile ag amanna tráthúla i gcás leanaí áirithe i rith na foghlama sin. In imthosca eile, féadfaidh an duine fásta leid a thabhairt don leanbh nó é/í a threorú i dtreo scileanna, idéanna, teanga agus faisnéis nua. Leis sin glacann an duine fásta ról an chatalaígh (Bruce, 2001) sa chaoi is go nglacann an leanbh foghlaim nua isteach ina spraoi féin. Beidh leibhéal na treorach ón duine fásta bunaithe ar a c(h)uid breathnadóireachta ar an leanbh, i dteannta na spriocanna foghlama atá mar threoir ag an duine fásta. Cibé an bhfuil an duine fásta ag tabhairt leideanna don leanbh, á t(h)reorú, ag seasamh siar, bíonn deiseanna ag an leanbh agus ag an duine fásta araon an fhoghlaim a stiúradh agus a thionscnamh. Cinntíonn an cur chuige sin go mbíonn meas ar chlár spraoi an linbh féin agus go ndéantar é a éascú, agus bíonn ar chumas an duine fhásta leas a bhaint as na deiseanna foghlama a thagann chun cinn sa spraoi chun foghlaim an linbh a leathnú agus a shaibhriú.

FÓCASCHEISTEANNA

An aontaíonn tú leis an ról a aithnítear don duine fásta agus é/í ag tacú agus ag cur le foghlaim an linbh?

Cé na dúshláin a bhíonn roimh an duine fásta, meas tú, sa ról sin?

3.7 Timpeallacht na foghlama

Is i dtimpeallachtaí faoi dhíon nó faoin aer a tharlaíonn an luathfhoghlaim. Is féidir leis an dá thimpeallacht sin tacú le gach réimse den fhoghlaim ach critéir áirithe a shásamh (Bilton, 2002). Arís eile, tá tábhacht nach beag ag baint leis an duine fásta.

> ...it is the teacher's responsibility to create a learning environment that is appropriate for (a child's) development...
>
> (Heaslip, 1989, lch. 156)

Ba chóir go mbeadh timpeallachtaí foghlama faoi dhíon agus faoin aer spreagthach agus tarraingteach do gach leanbh, sa chaoi is go spreagtar iad agus go dtugtar tacaíocht dóibh chun na féidearthachtaí ar fad a thairgtear chun críche spraoi, eachtraíochta, dúshláin agus cruthaitheachta a iniúchadh agus a úsáid. Baintear é sin amach trína chinntiú go léiríonn na hearraí spraoi, an trealamh, acmhainní, scéalta, ceol agus cluichí, teanga agus gnáthaimh agus gníomhaíochtaí ó lá go lá an éagsúlacht a bhaineann le féiniúlacht leanaí. Baineann tábhacht nach beag leis sin i dtimpeallachtaí lasmuigh den teaghlach ina mbíonn leanaí ag a bhfuil cultúir, teangacha, eitneachtaí agus cumais éagsúla. Beidh spéiseanna, riachtanais agus eispéireas éagsúla ag na leanaí sin. Ní mór don timpeallacht foghlama tacaíocht a thabhairt don tuiscint sin a bhíonn á forbairt ag an leanbh go bhfuil fiúntas ag baint leis/léi féin, mar aon le tuiscint agus meas ar an éagsúlacht a chothú. Faoi mar a leagtar béim air i roinn a dó, tá fás tuisceana ar fholláine, ar fhéiniúlacht agus ar chómhuintearas criticiúil do rath gach linbh mar fhoghlaimeoir. Agus na mothúcháin sin á gcothú, forbraíonn na timpeallachtaí faoi dhíon agus faoin aer muinín na leanaí iad féin a chur in iúl, roghanna a dhéanamh, idéanna a thástáil, scileanna a fhorbairt agus a chleachtadh, fionnachtana a dhéanamh, agus an fód a sheasamh nuair a bhíonn deacrachtaí acu nó nuair a bhíonn siad éiginnte.

Tríd an tábhacht a bhaineann le caidrimh agus spraoi mar chomhthéacsanna tábhachtacha don fhoghlaim, ba chóir go gcothódh na timpeallachtaí faoi dhíon agus faoin aer idirghníomhaíochtaí idir leanaí, agus idir leanaí agus daoine fásta. Faoi mar a luadh i bhfomhír 3.6, tá sé ríthábhachtach go mbeadh teacht éasca ag leanaí ar an duine fásta chun críche cúnaimh, dearbhúcháin, agus spreagtha. Ar an mbealach sin, is cuid lárnach den timpeallacht é/í an duine fásta. Ba chóir go dtacódh an timpeallacht freisin le raon spraoi leanaí. Straitéis chomónta amháin laistigh den teaghlach agus lasmuigh de is ea an timpeallacht a eagrú ina 'limistéir/cuinní/ionaid/bánna foghlama' agus gach ceann acu ag tacú le cineál(acha) áirithe spraoi.

Bíonn mionathruithe ar an timpeallacht de dhíth ar leanaí áirithe. D'fhéadfadh gurb é a bheadh ann ná achmainní agus trealamh a bheith ar fáil dóibh ag airdí áirithe. Mar shampla, ba chóir acmhainní a stóráil/a bheith ar fáil ag airde atá oiriúnach do leanaí a bhfuil cathaoir rothaí acu. D'fhéadfadh cineálacha sonracha acmhainní a bheith inmhianaithe, mar shampla, trealamh agus earraí spraoi a mbaineann cáilíochtaí láidre radharcacha, cinéistéiseacha agus cloisteála leo. Bíonn tábhacht ar leith ag baint leis sin i gcás leanaí a bhfuil lagú céadfach acu. D'fhéadfadh go mbeadh méid earraí spraoi an-tábhachtach do leanaí a mbíonn deacrachtaí acu le scileanna comhordúcháin agus ionramhála. Bíonn sé thar a bheith tábhachtach acmhainní agus trealamh a choinneáil sna háiteanna céanna den timpeallacht foghlama i gcás leanaí atá dall nó a bhfuil lagú radhairc acu. Faoi mar a luadh roimhe seo, bíonn ar chumas an duine fhásta a aithníonn riachtanais aonair leanaí an timpeallacht a mhúnlú chun freastal ar na riachtanais sin.

Chun timpeallacht optamach foghlama a chruthú do gach leanbh, ní mór don duine fásta go leor fuinnimh agus ama a chaitheamh. Ba chóir go mbeadh am le haghaidh pleanála, deartha, eagrúcháin, acmhainniúcháin, agus measúnúcháin ina chuid lárnach dá g(h)náthamh ó lá go lá. Cuireann treoracha éagsúla gairme a mbaintear úsáid astu in Éirinn tacaíocht agus comhairle ar fáil don duine fásta faoi na tascanna sin.

3.8 Conclúid

Is dhá chomhthéacs thábachatach iad caidrimh agus spraoi do luathfhoghlaim gach linbh. Tá an caidreamh idir an duine fásta agus an leanbh, go háirithe, criticiúil. Bíonn an duine fásta ina scafall, ar bhealach cúramach, le foghlaim an linbh sa chaoi is go mbíonn eispéireas spreagthach, taitneamhach agus dearfach aige/aici trína bhforbraítear idéanna agus scileanna nua agus óna n-eascraíonn smaoineamh nua. Is trí spraoi a tharlaíonn go leor den fhoghlaim sin. Is féidir le hidirghabháil ón duine fásta, ach scil agus machnamh a bheith taobh thiar di, spraoi leanaí a shaibhriú agus a leathnú ar bhealaí a thacaíonn le gach gné den fhoghlaim agus den fhorbairt. Baintear é sin amach trí chaidrimh mheasúla, cheanúla agus ghrámhara a bheith idir an leanbh agus an duine fásta. Is comhthéacsanna iontacha iad caidrimh agus spraoi araon chun tacú leis an bhfoghlaim a eagraítear trí na téamaí seo a leanas: folláine, féiniúlacht agus muintearas, cumarsáid, agus taiscéaladh agus smaoineamh.

Bosca 3.2: Comhthéacsanna don fhoghlaim – príomhphrionsabail a thagann chun cinn

- Foghlaimíonn leanaí trí ghníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí le daoine eile.
- Tá an duine fásta lárnach i dtacaíocht a thabhairt don leanbh foghlaim trí idirghníomhaíochtaí ar ardchaighdeán.
- Bíonn ról tábhachtach ag tuismitheoirí/caomhnóirí chun tacaíocht a thabhairt do luathfhoghlaim a gcuid leanaí.
- Cuireann cumarsáid éifeachtach idir tuismitheoirí/caomhnóirí, feighlithe linbh agus cleachtóirí le foghlaim leanaí.
- Is comhthéacs cumhachtach don fhoghlaim é an spraoi.
- Is feithicil mhór don fhoghlaim í an teanga.
- Ní mór féachaint go cúramach ar thimpeallacht an spraoi – idir faoi dhíon agus faoin aer – chun tacaíocht a thabhairt do chaidrimh agus don spraoi araon mar chomhthéacsanna don spraoi.

Tá an measúnú ar luathfhoghlaim leanaí mar dhlúthchuid de bhreathnóireachtaí laethúla agus d'idirghníomhaíochtaí an duine fásta leis an leanbh.

An luathfhoghlaim a chothú trí phróiseas na measúnaithe

4.1 Réamhrá le roinn a ceathair
4.2 Ról na measúnaithe
4.3 Feidhmeanna na measúnaithe
4.4 A bhfuil le meas
4.5 Measúnú chun foghlama
4.6 Luathaithint leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu
4.7 Taifead a choimeád
4.8 Cleachtas machnamhach
4.9 Athbreithniú agus pleanáil le haghaidh na foghlama
4.10 Conclúid

4.1 Réamhrá le roinn a ceathair

Leagann an mhír seo béim ar an bpoitéinseal luachmhar oideachasúil atá ag an measúnú chun an luathfhoghlaim a chothú agus a leathnú. Tosaíonn sí le cuntas ginearálta ar ról agus ar fheidhmeanna na measúnaithe, agus leanann sé air ansin ag scrúdú na tábhachta a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim ina comhthéacs féin. Aithníonn sé agus pléann sé na bunfhoinsí eolais atá againn ar conas mar a bhíonn leanaí ag foghlaim.

Leanann plé, ina dhiaidh sin, ar an tábhacht atá le haon eolas a bhíonn againn de thoradh na measúnaithe a dhoiciméadú. Díríonn sé ansin ar ról na measúnaithe chun leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint agus díríonn, chomh maith, ar ról na measúnaithe chun straitéisí agus acmhainní foghlama cuí a phleanáil. Scrúdáitear ról an chleachtais féinmhachnamhaigh chun cáilíocht fhoghlaim an linbh a fheabhsú sa mhír seo, chomh maith. Mar chlabhsúr, tugann an mhír seo aghaidh ar an ngaol dlúth daingean atá idir an measúnú agus an phleanáil i gcomhair na foghlama.

4.2 Ról na measúnaithe

Ba cheart go mbeadh an measúnú neamhfhoirmiúil go príomha i gcás na luath-óige, is é sin a bheith ina ghnáthchuid d'idirgh-níomhaíochtaí agus de bhreathnóireachtaí an lae. Tá sainmhíniú Drummond áiseach agus sinn ag iarraidh eisint na measúnaithe i suíomh na luath-óige a ghabháil. Dar léi gurb é atá sa mheasúnú ná:

> the ways in which, in our everyday practice, we observe children's learning, strive to understand it, and then put our understanding to good use.
>
> (1993, lch.13).

Léiriú is ea an cur chuige seo ní hamháin ar conas mar a úsáideann cleachtóirí eolas a fhaightear de thoradh na measúnaithe ach chomh maith leis sin ar conas mar a úsáideann tuismitheoirí/caomhnóirí, feighlithe linbh agus cleachtóirí é go nádúrtha agus go hinstinneach d'fhonn cur le foghlaim leanaí.

Is dlúthchuid den phleanáil don fhoghlaim í a aithint agus breathnóireacht a dhéanamh uirthi. Is é is mó is cás dúinn i gcás na luath-óige ná conas is féidir leis an bpróiseas measúnaithe tuiscint níos doimhne a thabhairt dúinn ar an bhfoghlaim ó thaobh an leanbáin, an mhamailínigh agus an linbh óig de. Cuireann an tuiscint níos doimhne seo ar ár gcumas dúinn an fhoghlaim sna luathbhlianta a chothú agus a mhéadú níos mó trí fhreagairt a dhéanamh ar chumas, ar shuimeanna agus ar riachtanais athraitheacha an linbh. Curaclam mothálach indibhidiúil a bhíonn mar thoradh ar an gcur chuige seo. Éascaítear agus tugtar tacaíocht d'aon fhoghlaim a tharlóidh amach anseo fad a cheiliúrtar, a dhearbhaítear agus a mholtar foghlaim an nóiméid láithrigh.

FÓCASCHEISTEANNA

Cén tairbhe a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar luathfhoghlaim leanaí?

Cad é/iad an/na dushlá(i)n, más ann dó/dóibh, a chruthaíonn an measúnú sin?

4.3 Feidhmeanna na measúnaithe

D'fhéadfadh feidhmeanna múnlaitheacha, breisithe, luachálaithe, agus diagnóiseacha a bheith ag an measúnú. Cabhraíonn sé leis an duine fásta a bhfuil á fhoghlaim ag an leanbh, na nascanna a dhéanann sé/sí faid a bhíonn siad ag plé le daoine, le háiteanna agus le rudaí, agus na slite ina bhfuil an fhoghlaim seo ag tarlú a thuiscint, a mheas agus a aithint. Is ceart dul chun cinn gach linbh a thuiscint i dtéarmaí a c(h)uid foghlama go dtí sin, agus na tosca a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an bhfoghlaim ag aon nóiméad ar leith a thógáil san áireamh.

Is próiseas leanúnach é an measúnú múnlaitheach a mbíonn tionchar aige ar na chéad phointí eile i bhfoghlaim an linbh, agus tá tábhacht chuibheasach mhór ag seo i gcomhthéacs na luathfhoghlama. Baineann an measúnú suimitheach, nó measúnú na foghlama, le taifead, atá carnach agus níos foirmeáilte, a dhéanamh ar fhoghlaim an linbh ag staideanna difriúla dá c(h)uid forbartha. Is féidir feidhm mheastóireachta a bheith ag an measúnú, rud a chuireann ar chumas chleachtóirí éifeachtacht agus oiriúnacht a gcuid cleachtais a mheas. Tá feidhm dhiagnóiseach na measúnaithe tábhachtach i bhfáthmheas luathriachtanais speisialta oideachais, in aithint acmhainní riachtanacha agus i bhfoirmliú straitéisí foghlama cuí. Is féidir na feidhmeanna seo go léir a chuimsiú i gcomhthéacs 'measúnú le haghaidh na foghlama'. Scrúdaíonn na fomhíreanna seo a leanas feidhmeanna éagsúla na measúnaithe ar bhonn níos mine.

4.4 A bhfuil le meas

Nuair atáthar ag iniúchadh an méid ar cheart a mheas, tá sé riachtanach go ndéanfaí aon rud tábhachtach a mheasúnú seachas aon rud ar féidir a mheas a dhéanamh tábhachtach. Is minic a ghéill cleachtais mheasúnachta sa luath-óige don bhrú a thagann ó staideanna oideachasúla níos déanaí, chomh fada le dearadh agus le feidhm a gcuid uirlisí agus a gcuid próiseas. Sa tslí seo, is minic a léirigh cleachtais go rabhthas ag díriú ar sheicliostaí agus ar thicbhoscaí mar mhodh chun dul chun cinn agus gaisce an linbh i gcúrsaí foghlama a shuimiú agus a thuiscint. Taobh thiar den chur chuige seo tá meon a chreideann go bhfuil an fhoghlaim líneach agus seiceamhach agus téann don chur chuige seo castacht agus dinimiciúlacht na luathfhoghlama a thuiscint sa cheart.

Is ábhar conspóide í an tsamhail céimeanna forbartha chomh fada leis an gcuma ina gcuireann sé na gaiscí forbartha i láthair faoi aoiseanna áirithe i luathshaol an linbh. Mar sin féin, tá tábhacht ag baint léi sa chaoi go gcabhraíonn sí linn leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint go luath. Ba cheart, más ea, go mbeadh taithí ag daoine fásta ar na céimeanna leathana forbartha mar tháscairí ginearálta ar fhorbairt an linbh, cé gur cheart dóibh bheith cáiréiseach in úsáid na dtáscairí sin. Cé go bhfuil tábhacht ag an ngarbhreathnóireacht agus ag an ngarmhonatóireacht, is cóir ceann ceart a thógáil d'indibhidiúlacht gach linbh. Tá de thoradh ar an indibhidiúlacht seo go sroicheann leanaí cloch-mhílí forbartha ina n-am féin agus ar a luas féin. Tá tionchar ag éirimí indibhidiúla foghlama agus ar thoscaí timpeallachta ar athruithe pearsanta mar sin san fhorbairt.

Is féidir le próifíleanna mar iad sin a déanadh a fhorbairt i dTreoirlínte Curaclaim le haghaidh Dea-chleachtais don Tionscadal Idirghabhála maidir le Tús Luath sa Réamhscoil (1998) cabhrú le duine fásta díriú ar bhreathnóireacht measúnaithe agus cuireann treoir ar fáil dóibh maidir le pointí tosnaithe i gcomhair straitéisí pleanála don fhoghlaim. Mar atá léirithe cheana féin ag an ndoiciméad comhairliúcháin seo i roinn a dó, tacóidh an Chreat don Luathfhoghlaim le gach gné de luathfhoghlaim agus d'fhorbairt an linbh. Ba cheart go gcuirfeadh measúnú an fhoghlaim agus an fhorbairt seo chun cinn i ngach ceann de na ceithre téamaí seo: folláine; féiniúlacht agus muintearas; cumarsáid, scrúdú agus smaoineamh. Éilíonn an cur chuige téamach seo aistriú sa mhachnamh a dhéantar ar an measúnú. Níl na cineálacha traidisiúnta measúnaithe i gcás na luath-óige íogair a ndóthain chun gur féidir linn pictiúr iomlán de chumas ceart an linbh a fháil. Tá sé tábhachtach go ndíreodh an measúnú ní hamháin ar an eolas a thógtar agus a fhaightear amach agus ar na scileanna a dhéantar a fhorbairt, ach ba cheart go ndíreodh sé, chomh maith, ar na meoin a chothaítear ar an ndearcadh a dhéantar a fhorbairt. Is ceart ceann a thógáil leis d'fhéiniúlacht ilteangach an linbh. Cruthóidh measúnú ar na gnéithe foghlama seo go léir pictiúr níos cruinne do gach leanbh is é mar fhoghlaimeoir.

Ag foghlaim i gcomhthéacs

Agus luathfhoghlaim an linbh á meas ag an duine fásta, bíonn sé/sí ag iarraidh an fhoglaim a thuiscint ó thaobh an linbh de. Tá sé riachtanach don duine fásta, agus an gnó seo ar siúl aige/aici, nach ndéanfadh sé/sí dearmad go mbíonn gach leanbh ina c(h)ónaí i dtimpeallacht áirithe shóisialta, chultúrtha, agus fhisiceach agus go mbíonn siad ag foghlaim ón dtimpeallacht sin. Tá tionchar an-mhór ag an timpeallacht seo ar a bhfoghlaimíonn agus ar a dtuigeann an leanbh.

Má tá eolas ar na toscaí éagsúla a théann i bhfeidhm ar a bhfoghlaimíonn an leanbh cabhróidh seo baol an róshimplithe a sheachaint. Má thuigtear an fhoghlaim mar shraith d'eachtraí aonaracha, gan aon ghaol eatarthu, ní thógfaidh seo an ceann ceart do shaibhreas agus do chastacht na foghlama. B'fhéidir go mbeadh sé mar thoradh ar an tuiscint seo nach dtabharfaí an t-aitheantas ceart don bhfoghlaim atá á baint amach dáiríre ag an bhfoghlaimeoir óg. Tá sé tábhachtach mar sin go ndéanfaí measúnuithe go rialta agus i gcomhthéacs réimse leathan deiseanna fuaimintiúla foghlama.

Toisc gur comhthéacsanna lárnacha le haghaidh na foghlama an imirt agus an caidreamh (mar atá léirithe i roinn a trí), cuireann an dá réimse seo deiseanna luachmhara ar fáil don duine fásta tacú leis an luathfhoghlaim trí phróiseas na measúnaithe. Dearbhaíonn Hayes (2003) gur féidir leis an duine fásta ciall a bhaint as an imirt chun brí a bhaint as foghlaim an linbh fad atá an leanbh féin ag baint brí as an saol trína c(h)uid imeartha. Áitíonn sí go ndéanann an déról na himeartha seo:

> ...allows for positive interactions between child and adult, but also allows for planning by the adult for future opportunities that might extend the child's own learning; it gives a role to the adult which takes the child as central.
>
> (2003, lch. 79).

4.5 Measúnú chun foghlama

Is é atá i gceist le measúnú chun foghlama ná an t-eolas a fhaightear trí na modhanna éagsúla measúnaithe a úsáid chun foghlaim an linbh a leathnú agus a mhéadú ar shlí atá lán de bhrí agus lánoiriúnach don bhfoghlaimeoir óg. Is ceart ligint d'fheidhmeanna difriúla na measúnaithe ar chuma atá chomh neamhfhoirmiúil agus chomh nádúrtha agus is féidir.

Is é an comhthéacs is fearr inar cheart measúnú chun foghlama a dhéanamh ná i gcomhthéacs an chaidhrimh thacúil mhuinínigh ómósaigh a mhaireann idir an duine fásta agus an leanbh. Cuireann a leithéid seo de chaidrimh ar chumas an duine fásta an leanbh a fhaire, labhairt ar shlí dháiríre leis an leanbh, agus páirt daingean a ghlacadh ina c(h)uid foghlama. Sa tslí seo, is féidir leis an duine fásta tacaíocht a thabhairt do smaointe an linbh i dtaobh a c(h)uid gníomhaíochtaí agus coincheapa agus i dtaobh cásanna agus gaolta idir rudaí agus daoine i dtimpeallacht an linbh, chomh maith le dúshlán a chur go bog faoi agus mealltóireacht a dhéanamh ar na smaointe céanna. Tríd an gcur chuige seo tosaíonn an duine fásta ar a bheith oilte ar nóiméid chriticiúla ina bhféadfadh sé/sí cur le foghlaim an linbh trí threoir íogair agus trí chomhoibriú a fheiceáil agus a aithint. Ba cheart go dtiocfadh le na gníomhaíochta rannpháirteacha seo an leanbh a chur ar a c(h)umas mar fhoghlaimeoir, nuair 'the balance of power gradually shifts in favour of the developing person' (Bronfenbrenner, 1979). De thoradh an mhachnaimh seo agus lena linn sin, déanann an duine fásta iarracht ar a bhfeiceann sé/sí agus ar a gcloiseann sé/sí a thuiscint. Úsáideann sé/sí na tuiscintí sin chun foghlaim an nóiméad láithrigh a dhearbhú agus chun pleanáil a dhéanamh ar aon dul chun cinn a dhéanfar feasta san fhoghlaim i dtreo baill dhearfaigh a bheidh tábhachtach don bhfoghlaimeoir agus lán de bhrí. Sa tslí seo, is cuid riachtanach agus nádúrtha é an measúnú i ngnáthchúrsa an lae do na daoine fásta uile a bhíonn ag plé le leanaí.
Tá go leor foinsí éagsúla eolais ar fhoghlaim an linbh le fáil. Is trí chumasc eicléitiúil a dhéanamh ar an foinsí seo is ea a chruthaítear íomhá cruinn d'fhoghlaim gach linbh, íomhá a thaispeánann na slite inar féidir tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim ar chuma chuí sa todhchaí. Ar na foinsí seo, tá:

- measúnú a dhéanann cleachtóirí
- féinmheasúnú (measúnú a dhéanann leanbh ar a c(h)uid foghlama féin)
- measúnú a dhéanann tuismitheoirí/caomhnóirí
- measúnú a dhéanann daoine gairmiúla eile.

Cleachtóirí
Molann Carr (2001) go gcabhraíonn cur chuige insinte (cur chuige scéalaíochta) leis an bhfoghlaim mar a mhothaíonn agus mar a thaispeánann an leanbh óg í a aithint agus a léiriú ar bhonn níos cruinne. Lorg sí slí a ligfeadh dúinn 'teacht ar ghné, a bhíonn mar chuid den thaitneamh, a bhíonn le brath as comhluadar leanaí bheith i dteannta duine' (2001, lch. x) ina cuid saothair chun straitéisí cuí measúnaithe a fhorbairt a d'fhéadfaí a úsáid le leanaí ón mbreith i leith. Suíonn a cur chuige insinte an fhoghlaim i gcomhthéacs áirithe sóisialta agus cultúrtha, ag am ar leith agus i láthair daoine agus rudaí áirithe. Fágann seo gur fusa an fhoghlaim atá á faire a thuiscint ó thaobh an fhoghlaimeora de.

Ní foláir eolas a bheith ar 'scéal na foghlama' agus é a thuiscint i gceart le haghaidh na measúnaithe insinte. Ciallaíonn seo go bhféachtar ar an bhfoghlaim mar phróiseas, rud atá ag forbairt agus ag athrú in imeacht aimsire. Tugtar breithiúnais mar sin thar thréimse fhada agus i gcomhpháirt leis na leanaí, agus nuair is féidir sin, i gcomhpháirt le daoine fásta eile. Chun gur féidir leis an duine fásta 'scéal na foghlama' a thuiscint, caithfidh sé/sí an leanbh a fhaire, chomh maith le héisteacht agus labhairt leis/léi. Cuidíonn taithí agus oiliúint an chleachtóra leis/léi a bhfuil le doiciméadú a roghnú agus a struchtúrú. Cuireann an breithiúnas eolach seo, atá bunaithe ar thuiscint ar riachtanais ghinearálta agus shainiúla an linbh, ar chumas an duine fásta na scéalta foghlama a chruthú agus iad seo a úsáid chun foghlaim ina dhiaidh seo a chur chun cinn.

Cabhraíonn iarracht foirne chun léirmhínithe a dhéanamh bailí agus chun an bóthar atá rompu a chomhthógáil. Nuair a bhíonn leanaí i láthair i suímh lasmuigh den bhaile, tá sé ríthábhachtach go mbeadh baint ag tuismitheoirí/caomhnóirí leis an measúnú seo. Nuair a dhéanann an duine fásta breithiúnais sa tslí seo, cabhraíonn seo leis/léi chun teacht ar thuiscint dhomhain ar conas mar a chuireann an foghlaimeoir óg an fhoghlaim i ngníomh. Ba chóir gur phróiseas leanúnach neamhfhoirmiúil a bheadh sa mheasúnú.

Féinmheasúnú
De réir mar a théann leanaí chun cinn sa luath-óige, tosaíonn siad ar a bheith ábalta níos mó ar a gcuid foghlama féin a mheas, ar a spriocanna féin a leagadh síos agus ar mhachnamh a dhéanamh ar conas is fearr na spriocanna seo a chur i gcrích. Oibríonn siad go dian chun spriocanna áirithe a bhaint amach, cuir i gcás, conas liathróid a chaitheamh i gceart, conas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus conas litreacha agus uimhreacha a dhéanamh. Taispeánann siad an-díograis agus buanseasmhacht agus iad ag iarraidh na spriocanna seo a bhaint amach.

Ba cheart go gcuirfeadh an duine fásta ar a gcumas do na leanaí páirt níos gníomhaí a ghlacadh i leagadh síos agus i dtóraíocht a gcuid spriocanna foghlama féin. Ba cheart go bhféachfaí chuige go cúramach gur féidir leis an leanbh (i dtaca le cabhair ón duine fásta) na spriocanna seo a chur i gcrích. Tá seo an-riachtanach má táthar chun féiníomhá agus féinmheas an linbh a chothú agus a neartú. Ba chóir go spreagfaí an leanbh chun machnamh a dhéanamh ar pé acu atá na spriocanna sin bainte amach aige/aici nó nach bhfuil, agus go dtuigfidís go raibh tábhacht leis an iarracht chomh maith sa chás nár baineadh sprioc amach agus gur cheart an iarracht a mholadh fós. Ba cheart go gcabhrófaí leo an bealach atá rompu a phleanáil amach trí chéimeanna beaga a leagadh síos.

Tá sé riachtanach don leanbh i saol an lae inniu, atá atá ag síorathrú, go mbeadh sé/sí ábalta machnamh a dhéanamh go criticiúil, ar eolas a chur in oiriúint do shuímh nua agus go mbeidís cruthaitheach agus iad ag iarraidh fadhbanna a réiteach. Is féidir leis an bhféinmheasúnú cabhrú leis an leanbh a c(h)umas a fhorbairt chun eolas a bhreithniú, chun ceisteanna a chur agus chun freagra a sholáthar. Is féidir na scileanna agus an cumas seo a chur chun cinn agus a mhéadú trí spreagadh a dhéanamh ar an leanbh fhéinmheasúnaithe a chleachtadh ó aois óg.

Tugann féinmheas an linbh léirthuiscintí go minic dúinn ar ghnéithe den fhoghlaim a chailleann an duine fásta agus is féidir leis béim a leagadh don duine fásta ar na gnéithe sin atá suntasach dar leis an leanbh, ina c(h)uid foghlama féin. Is féidir leis an bhféinmheasúnú an cleachtóir a chur ar an eolas maidir leis na rudaí atá deacair dar leis an leanbh, is d'fhéadfadh seo a bheith ina luathmhéar eolas ar riachtanais fhoghlama.
Thar aon ní eile, má fhoghlaimíonn leanaí conas foghlaim a dhéanamh, cuireann sin ar a gcumas iad mar fhoghlaimeoirí. Faigheann siad smacht éigin ar a gcuid foghlama, tuigeann siad deacrachtaí ab fhéidir a theacht chun cinn agus feiceann siad slí rompu. Ar deireadh, cuireann seo lena gcuid féinmheasa chomh maith le foghlaim neamhspleách a chur chun cinn.

Tuismitheoirí/caomhnóirí
Tá ról an mheasúnóra ar cheann de na rólanna nádúrtha a bhíonn ag tuismitheoirí/caomhnóirí. Tugann formhór na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí gach dul chun cinn i bhfoghlaim a leanaí faoi deara le mórtas agus le haoibhneas. Ar an gcuma chéanna, freastalaíonn siad agus bíonn siad buartha i dtaobh aon mhoille a bhraitheann siad ar an dul chun cinn sin. Gnéithe nádúrtha iad seo a bhaineann le haireachas leanaí agus le cion a thabhairt dóibh.



Nuair a fhreastalaíonn leanaí ar shuímh taobh amuigh den bhaile, bíonn ról comhpháirteach ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus ag feighlithe/cleachtóirí sa phróiseas measúnaithe. Éascaíonn caidreamh oscailte cumarsáideach idir tuismitheoirí/caomhnóirí agus cleachtóirí an malartú eolais ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt an linbh. Féachtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí sa chaidreamh seo mar chomhpháirtithe sa phróiseas measúnaithe agus tá meas dá réir orthu. Tá raidhse mioneolais acu ar luathfhoghlaim a leanaí, rud a chuireann go mór le pictiúr an chleachtóra d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an linbh.

Is féidir le feighlithe/cleachtóirí, tslí chéanna, na léirthuiscintí ginearálta agus sainiúla atá acu ar dhul chun cinn na leanaí a roinnt lena dtuismitheoirí/gcleachtóirí. Cabhraíonn an chumarsáid dhéthreo seo leis an leanúnachas agus leis an dul chun cinn san fhoghlaim a chinntiú fad a bhíonn na leanaí ag aistriú ón mbaile go dtí na suímh as baile seo. Neartaíonn an roinnt eolais seo an chomhpháirtíocht idir an suíomh luath-óige agus na teaghlaigh, rud a dhéanann tairbhe don leanbh.

Gairmithe eile
Déanann daoine fásta, nach iad a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí nó Is féidir le feighlithe/cleachtóirí, iad, measúnú ar gach leanbh ag céimeanna éagsúla dá luathbhlianta. Daoine gairmiúla san earnáil sláinte a dhéanann an measúnú agus an scagadh seo. Díríonn siad ar fhorbairt ghinearálta an linbh ionas gur féidir an cúram ceart agus an tacaíocht chuí a thabhairt do leanaí sa chás go bhfuil moill nó míchumas ag baint lena gcuid foghlama. Pléitear an ghné seo go mion san fhomhír seo a leanas.

4.6 Luathaithint leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Tá sé de dhualgas ar dhaoine fásta leanaí a aithint, a bhfuil nó a mbeidh a gcuid foghlama á chur i mbaol. Tá an luathaithint seo ríthábhachtach d'fhonn gach tacaíocht dá bhfuil ann a chur ar fáil don leanbh chun gur féidir leo dul chun cinn ina gcuid foghlama, taithí a bheith acu ar an bhfoghlaim mar rud atá taitneamhach agus suimiúil, agus chun gur féidir aon mhoill/mhíchumas a d'fhéadfadh leanúint díobh in aon fhoghlaim nó fhorbairt a dhéanfar feasta a laghdú.

Tá an measúnú diagnóiseach agus uirlisí scagtha úsáideach in áit ar bith a maireann buairt i dtaobh deacrachtaí ab fhéidir a bheith ag leanaí. Cabhraíonn siad seo le luathriachtanais a chuireann luathdheiseanna chun caidreamh a bhunú agus chun foghlaim a dhéanamh i gcontúirt a aithint. Is cuid thábhachtach den phróiseas go mbrathfadh cleachtóirí leanaí go luath chun go bhféadfaidís iad a chur faoi bhráid saineolaithe eile nuair is gá sin a dhéanamh. Tá gá ann go ndéanfadh saineolaithe a thuilleadh measúnaithe dhiagnóisigh i gcás buartha mar sin nuair a aithnítear an bhuairt go luath. Tá an cineál measúnaithe seo, nuair a dhéanann saineolaithe seanchleachtacha agus oilte é, cabhraitheach chun leanaí a aithint a ndéanfadh breis tacaíochta agus aireachais ina gcuid luathfhoghlama tairbhe dóibh.

Cuireann an measúnú a dhéantar ar fhoghlaim linbh an bonn ar fáil ar ar féidir an idirghabháil luath a phleanáil. B'fhéidir na codanna seo a leanas a bheith i gceist i gcás cur chuige amháin le haghaidh na luathaithinte: measúnú tosaigh ar chumas an linbh, cur chuige foghlama agus aibiú fisiceach, aithint spriocanna tosaíochta, agus an idirghabháil trí ghníomhaíochtaí laethúla foghlama agus tríd an measúnú leanúnach. B'fhéidir go mbeadh sainacmhainní/saintrealamh cuir i gcás, áiseanna éisteachta, frámaí siúil, nó sainchóracha suite ag teastáil. Saibhrítear an fhoghlaim, sa tslí seo, agus bíonn sí freagrach do riachtanais agus do chúinsí gach linbh.

Is minic i gcás na luath-idirghabhála go mbíonn daoine ó chúlraí gairmiúla éagsúla ag obair le chéile mar chuid d'fhoireann cuir i gcás, teiripeoir saothair, fisiteiripeoir, teiripeoir urlabhra agus teanga, síceolaí, altra, péidiatraí agus sainmhúinteoir. Cé gurb é an leanbh an fachtóir is tábhachtaí i gcothromóid aon idirghabhála, ní foláir do na tuismitheoirí a bheith páirteach, chomh maith, i ndearadh chláir foghlama. Má tá tuiscint mhaith ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar riachtanais a leanaí agus más eol dóibh a bhfuil ar fáil de chabhair, cuirfidh seo ar a gcumas dóibh cinntí a dhéanamh agus cumarsáid níos éifeachtaí a bheith acu lena leanbh. Ba cheart go léireodh bainistíocht agus soláthair na seirbhísí taca le haghaidh leanaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga, nó le haghaidh leanaí a fhreastalaíonn ar shuímh fhoghlama trí mheán na Gaeilge, teanga dúchais an linbh.

Tá cabhair ghairmiúil lánriachtanach agus bíonn fáilte roimpi, de ghnáth, ag tuismitheoirí/caomhnóirí leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ach tá sé strusúil, chomh fada leis an teaglach de, a bheith ag plé le raon leathan saineolaithe. Má aimsítear bealach chun teorainneacha gairmiúla a shárú agus chun eolas cruinn, áiseach a mhalartú, cuirfidh seo feabhas ar an tacaíocht atá á fáil ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus cabhróidh sé le gach duine atá páirteach i gcur le chéile mórphlean réitithe le haghaidh an linbh. Is féidir le saineolaithe an scéal a dhéanamh níos fusa do theaghlach chomh fada le cabhair bhuan a thabhairt don leanbh de le hoibriú trí na gnáthchúrsaí bunaithe is fearr leis an teaghlach féin. Tacaíonn samhail oibritheora shainiúil, dála an chinn a gcuireann Barnardos (2000) síos air, le tuismitheoirí/caomhnóirí ina gcuid iarrachtaí seirbhísí saineolaithe aonair a chomhtháthú agus chun ról lárnach a bheith acu i bpleanáil agus i mbainistiú clár foghlama.

B'fhéidir go dteastóidh plean oideachais aonair i gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Taifead cuimsitheach é seo ar riachtanais foghlama, ar spriocanna agus ar dhul chun cinn an linbh, atá forbartha i bpáirt le chéile ag saineolaithe agus ag tuismitheoirí/caomhnóirí. Is é is cás don phlean seo ná riachtanais thosaíochta an linbh, agus na hacmhainní agus cur chuige foghlama a theastaíonn chun gur féidir oibriú i dtreo na riachtanas sin. Tá sé ríthábhachtach príomhdhuine a ainmniú laistigh den fhoireann a dhéanfaidh an próiseas a comhordnú agus a bhreathnú.

FÓCASCHEIST

Cad iad na straitéisí a úsáideann tú chun cabhrú le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bpoitéinseal foghlama a bhaint amach?

4.7 Taifead a choimeád

Cé go bhfuil mórán den mheasúnú spontáinteach agus gan phleanáil, agus tosaithe go minic ag an bhfoghlaimeoir óg, tá sé tábhachtach go ndéanfaí doiciméadú ar na príomhghnéithe den eolas a bhailítear. Is é is nós le tuismitheoirí/caomhnóirí na chéadspriocanna a bhaineann a leanaí amach a thabhairt faoi deara: an chéad mheangadh gáire a dhéanann siad, an chéad uair a shuíonn siad gan chabhair, an chéad choiscéim, an chéad fhocal, tarraingeoireacht dá gcuid, port a sheinneann siad ar an druma, agus mar sin de. Tá an t-eolas seo an-tábhachtach, go háirithe i gcás go mbraitear moill agus/nó míchumas forbartha. Tugann an t-eolas seo cuntas dúinn ar stair forbartha an linbh, rud atá tábhachtach chun gur féidir na dúshláin ab fhéidir a bheith roimh leanbh agus a t(h)eaghlach amach anseo, agus chun gur féidir cinneadh a dhéanamh i leith na slí is oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar na rudaí seo.

Tá doiciméadú eolais mheasúnachta an-tábhachtach agus tá mórán feidhmeanna leis nuair atá leanaí ag freastal ar shuímh as baile. Tiocfaidh de thaifead a choimeád, b'fhéidir, go mbeidh dialann nó punann nó scéal foghlama á scríobh agus á gcoimeád ag an gcleachtóir agus ag an leanbh le chéile, ina mbeidh pictiúir agus grianghrafanna, grianghrafanna digiteacha san áireamh, ag cur leis an dtéacs, nó á ionadú, d'fhonn eachtraí agus dul chun cinn a léiriú. Is féidir taifeadtaí fuaime agus fístéipe a úsáid chomh maith chun taifead dinimiciúil agus cairdiúil a chruthú.

Ceiliúradh is ea an taifead scríofa, pictiúrtha agus fuaime seo ar a bhfuil bainte amach agus curtha i gcrích ag an bhfoghlaimeoir óg, agus ar na dúshláin a bhí roimhe/roimpi agus ar an dul chun cinn a rinne sé/sí. Cuireann sé 'pictiúr' cuimsitheach de thorthaí fónta, de chumas, de dhul chun cinn gach foghlaimeora óig ar fáil, chomh maith, don chleachtóir, rud is féidir leis/léi a iompú amach ina scéal foghlama. Bonn atá sa taifead, sa tslí seo, d'aon phleanáil le haghaidh na foghlama a dhéanfar sa todhchaí agus is féidir é a úsáid, chomh maith, mar thaifead breisithe neamhfhoirmiúil. Tá sé tábhachtach go gcuimhneofaí air nach n-inseoidh na 'táirgí deiridh' i bhfoghlaim leanaí an scéal iomlán. Tá aistear foghlama an linbh chomh tábhachtach céanna, agus léiríonn cruthú comhthaifead, sa chaoi seo, an t-aistear seo agus spreagann an leanbh ar shlí ghníomhach chun a d(h)ul chun cinn agus na spriocanna atá curtha roimhe/roimpi aige/aici a mheas. Taispeánann sé don leanbh, chomh maith, méid suime an duine fásta ina c(h)uid foghlama.

Cuireann an doiciméadú ar a gcumas do chleachtóirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí eolas agus léirthuiscintí a roinnt eatarthu féin. Sa tslí sin, is féidir comhchinntí a dhéanamh maidir le conas tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim agus conas cur léi. Uaireanta, b'fhéidir go mbeidh gá ann an t-eolas seo a roinnt le daoine gairmiúla eile nuair atá saintacaíocht agus sainchabhair ag teastáil ó leanbh chun gur féidir leis/léi dul chun cinn a dhéanamh ina c(h)uid foghlama. Ba chóir gur chuid dhinimiciúil den phróiseas foghlama a bheadh i gcoimeád taifid, agus ba chóir go ndíreofaí ar an eolas roghnaithe a dhoiciméadú ar chuma atá insroichte, inbhainistithe agus áiseach. Sa chaoi seo, iompaíonn sé amach ina ghnáthchuid d'obair laethúil an chleachtóra agus ina ghnáthchuid dá fhreagrachtaí i suímh as baile.

4.8 Cleachtas machnamhach

Déanann measúnú tairbhe don duine fásta chomh maith leis an leanbh. Cabhraíonn sé chun solas a chaitheamh ar réimsí cleachtais a ndéanfadh roinnt cúraim tairbhe dóibh. Cuirtear ar chumas cleachtóirí sa tslí sin chun cáilíocht a gcuid oibre a ardú, agus ar deireadh thiar thall, cáilíocht fhoghlaim an linbh a ardú, leis. Is de dhlúth agus d'inneach an chleachtais mheasúnaithe seo an feabhsú cáilíochta sin.

Is próiseas leanúnach é an cleachtas measúnaithe, agus tá sé i gceist ann go coinneofaí suas le himeachtaí na huaire, trí fhorbairt leanúnach ghairmiúil agus trí mhachnamh a dhéanamh ar dhea-chleachtais,

mar a mholtar ar fud litríocht na luath-óige. Is é is cúram don chleachtóir machnamhach i gcónaí ná éifeachtacht na gcleachtas reatha a chinntiú i dtreo gur féidir cleachtais sa todhchaí a fheabhsú agus, ar deireadh thiar thall, i dtreo gur féidir an fhoghlaim a fheabhsú ó thaobh an linbh de. Is féidir le cleachtóirí mar ghrúpa réimsí inar cheart feabhas a theacht orthu a aithint trí anailís agus phlé chomh maith le réimsí láidre a aithint. Is féidir úsáid a bhaint as na réimsí seo mar bhonn inar féidir aire a dhíriú air agus forbairt a dhéanamh go leanúnach d'fhonn cailíocht sholáthar foghlaim an linbh a ardú. Tá an próiseas seo ina gcuirtear gníomhaíocht reatha ghairmiúil chun cinn is atá dírithe ar thimthriall luaimneach na measúnaithe agus an fheabhsaithe an-daonlathach ar fad agus tugann sé cumhacht do dhaoine toisc gur ag an gcleachtóir atá an deis agus an cumas chun dul i bhfeidhm ar athruithe is ar fheabhsuithe. Is féidir le measúnuithe atá doiciméadaithe an spreagadh a sholáthar le haghaidh an mhachnaimh agus an athbhreithnithe a leanann é. Ina Lámhleabhar ar Dhea-chleachtais um Fhéinmheasúnú (2000), cuireann an Cumann Náisiúnta Naíonraí na Leanaí an féinmheasúnú os comhair an tsaoil mar ghníomhaíocht oideachais atá dearfach agus sásúil, agus féachann siad ar an bpróiseas i dtéarmaí eispéireas foghlama le haghaidh an duine fásta. Leagann an lámhleabhar béim ar nádúr forbartha an fhéinmheasúnaithe, sa chaoi is go bhféachtar ar an bpróiseas mar rud atá chomh tábhachtach céanna leis an toradh a bhíonn air. Gnó an-sásúil don duine fásta agus gnó tairbheach le haghaidh an linbh is ea oibriú go rathúil chun cáilíocht an tsoláthair a ardú.

Mar an gcéanna, molann an IPPA, an tEagras Luath-óige, an measúnú agus an mhachnamh go láidir ina Chlár Feabhsaithe Cáilíochta. Cuireann sé cur chuige atá bunaithe ar 'Timthriall Cáilíochta' chun cinn, ina bhfuil timthriall leanúnach measúnaithe, mhachnaimh, pleanála agus chur i bhfeidhm gníomhaíochtaí. Déantar bís de nádúr leanúnach, uaillmhianach an timthrialla seo fad atá sé ag imeacht leis, ag bogadh ar aghaidh agus in airde de réir a chéile i dtreo an fheabhsaithe leanúnaigh. Tá a leithéid sin de chleachtas machnamhach le gríosadh agus le tacú i gcás éinne acu sin atá ag obair i suímh luath-óige lasmuigh den bhaile.

FÓCASCHEISTEANNA

Conas a dhéanann tú (agus baill d'fhoirne) machnamh ar do cleachtas?

Conas a théann do chuid machnaimh i bhfeidhm ar do cleachtas?

4.9 Athbreithniú agus pleanáil le haghaidh na foghlama

Ceann de na dúshláin atá roimh chleachtóirí, tuismitheoirí/chaomhnóirí agus feighlithe linbh is ea conas an t-eolas atá bailithe de thoradh na measúnaithe a chur ag obair ar shlí fhónta. Aistrítear an t-eolas seo go pleananna d'fhonn tacú le foghlaim sa todhchaí.

Tá feidhmeanna éagsúla ag eolas measúnaithe; orthu sin tá réimse feidhmeanna a shíneann, ar an láimh amháin, ó éascú a dhéanamh ar an bpleanáil neamhfhoirmiúil ar conas is fearr aire an linbh a ghabháil trí eispéireas suimiúil agus ghríosaitheacha go dtí feidhm níos foirmiúil, ar an láimh eile, .i. formheas a dhéanamh ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Molann Barnardos (2000) gur cheart go mbeadh páirt ag gach duine fásta a oibríonn le leanaí sa phróiseas pleanála, toisc go gcabhraíonn seo chun go mothóidh gach duine ina 'úinéir' ar an bpróiseas agus cinntíonn sé go gcuirfear chuige ar bhonn atá de réir a chéile. Leagann an liosta seo a leanas béim ar chuid de na slite praiticiúla ina bhféadfaí eolas measúnaithe a úsáid san athbhreithniú agus pleanáil le haghaidh na foghlama.

- Bain úsáid as eolas ar conas a réitíonn leanbh ar bhonn sóisialta lena c(h)omhaoiseanna d'fhonn tacaíocht ó dhaoine fásta a phleanáil dó/di i ngníomhaíocht ghrúpa, má tá gá leis, nó chun slite a phleanáil ina bhféadfadh an leanbh sin cúnamh a thabhairt do leanaí eile sa ghrúpa.
- Bain úsáid as eolas chun foghlaim thar gach ceann de na ceithre théamaí (folláine, féiniúlacht, cumarsáid agus taiscéaladh agus machnamh) a phleanáil.
- Bain úsáid as eolas chun plé agus taiscéaladh a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí ar conas is féidir tionscadail/coincheapa/scileanna atá á n-oibriú amach sa suíomh as baile a threisiú agus vice versa.
- Bain úsáid as eolas i dtaobh buanna linbh chun gníomhaíochtaí a chuirfidh dúshlán faoin leanbh i gcoitinne agus i réimsí áirithe foghlama a phleanáil.
- Bain úsáid as eolas neamhfhoirmiúil ar dheacrachtaí ab fhéidir a bheith ag leanbh i réimse ar leith d'fhonn breathnóireacht agus taifeadadh níos foirmiúla ar fhoghlaim an linbh sin a phleanáil.
- Bain úsáid as eolas foirmiúil ar réimse/réimsí deacrachta linbh chun spriocanna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha a phleanáil d'fhonn sainriachtanais a shroicheadh. Bain úsáid as an eolas chun na cineálacha tacaíochta a bheidh ag teastáil ón leanbh a aithint agus na slite inar féidir an tacaíocht seo a chur ar fáil don leanbh: acmhainní daonna agus ábhartha, deiseanna agus eispéireas foghlama, agus déine agus leibhéal na tacaíochta ó dhaoine fásta.
- Bain úsáid as eolas a fuarthas ó bhreathnóireachtaí ar idirghníomhaíochtaí an linbh i dtimpeallacht foghlama d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an dtimpeallacht fhisiceach agus d'fhonn pleanáil a dhéanamh le haghaidh feabhsuithe i dtéarmaí a bhfuil de spás sa timpeallacht, i dtaobh ionad agus oiriúnacht an troscáin, agus i dtaobh chineál agus ionad na n-ábhar.
- Bain úsáid as eolas ó fhéinmheasúnú linbh d'fhonn tuairim an linbh i dtaobh a bhfuil tábhachtach dar leis/léi ina c(h)uid foghlama a fheiceáil. Tabhair cabhair don leanbh chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil de dhul chun cinn déanta aige/aici go dtí seo agus chun na chéad spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha eile a d'fhéadfadh a bheith roimh an leanbh amach i réimse áirithe foghlama a dhéanamh amach. Déan pleanáil i bpáirt leis/léi a chabhróidh leis/léi na spriocanna seo a thabhairt chun críche.

Ní liosta gan teorainn é seo in aon chor ar conas ab fhéidir an measúnú a úsáid ar leibhéal praiticiúil chun cur le luathfhoghlaim gach linbh.

4.10 Conclúid

Tugann an measúnú eolas don nduine fásta a chuireann ar a c(h)umas dul chun cinn a aithint agus a cheiliúradh, chomh maith le pleanáil a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim an linbh sa tslí is oiriúnaí agus is cuí. Cuireann measúnú leanúnach neamhfhoirmiúil an linbh trí bheith ag breathnú, ag éisteacht agus ag caint, ar chumas an duine fásta pleanáil níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar eispéireas a chothóidh agus a spreagfaidh an fhoghlaim mar phróiseas taitneamhach. Ba cheart go gcuimseodh an phleanáil le haghaidh na foghlama, a dhéantar tríd an measúnú, gach buntomhas d'fhoghlaim an linbh agus go dtógfadh sé suimeanna agus meoin fhoghlama san áireamh, chomh maith.

Fachtóir eile atá tábhachtach is ea an comhthéacs le haghaidh na foghlama, agus ba chóir eolas i dtaobh thimpeallacht shóisialta, chultúrtha agus fhisiceach an linbh a thógáil san áireamh. Imríonn an leanbh féin páirt ghníomhach sa scéal agus tá ról lárnach ag tuismitheoirí/caomhnóirí sa phróiseas pleanála iomlán, toisc mioneolas agus aithne a bheith acu ar a leanbh. Tá tábhacht ollmhór le riachtanais speisialta oideachais, cibé an cineál, a aithint go luath. Tá an-tábhacht leis an measúnú, chomh maith, chun riachtanais indibhidiúla a dhéanamh amach, agus tá ról lárnach ag seo chun an córas tacaíochta agus na hacmhainní atá riachtanach d'fhonn clár foghlama a fhorbairt agus a chur ar fáil a chinntiú.

Bosca 4.1: Ag tabhairt tacaíochta don luathfhoghlaim tríd an bpróiseas measúnaithe – prionsabail phríomha atá tagtha chun cinn

- Tá an measúnú ar luathfhoghlaim leanaí mar dhlúthchuid de bhreathnóireachtaí laethúla agus d'idirghníomhaíochtaí an duine fásta leis an leanbh.
- Ceiliúrann an measúnú dul chun cinn agus gnóthachtáil an linbh, agus cuireann ar chumas an duine fásta pleanáil a dhéanamh i gcomhair fhoghlaim mhéadaithe, agus é/í ag tógáil ar bhuanna an linbh chomh maith le freastal ar riachtanais an linbh.
- Éascaíonn an measúnú dúinn leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a aithint go luath, á chur ar ár gcumas pleanáil a dhéanamh le haghaidh acmhainní riachtanacha agus le haghaidh cur chuige cuí d'fhonn tacú leis an bhfoghlaim.
- Ba chóir go mbeadh leanaí gníomhach i measúnú a gcuid foghlama féin, i socrú a spriocanna féin, rudaí a gcuireadh ar a gcumas iad a bheith ina bhfoghlaimeoirí muiníneacha, ábalta, fadsaoil.
- Tá léirthuiscintí agus eolas luachmhar ag tuismitheoirí/caomhnóirí i dtaobh a leanaí ar gnéithe tábhachtacha iad i gcruthú pictiúir iomláin ar fhorbairt agus ar fhoghlaim linbh.
- Téann an cleachtas machnamhach agus an measúnú le chéile agus cuireann siad meicníocht ar fáil i dteannta a chéile trínar féidir leis na comhpháirtithe sa phróiseas foghlama tairbhe a bhaint as.



Tá na gnéithe ar fad den luathfhoghlaim idircheangailte lena chéile: is ceart go mbeadh taithí ag leanaí ar raon leathan cothromaithe imeachtaí foghlama ina bhfuil gach gné den fhorbairt ar chomh-thábhacht agus idir-cheangailte.

An creat a thógáil

5.1 Réamhrá le roinn a cúig

5.2 Tionchair ar chreat náisiúnta

5.3 Creat don Luathfhoghlaim – an tsamhail mholta

5.4 Comhpháirteanna an chreata

5.5 Eiseamláirí den tsamhail

5.6 Conclúid

5.1 Réamhrá le roinn a cúig

Tosaíonn an mhír seo trí chuid de na fachtóirí a d'fhéadfadh dul i gcion ar chreat náisiúnta d'fhoghlaim na luath-óige a shainaithint. Ag baint feidhme as creataí idirnáisiúnta agus náisiúnta, molann sí eiseamláir a d'fhéadfaí a úsáid don Creat don Luathfhoghlaim. Déanadh an tsamhail mholta a dhearadh agus a chur i láthair le go mbeadh fócas ag an bpróiseas comhairliúcháin a bhéas an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag eagrú i dteannta le lainseáil an doiciméid chomhairliúcháin seo. Tiocfaidh dearadh agus cruth deireanach an creata as an gcomhairliúchán seo agus as an obair stiúrthe ag an CNCM a leanfaidh é.

5.2 Tionchair ar chreat náisiúnta

Is iomaí fachtóir a bhfuil tionchar aige ar eispéireas leanaí ar fhoghlaim na luath-óige (Bredekamp, Knuth, Kunesh, agus Shulman, 1992; Hayes, 1999). Tá tionchar ollmhór ag na roghanna a dhéanann muid do pháistí ar a n-óige agus ar an eispéireas a bheidh acu níos deireanaí. Tagann na roghanna seo ó thuairimí na sochaí faoi céard ba chóir do pháistí a fhoghlaim, cén chaoi ba chóir dóibh foghlaim agus cá háit ba chóir dóibh foghlaim. Bíonn tuairimí agus luachanna an-éagsúil ag an tsochaí, ag brath ar na comhthéacsanna soch-chultúrtha, polaitiúla agus fealsúnacha. Tá tionchar orainn chomh maith ag an léargas nua a thagann ó thaighde i réimsí an oideachais, na sláinte, na síceolaíochta agus na néareolaíochta, óir is mó an t-eolas agus an tuiscint atá againn ar fhoghlaim na luath-óige dá bharr. Beidh an cleachtadh atá ag leanaí ar fhoghlaim ag brath ar an áit ina gcaitheann siad a gcuid ama chomh maith le bheith ag brath ar na daoine a mbíonn teagmháil acu leo.

Rachaidh an éagsúlacht smaointe agus cleachtas i gcionn ar an gCreat don Luathfhoghlaim. Mar sin beidh an creat tuairisciúil seachas saintreorach, agus léireoidh sí indibhidiúlachas gach páiste, agus éagsúlacht na luath-óige in Éirinn. Deimhneoidh seo go ndéanfar foghlaim a idirbheartú idir an páiste agus an duine fásta taobh istigh de chaidreamh ina bhfuil muinín, aird agus cúram, agus go dtabharfaidh creat náisiúnta tacaíocht don fhoghlaim seo.

5.3 Creat don Luathfhoghlaim – an tsamhail mholta

Cuireann fomhíreanna 5.3 go 5.5 samhail mholta an CNCM don Creat don Luathfhoghlaim i láthair. Tá an tsamhail seo intuigthe tríd an doiciméad seo agus léiríonn sí tuiscint ar leith ar pháistí mar fhoghlaimeoirí óga, chomh maith le háit an aosaigh maidir lena bhfoghlaim a thacú agus a leathnú. Is éard atá sa tsamhail seo ná cur chuige a d'fhéadfaí a úsáid chun an creat a fhorbairt. Níl sí críochnaithe agus ní mór í a fhorbairt. Tá súil againn áfach go gcuidíonn é a bheith sa doiciméad comhairliúcháin seo leis an bpróiseas comhairliúcháin, a fhágann bealach chun tús a chur leis an obair fhorbartha ar an gcreat féin.

Bunús fealsúnach agus luachanna an chreata
Tugann na prionsabail bhunúsacha atá ag teacht amach, mar a léirítear i ranna níos luaithe sa doiciméad seo, tús dúinn i dtaca le bunús fealsúnach agus luachanna a thabhairt don chreat.

I measc na bprionsabal a aithníodh go dtí seo is ea an tuairim go bhfuil gach páiste sainiúil agus go bhfuil ábaltacht agus cumas foghlama aige. Léiríonn roinn a dó ach go háirithe a thábhachtaí is atá an sainiúlacht seo chun an cineál eispéireas foghlama is fearr a chothóidh agus a leathnóidh oideachas gach páiste. Clúdaítear anseo an méid tacaíochta ó dhaoine fásta a bheidh ag teastáil ón bpáiste má tá sé chun taitneamh a bhaint as an bhfoghlaim mar rud dearfach agus suntasach.

Déanfaidh an creat an luath-óige a aithint mar chéim thábhachtach sa saol inti féin, agus mar thréimhse ríthábhachtach i bhforbairt an duine. Trí tús áite a thabhairt do ghné shóisialta agus chultúrtha na luathfhoghlama, agus an ról lárnach atá ag teanga inti, is féidir léi a léiriú a thábhachtaí is atá sé go mbeadh leanaí ag foghlaim in éineacht le leanaí agus daoine fásta eile, agus ag foghlaim uathu chomh maith. Tugann na prionsabail an ról tábhachtach atá ag leanaí féin chun solais, ó thaobh foghlaim a chruthú agus a stiúradh a thaitníonn go pearsanta leo, a thugann spreagadh dóibh agus atá ábhartha, agus leagann siad béim chomh maith ar an ngá atá ann le tacaíocht thuisceanach ó dhaoine fásta. Léiríonn na prionsabail chomh maith go bhfuiltear tiomnaithe do pháistí is cuma cén cumas, cultúr, teanga, creideamh, cine nó cúlra soch-eacnamaíoch atá acu.

5.4 Comhpháirteanna an chreata

Tugtar roinnt comhpháirteanna a moladh anseo thíos. Taispeánfaidh siad seo cén chaoi a d'fhéadfadh an creat a bheith úsáideach agus ábhartha dóibh siúd atá ag obair in earnáil na luath-óige.

Ba chóir go ndéanfadh an creat

- an **fhís** de pháistí mar luathfhoghlaimeoirí, ar a bhfuil an creat bunaithe, a chur i láthair
- a **bhunús fealsúnach agus luachanna** chomh maith lena **haidhmeanna** a chur in iúl
- na **prionsabail** a thaispeáint a léiríonn conas tacú le luathfhoghlaim leanaí ar bhealach a thugann meas don chaoi ina bhfoghlaimíonn siad agus do thábhacht na foghlama sin
- **foghlaim trí na ceithre théama** a léiriú a pléadh i roinn a dó (folláine, féiniúlacht agus muintearas, cumarsáid, agus taiscéaladh agus smaoineamh)
- sraith **aidhmeanna** laistigh de na ceithre théama a chur i láthair
- **spriocanna foghlama** laistigh de gach aidhm a léiriú
- raon **d'eispéireas ar fhoghlaim** a shainaithint agus a thuairisciú a bhféadfaí leas a bhaint astu chun na spriocanna seo a bhaint amach, ag cur éagsúlachtaí cumais, cultúir, teangacha, creidimh, cine agus cúlra soch-eacnamaíoch na leanaí san áireamh
- **eiseamláirí** (nó cás-staidéir) de dhea-chleachtas i dtaca le cothú na luathfhoghlama a chur san áireamh, a thaispeánann an éagsúlacht atá ann i gcúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn (mar shampla, éagsúlacht áite, aois an linbh, fealsúnachta agus cur chuige oideolaíoch)
- na **stíleanna/modhanna idirghníomhacha** a chur in iúl trí straitéisí a léiriú a bhféadfadh tuismitheoirí/caomhnóirí leas a bhaint astu, chomh maith leis na cinn a bhféadfadh **cleachtóirí** cleachtóirí/feighlithe linbh a úsáid agus iad ag cothú luathfhoghlama
- tábhacht comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí/caomhnóirí a chur chun cinn i dtaca le foghlaim leanaí a chothú nuair nach bhfuil siad sa bhaile nó/agus sa chás go bhfuil **gairmithe eile lena n-áirítear teiripeoirí** ag tabhairt tacaíochta do pháistí
- comhairle a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí/cleachtóirí faoi cén chaoi is féidir leo tacaíocht a thabhairt dá chéile i dtaca le **measúnú** a úsáid ar leas leanaí indibhidiúla

- **cleachtas machnamhach** a chur chun cinn (do chleachtóirí) a thugann cumhacht don duine fásta ina ról mar mhúinteoir agus mar fhoghlaimeoir

- comhairle phraiticiúil a chur ar fáil faoi **phleanáil** (i gcás an chleachtóra) don luathfhoghlaim le go dtugann neart na leanaí maille lena gcuid riachtanas cruth d'ispéireas a thugtar dóibh.

Chuir an doiciméad comhairliúcháin seo cuid de na heilimintí seo i láthair i ranna a haon go dtí a ceathair cheana. Léirigh roinn a haon aidhmeanna an chreat, agus chuir roinn a haon agus a dó síos ar an mbunús fealsúnach leathan. Chuir roinn a dó luathfhoghlaim i láthair mar phróiseas comhtháite agus chuir sí síos ar na ceithre théama atá á moladh. Thaispeáin roinn a trí an áit lárnach atá ag caidreamh agus súgradh mar chomhthéacsanna don fhoghlaim. Phléigh roinn a ceathair ról na measúnaithe i dtaca le foghlaim leanaí a chothú.

Tá a lán cosúlachtaí idir na creataí curtha chun cinn in Éirinn agus i dtíortha eile agus an tsamhail molta sa doiciméad seo. Mar shampla, tá Te Wh_riki (1996), an creat as an Nua Shéalainn a luadh níos luaithe, bunaithe ar shraith prionsabal, agus léiríonn sí foghlaim trí shraitheanna, spriocanna agus torthaí leathana foghlama do leanaí ó bhreith go dtí aois scoile (cúig bliana go hiondúil). Mar a gcéanna déanann Curaclam na Sualainne don réamhscoil (1998) (leanaí ó bhliain amháin go sé bliana d'aois) foghlaim trí spriocanna a leagan amach chomh maith. Cuidíonn treoirlínte leis na cleachtóirí agus iad ag iarradh na spriocanna seo a bhaint amach. Leagann Curaclam na Bunscoile (1999a) béim ar fhoghlaim trí phrionsabail, réimsí curaclaim agus chuspóirí cumasúcháin. Tugann sé comhairle ar an gcur chuige agus an mhodheolaíocht ar chóir don mhúinteoir leas a bhaint astu chun tacaíocht a thabhairt do pháistí agus iad ag foghlaim. Aontaíonn sé leis an tuairim go bhfuil áit lárnach ag an múinteoir i dtaca le heispéireas foghlama a phleanáil agus a sholáthar a fheileann do gach páiste.

> Laistigh de chreat an churaclaim is féidir le scoileanna clár a phleanáil a fheileann do chúinsí na scoile agus do riachtanais, chumas agus ábhair spéise na leanaí.
>
> (Réamhrá don Churaclam Bunscoile, 1999a, lch.11)

FÓCASCHEISTEANNA

An gcabhróidh na comhpháirteanna atá molta leat taithí foghlama cuí a chur ar fáil do na leanaí go léir atá faoi do chúram?

Cén treoir bhreise, má tá gá leis, a bheadh úsáideach sa chreat, dar leat?

5.5 Eiseamláirí den tsamhail

Moltar go ndéanfaidh an Creat don Luathfhoghlaim foghlaim a leagan amach trí fheidhm a bhaint as na ceithre théama: folláine, féiniúlacht agus muintearas, cumarsáid, agus taiscéaladh agus smaoineamh. Sa tsamhail a leanas, cuirtear gach téama i láthair trí shraith aidhmeanna, agus tá sraith spriocanna foghlama ag gach aidhm. Tá roinnt moltaí ann chomh maith faoi eispéireas foghlama a chuideoidh leis an leanbh agus é ag iarradh na spriocanna seo a bhaint amach. Tugtar roinnt eiseamláirí (cás-staidéir) de dhea-chleachtas sa luathfhoghlaim. Tá na heiseamláirí seo bunaithe ar na prionsabail leagtha amach sa doiciméad comhairliúcháin, agus taispeánann siad bealaí ar féidir le daoine fásta tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim an linbh.

Tá súil againn go dtiocfaidh aiseolas úsáideach as an bpróiseas comhairliúcháin maidir le tairbhe na dtéamaí molta, agus leis an gcaoi a léirítear gach téama sna leathnaigh a leanas, ag baint feidhme as aidhmeanna, spriocanna agus eispéireas foghlama. D'fhéadfadh go dtiocfadh smaointe eile as an gcomhairliúchán i dtaca leis an tsamhail mholta nó eiseamláirí d'eispéireas foghlama nó eiseamláirí eile a fheabhsú.



Aidhmeanna

Déantar folláine fhisiceach, mhothúchánach, agus intleachtach an linbh a chothú laistigh de chaidrimh láidir agus chothaitheacha le daoine eile.

Ba chóir go mbeadh leanaí ag foghlaim i dtimpeallacht chompordach agus shábháilte

- ina gcothaítear a folláine mhothúchánach agus intleachtach
- ina gcothaítear a folláine fhisiceach agus a sláinte
- a mbraitheann siad sábháilte inti
- in gcothaítear a folláine mhorálta agus spioradálta
- inar féidir leo foghlaim go dearfach agus go taitneamhach
- ina gcaitear leo go dearfach mar dhaoine aonair, fhoghlaimeoirí agus mar bhaill den ghrúpa.

Seo ceann de na haidhmeanna seo ag úsáid spriocanna, eispéireas foghlama agus eiseamláir:

Aidhm Shamplach
Foghlaimíonn leanaí i dtimpeallacht chompordach agus shábháilte ina gcothaítear a folláine fhisiceach agus a sláinte.

Spriocanna
Ba chóir go gcuideodh an duine fásta leis an leanbh

- eolas a fhorbairt ar a gcorp agus na feidhmeanna agus cumas atá aige
- smacht agus comhordú a fhorbairt ar ghluaiseacht an choirp
- a scileanna fisiceacha a iniúchadh agus triail a bhaint astu
- a scileanna fisiceacha a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí dúshlánacha agus taitneamhacha
- scileanna féinchabhracha a fhorbairt ó thaobh cúram a choirp maidir le sláinteachas, beathú agus gnáthaimh cosúil le scíth, níochán
- agus cóiriú
- roghanna sláintiúla a dhéanamh agus dearcadh dearfach a fhorbairt faoi bheathú, sláinteachas agus ghnáthaimh.

Eispéiris fhoghlama
Is féidir le heispéireas foghlama mar iad seo a leanas cuidiú chun na spriocanna agus na haidhmeanna thuasluaite a bhaint amach. Bíonn riachtanais éagsúla ag leanaí agus ní bheidh an chabhair chéanna ag teastáil uathu agus iad ag glacadh páirte agus ag foghlaim óna n-eispéireas.

Leanbáin
Iniúchann leanbáin rudaí trí leas a bhaint as na céadfaí ar fad – blas, mothú, boladh, éisteacht agus radharc. Foghlaimíonn an leanbán go céadfaíoch má chuirtear rudaí go cúramach in a thimpeallacht, agus neartaíonn seo matáin na láimhe agus cuidíonn leis gluaiseachtaí a choirp a chomhordú.

Faigheann an leanbán tuiscint níos fearr ar a chumas fisiceach má spreagtar é chun aithris a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí daoine fásta, bualadh bos, mar shampla, nó ceann a chlaonadh, gáire agus lámh a chroitheadh.

Mamailínigh
Tá deiseanna ag an mamailíneach a bheith i dteagmháil go fisiceach le hoibiachtaí, trí liathróid a bhualadh, bréagáin a iompar nó a chaitheamh, duilleoga a phiocadh ón talamh, uisce a dhoirteadh nó caisleáin ghainimh a thógáil.

Is féidir leis an mamailíneach na cineálacha éagsúla bia a thaitníonn leis a chur in iúl, agus ag an am céanna is féidir nósanna bia sláintiúla a thaispeáint dó.

Leanaí óga
Tá deiseanna ag an leanbh óg scileanna mórluaileacha agus mínluaileacha a fhorbairt, mar shampla, greim a bhreith ar liathróid, í a chothromú nó preab a bhaint aisti, marcanna a dhéanamh, nó bheith ag scriobláil, ag líníocht agus ag úsáid snáithí.

Cuidítear leis an leanbh óg chun go mbíonn sé in ann scileanna féinchabhracha agus féinchúraim a úsáid le linn gnáthamh mar ithe, ól, dul go dtí an leithreas, ligean scíthe, ag ní, agus gléasadh le héadaí.

Eiseamláir

Aoisghrúpa: Leanaí óga
Feighlí leanaí is ea Liz a bhfuil áis súgartha le fál curtha uirthi lasmuigh dá teach. Tá sleamhnán aici inti le gur féidir leis na leanaí taitneamh a bhaint as dreapadóireacht agus sleamhnú.

Spreagann Liz na leanaí le sealaíocht a dhéanamh ar an sleamhnán, ag cur in iúl dóibh chomh tábhachtach is atá sé rudaí a roinnt lena chéile. Coinníonn sí súil ghéar orthu le cinntiú go bhfuil gach leanbh páirteach sa súgradh, agus gur féidir leis scileanna dreapadóireachta agus sleamhnaithe a fhoghlaim agus a chur chun cinn. Trí bheith ag éisteacht go géar leo, tá sí ann fáil amach cén chaoi a mhíníonn na leanaí óga iad a bheith ag barr na scuaine don sleamhnán gan feitheamh, ag rá, 'Is é mo shealsa arís mar santaím é…' Cúis ionaidh di go gcuireann na leis eile suas leis an iompraíocht seo.

Agus Liz á spreagadh agus ag tabhairt tacaíochta fisiceacha do roinnt leanaí, téann siad suas ar an sleamhnán féin agus sleamhnaíonn siad síos ar a mbolg. Tugann géire na dreapadóireachta faobhar don eachtraíocht shúgartha.

Tá sé deacair do Sheán, duine de na leanaí óga, é féin a tharraingt ar an sleamhnán gan feidhm a bhaint as na céimeanna. Ós rud é go bhfuil a fhios sin ag Liz ó bheith ag caint lena dhaid, beireann sí greim láimhe air le cuidiú leis barr an sleamhnáin a shroicheadh. Tá áthas ar Sheán an barr a bhaint amach.

Leanann na leanaí ar aghaidh ag súgradh ar feadh tamaill, ag scairteadh focal mar 'suas', 'síos', 'níos tapúla', 'níos airde', 'géar', 'sleamhain' agus iad ag dul suas agus sleamhnú síos. Tugann Liz focail nua don ghrúpa le cuidiú leo labhairt faoina ngníomhaíochtaí agus lena mothúcháin a chur in iúl.

Roinnt prionsabail mar bhunús don eiseamláir seo.

- Déantar measúnú ar luathfhoghlaim leanaí a chomhtháthú i mbreathnóireacht laethúil an duine fásta ar an bpáiste agus sa teagmháil atá aige leis.
- Tá léargas agus eolas fiúntacha ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar a leanaí nár mhór a chur san áireamh agus pictiúr iomlán d'fhorbairt an pháiste á chruthú.
- Comhthéacs tábhachtach ó thaobh foghlama is ea súgradh .

Aidhmeanna

Cuireann mothúcháin fhéiniúlachta agus muintearas le folláine agus sábháilteacht inmheánach.

Ba chóir go mbraithfeadh leanaí go bhfuil áit acu sa phobal

- inar léir dóibh go nglactar leo go dearfach agus go bhfreastalaítear ar a gcuid riachtanas
- inar féidir leo roghanna a dhéanamh agus a chur in iúl
- inar féidir leo pleanáil i gcomhoibriú lena chéile, sealanna a ghlacadh agus acmhainní a roinnt
- inar spreagtar iad le foghlaim i dteannta le leanaí eile
- ina ndéantar naisc leis an teaghlach agus an domhan mór a dhearbhú agus a leathnú
- ina mbraitheann siad compordach le gnáthaimh, nósanna agus imeachtaí rialta
- ina gcothaítear agus ina dtugtar meas do shiombail agus ghnéithe a gcultúir féin.

Seo ceann de na haidhmeanna seo ag úsáid spriocanna, eispéireas foghlama agus eiseamláir:

Aidhm Shamplach
Ba chóir go mbraithfeadh leanaí go bhfuil áit acu i bpobal a mbraitheann siad compordach ann agus inar féidir leo na gnáthaimh, nósanna agus imeachtaí rialta a thuiscint.

Spriocanna
Ba chóir go gcuideodh an duine fásta leis an leanbh

- le go mbeadh féinmhuinín aige trí ghnáthaimh laethúla laistigh de dhlúthchaidreamh a bhfuil muinín iontu
- le go mbeadh sé in ann mothúcháin agus riachtanais daoine eile a aithint agus meas a bheith acu orthu, agus go dtuigfeadh sé/sí na teorainneacha iompraíochta ar féidir glacadh leo
- le go mbeadh dearcadh dearfach aige i leith daoine eile a bhfuil inscne, teanga, creideamh nó cultúr difriúil acu
- le go dtuigfeadh sé/sí go bhfuil sé tábhachtach i saol daoine eile féilte cultúrtha agus creidimh a cheiliúradh.

Eispéiris fhoghlama
Is féidir le heispéireas cosúil leis na cinn a leanas cuidiú leis na spriocanna agus na haidhmeanna leagtha mach thuas a bhaint amach. Bíonn riachtanais éagsúla ag leanaí agus ní bheidh an chabhair chéanna ag teastáil uathu ó dhaoine fásta agus iad ag glacadh páirte agus ag foghlaim óna n-eispéireas.

Leanbáin
Tá rainn agus amhráin choitianta sa chlár foghlama. Tá áit phearsanta agus a rudaí féin ag leanaí. Spreagtar iad le bheith ag súgradh go neamhspleách leis na rudaí seo.

Is maith leo gnáthaimh agus aithne a bheith acu ar na daoine agus na rudaí thart timpeall orthu. Tugann sé sólás dóibh na fuaimeanna a chloisteáil a bhfuil siad cleachtach orthu, agus an cúramóir a bheith cóngarach dóibh.

Mamailínigh
Tá deis ag mamailínigh éisteacht le daoine eile agus canadh in éineacht leo agus cur le gníomhartha an lae ina mbealach féin.
Tá deiseanna ag mamailínigh súgradh le naíonáin eile a bhfuil teanga agus cultúr difriúil acu.

Foghlaimíonn siad dearcadh dearfach i leith difríochtaí, agus meas a bheith acu ar a gcultúr féin.

Leanaí óga
Labhraíonn leanaí óga fúthu féin, faoina dteach, a dteaghlach agus a gcairde agus faoi rud ar bith a gcuireann siad spéis ann. Foghlaimíonn siad éisteacht le leanaí eile agus iad ag caint.

Tá deiseanna ag leanaí óga foghlaim faoi fhéilte cultúrtha agus creidimh. Cuidíonn seo leo cur amach a bheith acu ar chreideamh agus thraidisiúin a dteaghlaigh féin, agus faoin modh maireachtála atá ag daoine eile sa phobal.

Luathfhoghlaim foghlaim a
trí fheidhm a bhaint as na
théama: folláine féiniúlach
muinteoras, cumarsáid a
agus smaoineamh. Sa tsar
cuirtear gach téama i lát
shraith aidhmeanna, agus t
spriocanna foghlama ag gac

Eiseamláir

Aoisghrúpa: Leanbáin
Tá ceithre mhí déag slánaithe ag Alyssa. Tá sí ag plobaireacht go breá léi féin agus í ag iniúchadh roinnt píobán cairtchláir agus baineann sí triail as a brící a chur sna píobáin. Tá a máthair i ngar di ag cur lipéid ar ghrianghraif nua agus á gcur san albaim. Tugann Alyssa faoi deara céard atá ar siúl ag a máthair, tosaíonn sí ag lámhacán i dtreo a máthar agus ag cur spéise sna grianghraif.

Cuireann a máthair ar a glúin í agus féachann siad le chéile ar na grianghraif; sa chuid is mó díobh tá Alyssa lena máthair agus Sam an madra le feiceáil. Síneann a máthair méar i dtreo Alyssa, í féin agus an mhadra, ag aithris na n-ainmneacha ag an am céanna. Ansin síneann Alyssa a méarsa i dtreo na n-aghaidheanna éagsúla. Agus í ag breathnú ar a dreach, a gluaiseachtaí coirp agus na hiarrachtaí a dhéanann sí focail a rá, agus á míniú, cuireann a máthair ceisteanna ar Alyssa agus labhraíonn léi faoi na daoine sna grianghraif, mar shampla, a n-aghaidheanna agus céard tá ar siúl acu. Tá áthas ar Alyssa í féin a fheiceáil sna grianghraif agus buaileann sí bosa lena corraí agus a gliondar a chur in iúl nuair a fheiceann sí a híomhá féin.

Féachann sí ar ghrianghraf amháin agus ansin ar cheann eile agus í ag iompú leathnaigh na halbaim, ag plobaireacht nuair a shíníonn sí a méar i dtreo gach grianghraf. Nuair a fheiceann sí an chaoi a dtéann siad i bhfeidhm uirthi, roghnaíonn a máthair roinnt grianghraif agus déanann bailiúchán simplí grianghraf do Alyssa le go mbeadh sí in ann 'súgradh' leo. Is cuid iad seo den ábhar 'léitheoireachta' a dhéanann Alyssa lena máthair sa tseachtain dár gcionn. Nuair a fhéachann siad ar na grianghraif agus nuair a labhraíonn siad fúthu le linn a ngnáthamh, tagann comhráite agus scéalta astu bunaithe na hócáidí/imeachtaí sna grianghraif.

Roinnt prionsabail mar bhunús don eiseamláir seo.

- Foghlaimíonn an páiste i gcomhthéacs dlúthchaidrimh a chothaíonn é, a chuidíonn le hidirghníomhú, taiscéaladh agus cumarsáid.
- Meán ríthábhachtach foghlama is ea teanga
- Ba chóir go mbeadh féin-íomhá dearfach agus féin-mheas láidir ag gach páiste.
- Tá ról lárnach ag tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le luathfhoghlaim a leanaí a chothú.
- Déantar measúnú ar luathfhoghlaim leanaí a chomhtháthú i mbreathnóireacht laethúil an duine fhásta ar an bpáiste agus sa teagmháil atá aige leis.

Aidhmeanna

Is é croílár na luathfhoghlama agus forbartha cumas cumarsáide an linbh.
Ba chóir go mbeadh leanaí in ann na scileanna cumarsáide a fhorbairt i dtimpeallacht chompordach agus shábháilte

- ina ndéanann siad scileanna cumarsáide neamhbhriathartha a chur chun cinn agus a úsáid
- ina ndéanann siad teanga a fhorbairt agus a úsáid go hilchuspóireach
- ina dtuigeann siad a n-eispéireas féin trí theanga
- ina bhfoghlaimíonn siad meas agus tuiscint a bheith acu ar chumarsáid dhaoine eile
- ina leathnaíonn siad a dtuiscint ar an domhan trí theanga
- ina mbíonn teanga á feiceáil, á cleachtadh agus á úsáid acu ina foirm shiombalach
- inar féidir leo iad féin a chur in iúl go cruthaitheach agus go samhlaíoch trí mheáin cosúil le péintéireacht, damhsa agus ceol chomh maith le teanga.

Seo ceann de na haidhmeanna seo ag úsáid spriocanna, eispéireas foghlama agus eiseamláir:

Aidhm Shamplach
Foghlaimíonn leanaí cumarsáid i dtimpeallacht chompordach agus shábháilte ina ndéanann siad teanga a fhorbairt agus a úsáid go hilchuspóireach.

Spriocanna
Ba chóir go gcuideodh an duine fásta leis an leanbh

- ionas gur féidir bheith ina úsáideoir teanga inniúil go sóisialta i raon comhthéacsanna cosúil le súgradh agus gnáthaimh laethúla
- teanga a úsáid le muinín mhéadaitheach
- stór focal a fhorbairt agus a leathnú
- scileanna éisteachta agus freagartha a fhorbairt
- a úsáid teanga a fhorbairt ar bhealach níos sofaisticiúla, le go mbeadh sé in ann rudaí a ainmniú, ceisteanna a chur, cur síos ar rudaí, pleanáil, scéalta a insint, réamh-mheas, insint agus rudaí a chur in ord
- bheith in ann ar a laghad teanga amháin a úsáid go cumasach, agus san am céanna eolas méadaitheach a bheith aige agus meas ar theangacha eile
- teanga a úsáid go taitneamhach cruthaitheach agus samhlaíoch trí comhrá, rainn, scéalta, amhráin agus focail ghreannmhara a úsáid.

Eispéiris fhoghlama
Is féidir le heispéireas cosúil leis na cinn seo a leanas cuidiú chun na spriocanna agus aidhmeanna leagtha amach thuas a bhaint amach. Bíonn riachtanais éagsúla ag leanaí agus ní bheidh an chabhair chéanna ag teastáil uathu agus iad ag glacadh páirte agus ag foghlaim óna n-eispéireas.

Leanbáin
Foghlaimíonn an leanbh óg úsáid a bhaint as fuaimeanna le teachtaireachtaí a chur in iúl agus rudaí a mhíniú do dhaoine eile, mar shampla, nuair atá tuirse nó ocras air, nó má tá sé sásta nó má tá rud éigin uaidh. Neartaítear é seo nuair a thuigeann an duine fásta an teachtaireacht agus nuair a fhreagraíonn sé dó go cuí comhsheasmhach.

Feabhsaíonn an leanbh a t(h)uiscint ar úsáid teanga trí éisteacht, freagairt, aithris agus a 'malartáin chumarsáide' dáiríre a bheith aige le daoine fásta. Mar shampla, tugann an duine fásta ainm don rud a bhfuil an leanbh ag díriú a aird air, agus leathnaíonn sé an stór focal ansin leis an míniú a shaibhriú, mar shampla, athraíonn 'liathróid' go dtí 'liathróid mhór ghorm'.

Mamailínigh
Leathnaíonn an duine fásta úsáid teanga an mamailínigh tríd na focail agus abairtí a úsáideann sé a fhreagairt go dearfach agus go spreagúil, trí fhocail nua a thabhairt isteach i gcomhthéacsanna dáiríre agus trí comhráite a thosú faoi ábhair, eachtraí agus imeachtaí a gcuireann sé spéis iontu.

Leathnaíonn an mamailíneach óg a stór focal má fhaigheann sé deiseanna labhairt le daoine eile, éisteacht le scéalta agus scéalta a insint é féin, agus foinsí leathana teanga a bheith ar fáil dó. Éiríonn sé cleachtach ar theanga eile a chloisteáil, mar shampla, trí mholadh, amhráin nó chluichí.

Leanaí óga
Foghlaimíonn an leanbh óg an teanga a úsáid ar bhealaí níos casta trí dheiseanna a bheith aige ceisteanna a chur, scéalta a insint agus a chur in ord, pleanáil, réamh-mheas, réasúnú, míniú agus áitiú. Faigheann sé taithí níos leithne ar an dara theanga, agus é ag ainmniú rudaí ar spéis leis iad agus ag foghlaim roinnt abairtí agus amhráin shimplí. Faigheann an leanbh óg tuiscint níos doimhne ar theanga i gcló. Cuidíonn an duine fásta leis an leanbh an míniú agus na teachtaireachtaí a thuiscint trí dheiseanna a thabhairt dó ábhair chlóbhuailte a fheiceáil i gcomhthéacs na foghlama.

Eiseamláir

Aoisghrúpa: Leanaí óga
Tá Déaglán, an múinteoir naíonán, ag léamh an scéil 'Na Trí Mhuc Bheaga' dá ghrúpa a bhfuil fiche trí leanaí ceithre agus cúig bliana d'aois ann.

Úsáideann Déaglán leabhar scéil 'mór' le gur féidir leis na leanaí go léir na léaráidí agus na focail a fheiceáil. Cuireann sé mórán ceisteanna oscailte agus é ag léamh, ag spreagadh na leanaí le go dtuigfidh iad gníomhaíochtaí na muc/an mhac tíre, ag cuidiú leo chun taobh na muca/an mhac tíre a fheiceáil agus gníomhartha eile a d'fhéadfadh na muca/an mac tíre a dhéanamh a shamhlú. Ceisteanna indibhidiúla atá ann chomh maith le ceisteanna dírithe ar an ngrúpa, agus cuidíonn siad leis na leanaí fadhbanna a réiteach agus a scileanna smaointiúla a fheabhsú, chomh maith le cuidiú leo feidhm ilchuspóireach a bhaint as teanga.

Sna laethanta dar gcionn déanann na leanaí an scéal a athinsint le Déaglán agus ina n-aonar, ag baint leas as puipéid mhéire chun an scéal a mheabhrú dóibh. Baineann siad leas as léaráidí ón leabhar chun an scéal an chur in ord. Gach uair a ath-insíonn siad an scéal bíonn tuilleadh den scéal ag na leanaí agus ar deireadh tá siad in ann scéal a insint gan aon chuidiú ón múinteoir. Cruthaíonn roinnt leanaí fuaimeanna agus cumann siad amhráin don scéal, ag baint leas as oibiachtaí agus uirlisí ceoil sa rang.

Déanann leanaí eile samhlacha de theach na muca, ag úsáid marla, súgán, cipíní, agus púróga. Leagann siad lámh ar, bolaíonn agus cuireann siad síos ar na hábhair atá siad ag úsáid. Ceapann siad seifteanna chun na tithe seo a thriail féachaint an bhfuil siad láidir go leor agus uiscedhíonach (eolaíocht). Le linn na hoibre seo, déanann Déaglán comhráite faoin obair atá á déanamh agus faoi phleananna na leanaí a struchtúrú go cúramach le leanaí indibhidiúla agus le grúpaí beaga, lena gcuid smaoineamh a leathnú, cuidiú leo foghlaim óna chéile agus a dteanga léiritheach a fhorbairt. Trí idirghníomhú ar bhealach pleanáilte agus cuspóireach leis na leanaí, cuidíonn sé leo réasúnú agus fírinniú, tuairimiú agus hipitéisí a dhéanamh de réir mar a fhorbraíonn siad a scileanna smaoinimh. Breathnaíonn Déaglán orthu agus é seo á dhéanamh acu, agus tugann sé faoi deara idirghníomhú sóisialta na leanaí, a n-úsáid teanga agus na scileanna atá acu rudaí a chur in ord. Úsáideann sé an t-eolas seo chun deiseanna foghlama eile a phleanáil do na leanaí. Molann sé do na leanaí an scéal a insint dá dtuismitheoirí/caomhnóirí sa bhaile, agus cur síos ar na gníomhaíochtaí bainteacha.

Roinnt prionsabail mar bhunús don eiseamláir seo.

- Foghlaimeoirí gníomhacha is ea leanaí, a thuigeann a dtimpeallacht trí na céadfaí, gluaiseacht agus teanga a úsáid.
- Foghlaimíonn leanaí trí ghníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí le daoine eile.
- Meán ríthábhachtach foghlama is ea teanga.
- Tá áit lárnach ag an duine fásta maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí le cuidiú leo foghlaim trí idirghníomhú ardchaighdeánach.
- Ceiliúrann measúnú dul chun cinn an linbh agus ligeann sé don duine fásta foghlaim níos fearr a phleanáil bunaithe ar neart an linbh agus ag freastal ar a riachtanais.

Aidhmeanna

Taiscéalann agus tuigeann an leanbh a thimpeallacht go hilchéadfach. Trí bheith ag taiscéaladh go gníomhach tá deiseanna ag an an leanbh forbairt ar mhórán bealaí, go cognaíoch agus go fisiceach. Ba chóir go mbeadh an an leanbh in ann

- gluaiseachtaí agus céadfaí a úsáid le ceangail agus patrúin a aithint
- scil na breathnóireachta a fhorbairt ag úsáid na céadfaí uile
- páirt a ghlacadh go spraíúil maidir leis an timpeallacht a iniúchadh agus a thaiscéaladh
- scileanna cruthaitheacha agus samhlaíocha a fhorbairt
- léirthuiscint a bheith aige ar áilleacht nádúrtha agus ar iontas na ndúl
- forbairt go fisiceach agus é ag idirghníomhú leis an gcomhshaol
- spéis a chur sa chomhshaol
- smaoineamh, taiscéaladh agus tuiscint níos casta a fhorbairt agus a fheabhsú
- siombail agus marcanna a thaiscéaladh agus a úsáid chun míniú a dhéanamh agus a chur in iúl

Seo ceann de na haidhmeanna seo ag úsáid spriocanna, eispéireas foghlama agus eiseamláir:

Aidhm Shamplach
Ba chóir go mbeadh deiseanna ag an an leanbh céadfaí agus gluaiseachtaí a úsáid chun ceangail a dhéanamh agus patrúin a aithint.

Spriocanna
Ba chóir go gcuideodh an duine fásta leis an an leanbh

- rudaí a aithint trí radharc, fhuaim, thadhall, bholadh agus bhlas
- ceisteanna a chur, triail a bhaint as rudaí, dearadh, fadhbanna a chruthú agus a réiteach
- patrúin, cruthanna agus dathanna sa timpeallacht a aithint
- rudaí a shórtáil agus a chur i ngrúpaí
- an difríocht idir bog agus crua a thuiscint in ábhair
- toisí a thuiscint, bheith in ann focail a úsáid chun cur síos ar thomhais (am, toilleadh, toirt, meáchan, fad, airgead).

Eispéiris fhoghlama
Is féidir le heispéireas cosúil leis na cinn seo a leanas cuidiú chun na spriocanna agus na haidhmeanna leagtha amach thuas a bhaint amach. Bíonn riachtanais éagsúla ag leanaí agus ní bheidh an chabhair chéanna ag teastáil uathu agus iad ag glacadh páirte agus ag foghlaim óna n-eispéireas.

Leanbáin
Tá leanaí an-mhaith chun ceangail agus patrún idir rudaí a aithint agus iad an-óg, mar shampla, aithníonn siad cruth na haghaidhe, agus an guth daonna, agus tuigeann siad go luath go mbaineann siad le chéile. Éisteann an leanbán leis an nguth daonna agus baineann sé triail as a chumas féin fuaim a chruthú chun é a fhreagairt.

Is féidir leis an gcumas atá ag an leanbán foghlaim trína c(h)éadfaí a chur le chéile leis an neart agus soghluaisteacht méadaithe atá aige, is féidir bréagáin a roghnú go cúramach (mar shampla, liathróidí, bréagáin ghluaisteacha, agus gligíní) a thaispeánann cúiseanna agus éifeachtaí ghníomhaíochtaí an leanbáin féin.

Mamailínigh
Tá saoirse ag mamailínigh le fáil amach cén chaoi a n-oibríonn rudaí, cén chaoi a dtéann siad le chéile agus i bhfeidhm ar a chéile, mar shampla, liathróid a chaitheamh chun scidilí a bhualadh.

Tá deiseanna ag mamailínigh rudaí a chur le chéile, a rangú agus a shórtáil, mar shampla, duilleoga a shórtáil agus a chomhaireamh, á gcur i ngrúpaí de réir dathanna agus méid.

Leanaí óga
Tugtar deiseanna do leanaí óga déileáil le hoibiachtaí réadúla agus le teoiricí a chruthú faoi cén chaoi a n-oibríonn siad agus cén chaoi iad a láimhseáil. Mar shampla, faigheann siad amach cén chaoi a dtéann uisce i bhfeidhm ar bhuidéil phlaisteacha, chlocha, pháipéar cistine agus chorc.

Is féidir le leanaí óga an méid ama a theastaíonn le tascanna áirithe a chur i gcomparáid: siúl go dtí an siopa in ionad a dhul ann sa charr; soithigh éagsúla, cupáin, crúiscíní, sáspain agus mar sin de a úsáid le mias a líonadh le huisce.

Eiseamláir

Aoisghrúpa: Mamailínigh
Oibríonn Vivienne i naíolann. Téann sí amach sa ghairdín lena rang. Tá a gcótaí agus scaifeanna orthu. Tosaíonn roinnt naíonáin ag tochailt na talún le spáda. ‘Fliuch!’ a deir Eve. ‘Greamaitheach!’ a scairteann Mary. ‘Dúirt mo Dhaid gur chuala sé an bháisteach ar feadh na hoíche aréir,’ a deir Jack. Nuair a chloiseann sí an comhrá ag forbairt, agus nuair a thugann na leanaí cuireadh di, glacann Vivienne páirt sa tochailt. Cuireann sí ceist faoi cén chaoi a bhfuil an talamh chomh greamaitheach agus cén chaoi a rachadh seo i bhfeidhm ar na créatúir bheaga a chónaíonn inti. Insíonn na leanaí di na smaointe agus na teoiricí atá acu. Freagraíonn Vivienne, ag insint dóibh cén chaoi a gcuireann créatúir áirithe suas leis na coinníollacha seo. Leanann na leanaí ar aghaidh lena gcomhrá, agus amhras orthu faoin eolas a thugann Vivienne dóibh.

Tugann Vivienne dianmhachnamh Jason faoi deara, agus é in aice leis an mbord ag bun an ghairdín ag doirteadh uisce ó fhraschanna plaisteacha lana isteach i sáspan plaisteach dearg. Tá sé thar a bheith sásta leis féin nach ndoirteann sé an t-uisce ar an talamh. Nuair a chríochnaíonn sé cuireann sé an t-uisce ar ais sa fhraschanna. ‘Tá sé lán arís!’ a deir sé agus tosaíonn sé ag cur an uisce ar ais sa sáspan arís.

Tagann Siobhán chuig an mbord gainimh agus uisce, agus doirteann sí gaineamh i gcriathar. Ardaíonn sí an criathar agus croitheann sí é le go dtitfidh an gaineamh tríd. Déanann sí seo arís agus arís eile. Tugann Vivienne faoi deara go bhfuil Katie ag féachaint go géar ar Shiobhán ag doirteadh an ghainimh. Tá a fhios aici go mbeidh cabhair fhisiceach ag teastáil ó Katie chun páirt a ghlacadh. Cuireann Vivienne criathar eile ar an mbord agus tosaíonn sí ag doirteadh an ghainimh tríd in aice le Siobhán. Faoi dheireadh, tagann Katie go dtí an bord agus cuireann sí in iúl gur mhaith léi triail a bhaint as. Doirteann Vivienne agus Katie an gaineamh tríd an gcriathar agus labhraíonn faoi gcaoi a dtiteann an gaineamh. Tá Katie agus Siobhan sáite ina gcuid tascanna agus níl aon fonn orthu a dhul isteach fiche nóiméad níos déanaí, nuair a mholann Vivienne dóibh a lámha a ní don sos sneaice.

Roinnt prionsabail mar bhunús don eiseamláir seo.

- Ba chóir a bheith cúramach faoin áit súgartha – más istigh nó amuigh di – le go mbeadh sí in ann idir chaidreamh agus shúgradh a chothú os rud é go bhfuil siad ina gcomhthéacsanna lárnacha don fhoghlaim.
- Comhthéacs tábhachtach don fhoghlaim is ea súgradh.
- Beidh sé ina chuidiú ar feadh an tsaoil fiosracht, fiontar, dianmhachnamh, ionnús, cruthaitheacht, cothroime a chothú. Déantar measúnú ar luathfhoghlaim leanaí a chomhtháthú i mbreathnóireacht laethúil an duine fásta ar an leanbh agus sa teagmháil atá aige leis.
- Tá gach leanbh uathúil agus forbraíonn agus foghlaimíonn sé de réir a chumais féin. Ba chóir go mbeadh foghlaim éifeachtach agus ábhartha agus a bheith ceangailte le neart, eispéireas agus suim an linbh.

FÓCASCHEISTEANNA

Léiríonn an tsamhail mholta don chreat foghlaim trí feidhm a bhaint as ceithre théama (folláine, féiniúlacht agus muintearas, cumarsáid, agus taiscéaladh agus smaoineamh). Tá roinnt aidhmeanna samplacha, spriocanna samplacha, eispéireas foghlama agus eiseamláir shamplach fhoghlama ag gach téama.

Cé chomh húsáideach is a bheadh an tsamhail seo duit chun foghlaim na leanaí go léir a chothú?

Céard iad na hathruithe a dhéanfá, más ann dóibh, don tsamhail seo?

5.6 Conclúid

Tugann seoladh an doiciméid chomhairliúcháin deis uathúil dúinn creat náisiúnta a fhorbairt a chothódh agus a fheabhsódh luathfhoghlaim do gach leanbh le linn na luath-óige ar fad sa tír seo.

Molann an mhír seo samhail don Creat don Luathfhoghlaim. Is é an próiseas comhairliúcháin a shocróidh an tsamhail a úsáidfear don chreat ar deireadh agus rachaidh seo i bhfeidhm ar an obair a leanfaidh, a dhéanfar faoi stiúir an CNCM. Tugtar an tsamhail mholta le go mbeidh fócas ag na díospóireachta le linn an phróisis chomhairliúcháin. In ionaid réimsí forbartha nó foghlama a úsáid, léiríonn an tsamhail luathfhoghlaim go hiomlánaíoch trí leas a bhaint as na ceithre théama. Leagann sé béim ar thábhacht an phróisis fhoghlama, agus tugann tús áite do ról an duine fásta le cinntiú go mbíonn eispéireas foghlama ag freastal ar uathúlacht an linbh.

Leagann an chéad mhír eile amach na pleananna don phróiseas comhairliúcháin, a chothóidh forbairt an chreata féin.

- Ba chóir a bheith cúram[illegible] sú[illegible]gartha[illegible] istigh nó amuigh dó – le go[illegible] ann idir cho[illegible] agus shúgradh a chothú [illegible] go bhfuil sia[illegible] ina gcomhthéacsanna [illegible] don fhoghlaim.

- Comhthéacs tábhachtach don fhoghlaim is [illegible]

- Beidh sé ina chuidiú ar fea[illegible] fiosracht, fiontar, dianmhachtain [illegible] cothroime a chothú. Déantar [illegible] luathfhoghlaim leanaí a chomhthāthú i mbreathnóireacht [illegible] uathúil an duine fásta ar an leanbh agus sa teagmháil atá aige leis.

- Tá gach leanbh uathúil agus forbraíonn agus foghlaimíonn sé de réir a chumais féin. Ba chóir go mbeadh foghlaim éifeachtach agus ábhartha agus a bheith ceangailte le neart eispéireas agus suim an linbh.



Céim thábhachtach i dtacú le hoideachas agus cúram luath-óige is ea an fhorbairt ar an Creat don Luathfhoghlaim.

Ba chóir go gcuirfeadh an múnla de chomhpháirtíocht agus comhairliúchán, mar a leagtar amach sa chuid seo, ar chumas an CNCM a gcuid saineolais agus tiomantas a úsáid laistigh den earnáil. Soláthróidh an saineolas agus an tiomantas seo bunús don chreat féin a fhorbairt.

Focail dheireanacha

Comhairliúchán agus comhpháirtíocht

Cuireann forbairt ar an gCreat don Luathfhoghlaim deiseanna ar fáil chun tuiscint roinnte a thógáil ar an mbealach is féidir tacú le gach leanbh go héifeachtach ó bhreith go sé bliana ina gcuid foghlama. Tá comhairliúchán agus comhpháirtíocht ag croílár na hoibre seo.

Déanann an CNCM a cuid hoibre i gcomhpháirt lena páirtithe leasmhara san oideachas. Gné thábhachtach is ea comhairliúchán. Mar a thaispeántar sa réamhrá den doiciméad seo, beidh comhairliúchán den sórt seo lárnach d'fhorbairt ar an Creat don Luathfhoghlaim.

Déanfar forbairt ar an gcreat i gcomhpháirt leis an earnáil um luathfhoghlaim, lena n-áirítear

- tuismitheoirí/caomhnóirí
- cleachtóirí sna hearnáil príobháideacha, poiblí agus deonacha
- ionadaithe ó ranna cuí rialtais
- gairmithe eile in oideachas agus cúram luath-óige agus disciplín bainteacha eile. Tá tábhacht leis an gcomhpháirtíocht seo ar roinnt cúiseanna. Déanfaidh comhpháirtíocht
- cabhrú le feasacht phoiblí a chruthú ar an tábhacht a bhaineann le luath-óige mar am ina mbíonn foghlaim agus forbairt phearsanta ollmhór, agus an tionchar a bhíonn aige seo ar fhoghlaim ina dhiaidh seo
- cabhrú le cultúr níos idirghníomhaí a chruthú idir tuismitheoirí/caomhnóirí, feighlithe linbh, cleachtóirí, gairmithe eile cuí agus lucht déanta beartas náisiúnta, agus idir teoiric agus cleachtas
- béim a chur ar dhíospóireacht agus í a chur chun cinn maidir leis na smaointe tábhachtacha a cuireadh i láthair sa doiciméad comhairliúcháin
- a chur ar chumas an CNCM dul i ngleic agus tógáil ar an raon cleachtais, tuairimí agus saineolais in earnái na luath-óige, chomh maith le heispéireas idirnáisiúnta
- cabhrú lena chinntiú go dtugann an Creat don Luathfhoghlaim tacaíocht do dhaoine fásta ina ndícheall feabhas leanúnach a chur ar a gcleachtaidh ar mhaithe le gach leanbh.

Bainfidh an CNCM úsáid as an straitéis chomhairlithe seo a leanas chun oibriú le hearnáil na luath-óige Creat don Luathfhoghlaim a fhorbairt.

1. An doiciméad comhairliúcháin: I dTreo Creata don Luathfhoghlaim

Forbraíodh an doiciméad reatha seo i ndiaidh go leor taighde i réimse um luathfhoghlaim, mar aon le hanailís ar threoracha curaclam a úsáidtear in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Léiríonn sé smaoineamh comhaimseartha agus tógann sé ar chleachtais anseo in Éirinn.Tá taithí shuntasach ag an CNCM i réimse an churaclaim luath-óige a fhorbairt, i ndiaidh dul i ngleic le dul siar agus athbhreithniú cuimsitheach ar churaclam naíonán i rith na 1990í. Chomhoibrigh sí go dlúth leis an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachais na Luath-Óige (CECDE) i rith scríobh an doiciméid seo. Thug lucht acadúil in Éirinn cúnamh agus comhairle di chomh maith i réimse na luathfhoghlama, chomh maith le cleachtóirí agus gairmithe sláinte ag obair le leanaí ó bhreith go sé bliana i réimse suímh. Ar an mbealach seo, soláthraíonn an doiciméad bunús daingean don CNCM oibriú i gcomhpháirt le hearnáil na luath-óige an creat a fhorbairt.

Tá roinnt ceisteanna fócais sa doiciméad chun cabhrú le léitheoirí smaoineamh ar roinnt de na tuairimí ann maidir leis an gcreat a fhorbairt. Táthar ag súil go roinnfidh léitheoirí a gcuid smaointe ar na tuairimí seo leis an CNCM. Beidh sé seo éascaithe trí roinnt straitéis lena n-áirítear

- foirmecha chun freagra a thabhairt (ar fáil ar www.ncca.ie, agus i gcóip chrua). seimineáir réigiúnacha eagraithe agus tionólta ag an CNCM. Áireofar cur i láthair ar an doiciméad reatha, I dTreo Creata don Luathfhoghlaim air seo agus cuirfear deiseanna ar fáil chun na smaointe tábhachtacha a phlé.
- treoracha. Rachaidh an CNCM, ar iarratas, chuig eagraíochtaí, gníomhaireacht, comhlachtaí agus líonraí ag obair in earnáil na luath-óige. Cosúil leis na seimineáir réigiúnacha, áireofar cur i láthair ar an doiciméad le deiseanna chun é a phlé.
- aighneachtaí scríofa. Tabharfaidh an CNCM cuireadh d'eagraíochtaí luath-óige, gníomhaireacht, comhlachtaí agus líonraí a bhfreagraí a chur i láthair go sonrach maidir leis na smaointe tábhachtacha sa doiciméad comhairliúcháin.
- portráidí. Cruthófar 'portráidí' i líon beag suímh luath-óige. Trí bhreathnóireacht agus díospóireacht, déanfaidh an CNCM obair chleachtóirí i bhfoghlaim leanaí a thacú a dhoiciméadú agus a léirmhíniú. Cuirfidh sé seo ar chumas an CNCM an bealach is féidir le creat téama-bhunaithe tacú le deá-chleachtais atá ann cheana.

Cabhróidh eolas tiomsaithe tríd an straitéis seo go mór leis an CNCM forbairt an chreata a chur chun cinn.

2. Comhdháil chuiridh

Eagróidh an CNCM comhdháil chuiridh a thionólfar i bhfómhar 2004. Soláthróidh sé seo deis earnáil na luath-óige a chur ar an eolas maidir le torthaí an phróisis chomhairlithe. Cuirfear na torthaí seo i láthair i dtuarascáil a sheolfar ag an gcomhdháil. Breacfaidh an tuarascáil, nuair is gá, na réimsí in dteastaíonn breis béime, agus leagfaidh sí amach plean athbhreithnithe maidir le struchtúr, cur i láthair agus forbairt an chreata. Féadfar cuireadh a thabhairt do shaineolaithe i réimse na luathfhoghlama labhairt ar shaincheisteanna atá lárnach i bhforbairt an chreata.

3. Coiste Luath-Óige

Bunóidh an CNCM Coiste Luath-Óige.
Beidh comhaltaí ó na hearnálacha luath-óige príobháideacha, phoiblí agus deonacha ar an gcoiste. Tabharfaidh sé tacaíocht don CNCM Creat don Luathfhoghlaim a fhorbairt.
Le himeacht aimsire, ba chóir go gcruthódh an straitéis comhairlithe comhpháirtíocht láidir idir tuismitheoirí/caomhnóirí, feighlithe linbh, cleachtóirí, lucht déanta beartais, agus gairmithe cuí eile. Ba chóir do chomhpháirtíocht den sórt seo comhdhéantús beartas fréamhaithe in eolas, i dtaighde agus i ndeá-chleachtais a éascú. Cinnteoidh an cur chuige seo níos fearr go bhfaighidh gach leanbh sa tír seo an tacaíocht fhoghlama a theastaíonn uathu agus atá siad i dteideal di.

Plean Oibre
Leagann an tábla seo a leanas amach an t-amchlár a cheaptar don phróiseas comhairleach

Tábla: Plean don phróiseas comhairleach

Dáta Molta	Gníomh
Márta 2004	Doiciméad comhairliúcháin I dTreo Creata don Luathfhoghlaim a fhoilsiú agus a sheoladh
Márta – Lúnasa 2004	Comhairliúchán ar an doiciméad le hearnáil na luath-óige (seimineáir, treoracha...)
Fómhar 2004	Comhdháil chuiridh, tuarascáil deiridh ar thorthaí ón gcomhairliúchán, agus plean athbhreithnithe don chreat

Conclúid

Tá forbairt shuntasach tagtha ar bheartas maidir le cearta leanaí chomh maith le soláthar seirbhíse oideachais agus cúram luath-óige i sochaí na hÉireann le deich mbliana anuas. Dá bharr seo tá níos mó agus níos mó measa ar leanaí mar fhoghlaimeoirí cumasacha agus forásacha, agus ar na buntáistí tacú leo agus iad ag foghlaim trí oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán.

Céim thábhachtach i dtacú le hoideachas agus cúram luath-óige is ea an fhorbairt ar an Creat don Luathfhoghlaim. Ba chóir go gcuirfeadh an múnla de chomhpháirtíocht agus comhairliúchán, mar a leagtar amach sa chuid seo, ar chumas an CNCM a gcuid saineolais agus tiomantas a úsáid laistigh den earnáil. Soláthróidh an saineolas agus an tiomantas seo bunús don chreat féin a fhorbairt. Trí na smaointe atá sa doiciméad seo a léamh agus labhairt orthu, féadfaidh siad siúd ag obair laistigh den earnáil cabhrú leis an obair seo a chur chun. Le himeacht aimsire, cabhróidh sé seo lena chinntiú go gcruthóimid creat náisiúnta a thabharfaidh go leor ar bhealach dearfach do gach leanbh mar fhoghlaimeoir óg. Trí bhur bhfreagraí, féadfaidh an Creat don Luathfhoghlaim seasamh don teacht le chéile d'fhealsúnacht, de chur chuige agus d'oideolaíocht nach raibh súil leis.

Grianghraif

Ba mhian leis an CNCM a bhuíochas a ghabháil leo siúd a lig dúinn a ngrianghraf a dhéanamh agus a úsáid sa doiciméad seo. I gcás na leanaí sna grianghraif tugadh ceadúnas ó thuismitheoirí/chaomhnóirí. Measadh gur ghá agus gur chuí seo i gcás leanaí san aoisghrúpa ó bhreith go dtí sé bliana.

*Leabharliosta

Abbott, L. (1994)
"Play is fun, but it's hard work, too!
The search for quality play in the early years".
Buckingham: Open University Press.

Abbott, L. & Moylett, H. (eag.) (1999)
Early Education Transformed
Londain: Falmer Press.

Abbott, L. & Nutbrown, C. (2001)
Reggio Emilia, implications for pre-school provision
Buckingham: Open University Press.

Abbott, L. & Rodger, R. (eag.) (1994)
Quality Education in the Early Years
Buckingham: Open University Press.

Alcock, S. (1996)
"Quality Systems in Early Childhood Centres"
Tuarascáil ó Margaret May Travel Study Fellowship.
(aimsithe ag http://www.ecdu.govt.nz/ece/index.html).

Alvarez, A. (1992)
Live Company: Psychoanalytic Psychotherapy with
Autistic, Borderline, Deprived and Abused Children
Londain: Routledge.

Alvestad, M. & Samuelsson, I.P. (1999)
"A Comparison of the National Preschool Curricula
in Norway and Sweden,"
Early Childhood Research and Practice, 1, 2
(aimsithe ag http://ecrp.uiuc.edu/v1nz/alvestad.html)

Ainsworth, M.D.S. (1982)
"Attachment and dependency: A comparison."
Gewirtz, J.L. (eag.) Attachment and dependency
Washington, DC: V.H. Winston.

An Comhchoiste Réamhscolaíochta (1979)
Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí
Baile Átha Cliath: An Comhchoiste Réamhscolaíochta.

Anning, A. (1998)
"Appropriateness or Effectiveness in the Early
Childhood Curriculum in the UK:
Some research evidence,"
International Journal of Early Years Education,
6, 3, lgh.299-314.

Anning, A & Edwards, A. (1999)
Promoting Children's Learning from Birth to Five
Buckingham: Open University.

Athey, C. (1990)
Extending Thought in Young Children
Londain: Paul Chapman.

Atkin, J. (1991)
"Thinking about Play."
Hall, N. & Abbott, L. (eag.)
Play in the Primary Curriculum
Londain: Hodder & Stoughton.

Bailey, R. & Farrow, S (1998)
"Play and Problem-solving in a new light,"
International Journal of Early Years Education,
6, 3, lgh.265-275.

Ball, C. (1994)
Start Right: The Importance of Early Learning
Londain: RSA.

Bandura, A. (1977)
Social Learning Theory
Englewood Cliffs,
NJ: Prentice-Hall.

Barnardos (2000)
Supporting Quality: Guidelines for best
practice in early childhood services
Baile Átha Cliath: Barnardos.

Barnardos (2002)
Diversity in Early Childhood, A Collection of Essays
Baile Átha Cliath: Barnardos.

Barnardos (2003)
Supporting Quality: Guidelines for best practice
in early childhood services
Baile Átha Cliath: Barnardos.

Barnett, D.W., Bell, S.H. & Carey, K.T. (1999)
Designing Preschool Interventions:
A Practitioner's Guide
Nua Eabhrac: The Guildford Press.

Bates, E., Bretherton, I. & Snyder, L. (1988)
From First Words to Grammar
Nua Eabhrac: Cambridge University Press.

Beaver, M., Brewster, J., Jones, P., Keene, A.,
Neaum, S. & Tallack, J. (1999)
Babies and Young Children,
Book 1: Early Years Development
Cheltenham: Stanley Thornes Ltd.

Beaver, M., Brewster, J., Jones, P., Keene,
A., Neaum, S. & Tallack, J. (1999)
Babies and Young Children,
Book 2: Early Years Care and Education
Cheltenham: Stanley Thornes Ltd.

Bee, H. (1992)
The Developing Child
NY: HarperCollins.

Benedict, H. (1979)
"Early lexical development
comprehension and production,"
Journal of Child Language, 6, lgh.183 –200

Berk, L. & Winsler, A. (1995)
Scaffolding Children's Learning:
Vygotsky and Early Childhood Education
Washington DC: National Association for the
Education of Young Children.

Bertram A.D. (1996)
Effective Educators of Young Children:
Developing a Methodology for Improvement.
Tráchtas Ph.D. neamhfhoilsithe, Coventry University.

Bertram, T. & Pascal, C. (2002)
Early Years Education, Interim Report for the
International Review of Curriculum and
Assessment Frameworks Thematic Study
Londain: NFER & QCA.

Best Health for Children (2002)
Investing in Parenthood to achieve best health
for children, The Supporting Parents Strategy
Baile Átha Cliath: Best Health for Children.

Bilton, H. (2002)
Outdoor Play in the Early Years,
Management and Innovation
Londain: David Fulton Publishers.

Blakemore, S.J. & Frith, U. (2000)
The implications of recent developments in
neuroscience for research on teaching and learning
Londain: Institute of Cognitive Neuroscience
(aimsithe ag http://www.ex.ac.uk/ESRC-
TLRP/docs/mainreport.doc)

Blenkein, G. & Kelly, V. (eag.) (1988)
Early Childhood Education:
A Developmental Curriculum
Londain: Paul Chapman.

Blenkein, G. & Kelly, V. (1996)
"Education as development."
Blenkein, G. & Kelly, V. (eag.) Early Childhood
Education: a Developmental Curriculum
Londain: Paul Chapman.

Bloom, B.S. (1964)
Stability and Change in Human Characteristics
Nua Eabhrac: Wiley.

Bloom, L. (1973)
"Adult-Child discourse:
Developmental interaction between linguistic
processing and linguistic knowledge,"
Cognitive Psychology, 8, lgh.521-552.

Bonvillian, J.D. (1999)
"Sign Language Development."
Barrett, M. (eag.) The Development of Language
Hove: Psychology Press.

Bord Sláinte an Deiscirt (2001)
Growing Confident Children - early childhood strategy.

Bowerman, M. (1978)
"Systematising semantic knowledge,"
Child Development, 49, lgh.977-987.

Bowerman, M. (1985)
"Beyond communicative adequacy:
From piecemeal knowledge to an integrated system
in the child's acquisition of language."
Nelson, K.E. (eag.) Children's Language,
5, lgh.369-398, Hillsdale, NJ: Erlbaum.

Bowlby, J. (1979)
The Making and Breaking of Affectional Bonds
Londain: Tavistock.

Bowman, B.T., Donovan, M.S. & Burns,
M.S. (eag.) (2001)
Eager to learn: Educating our preschoolers
Washington DC: Committee on Early Childhood
Pedagogy, National Research Council.

Bredekamp, S., Knuth, R.A., Kunesh, L.G.
& Shulman, D.D. (1992)
What Does Research Say About
Early Childhood Education?
Oak Brook: North Central Regional
Educational Laboratory.

Bredekamp, S. & Copple, C. (eag.) (1997)
Developmentally Appropriate Practice in Early Childhood Programs
Washington D.C.: National Association for the Education of Young Children.
Bronfenbrenner, U. (1979)

The Ecology of Human Development
Cambridge: Cambridge University Press.

Brown, R. & Hanlon, C. (1970)
"Derivational complexity and order of acquisition in child speech."
J.R. Hayes (eag.) Cognition and the Development of Language
Nua Eabhrac: Wiley.

Bruce T. (1987)
Early Childhood Education
Sevenoaks: Hodder & Stoughton.

Bruce, T. (1991)
Time to Play in Early Childhood Education
Sevenoaks: Hodder & Stoughton.

Bruce, T. (1996)
Helping Young Children to Play
Londain: Hodder & Stoughton.

Bruce, T. (1999)
"In Praise of Inspired and Inspiring Teachers."
Abbott, L. & Moylett, H. (eag.)
Early Education Transformed
Londain: Falmer Press.

Bruce, T. & Meggitt, C. (1999)
Child Care and Education
Londain: Hodder & Stoughton.

Bruce, T. (2001)
Learning through play: Babies, Toddlers and the Foundation Years
Londain: Hodder & Stoughton.

Bruner, J. (1976)
"Functions of Play."
Bruner, J., Jolly, A. & Sylva, K.
Play and its Role in Evolution and Development
Harmondsworth: Penguin Books.

Bruner, J. (1977)
The Process of Education, A landmark in educational theory
Cambridge, MA: Harvard University Press.

Bruner, J. (1983)
Child's Talk. Learning to Use Language
Londain: W.W. Norton.

Bruner, J. & Haste, H. (1987)
"Introduction."
Bruner, J. & Haste, H. (eag.)
Making sense: The child's construction of the world
Londain: Methuen.

Bruner, S. & Bornstein, M.H. (1989) (eag.)
Interaction in human development
Hillsdale, NJ: Lawrence Erlbaum.

Bruner, J. (1996)
The Culture of Education
Cambridge: Harvard University Press.

Cahn, S.A. (1970)
The Philosophical Foundations of Education
Nua Eabhrac: Harper & Row.

Caldwell, B.M. (1989)
"All day kindergarten – assumptions, precautions, and over-generalisations,"
Early Childhood Research Quarterly, 4, lgh.261-266.

Carr, M. (1998)
Technological practice in early childhood as a dispositional milieu,
Ph.D. Tráchtas, University of Waikato.

Carr, M. (2001)
Assessment in Early Childhood Settings – Learning Stories
Londain: Paul Chapman Publishing.

Carswell, D. (2002)
Child's Play? An Exploration into the Quality of Childcare Processes
Baile Átha Cliath: IPPA.

Case-Smith, J. (1998)
Paediatric Occupational Therapy and Early Intervention (2nd eag.)
Boston: Butterworth-Heinemann.

Centre National de Documentation Pédagogique (1995)
Programmes de l'école primaire
Paris: CNDP.

Childminding Ireland
Guidelines for the Provision of Quality Family Day-care
(aimsithe ag www.childminding-irl.com/guideline).

Chomsky, N. (1957)
Syntactic Structures
The Hague: Mouton.

Chomsky, N. (1965)
Aspects of a Theory of Syntax Cambridge
MA: MIT Press.

Chomsky, N. (1975)
Reflections on Language
Nua Eabhrac: Pantheon Books.

Clarke, A.D.B. & Clarke, A.M. (1972)
"Consistency and variability in the growth of human characteristics."
Wall, W.D. & Varma, V.P. (eag.)
Advances in Educational Psychology, 1.
Londain: University of London Press.

Clarke, E. (1982)
"The young word-maker: A case study of innovation in the child's lexicon."
Wanner, E. & Gleiman, L.R. (eag.)
Language Acquisition: State of the Art
Nua Eabhrac: Cambridge University Press.

Clavero, S. (2001)
Parenting Support, An International Review Report commissioned by the Investing in Parenthood to achieve best health for children Strategy
Baile Átha Cliath: Best Health for Children.

Clay, M.M. & Cazden, C.B. (1990)
"A Vygotskian interpretation of reading recovery."
L. Moll (eag.) Vygotsky and Education
Cambridge: Cambridge University Press.

Coimisiún don Teaghlach (1998)
Teaghlaigh a thréisiú don Saol: Tuarascáil chríochnaithe de Choimisiún don Teaghlach don Aire Gnothaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh
Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Coolahan, J. (1981)
Irish Education: Its History and Structure
Baile Átha Cliath: IPA.

Coolahan, J. (eag.) (1998)
Report on the National Forum for Early Childhood Education
Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Cornali-Engel, I. (1995)
"The quality of pre-school education in French-speaking Switzerland and the concept of involvement."
Laevers, F. (eag.) An Exploration of the Concept of Involvement as an Indicator for Quality in Early Childhood Care and Education
Dundee: CIDREE & SCCC.

Cornbleth, C. (1998)
"An American Curriculum?" Teachers College Record, 99, 4, lgh.622-646.

Costello, P.M. (2000)
Thinking Skills and Early Childhood Education
Londain: David Fulton Publishers.

Cullen, J. (1994)
"Why Retain a Developmental Focus in Early Education,"
Mellor, E.J & Coombe, K.M. (eag.)
Issues in Early Childhood Services: Australian Perspectives
Dubuque, Iowa: Wm. C. Brown.

Cullen, J. (1993)
"Preschool children's use and perceptions of outdoor play areas."
Early Childhood Development and Care, 89, lgh.45-56.

Cullen, J. (1998)
"Promoting Positive Partnerships."
Keynote Address to Early Childhood Development Unit Seminar, Massey University Auckland, 23 Aibreán, 1998
(aimsithe ag http://www.ecdu.govt.nz/ece/index.html).

Cumann Múinteoirí Éireann (1995)
Early Childhood Education – Issues and Concerns
Baile Átha Cliath: INTO.

Cumann Múinteoirí Éireann (1997a)
Infant Education, Volume One.
A Manual for Tutors on Infant Education
Baile Átha Cliath: INTO.

Cumann Múinteoirí Éireann (1997b)
Infant Education, Volume Two.
A Manual for Tutors on Infant Education
Baile Átha Cliath: INTO.

Cumann Múinteoirí Éireann (1998)
A Perspective on Early Childhood Education –
A Submission to the National Forum for Early Childhood Education
Baile Átha Cliath: INTO.

Cumann Múinteoirí Éireann (2000)
Early Years Learning, Proceedings of Early Childhood Conference
Baile Átha Cliath: INTO.

Curtis, A.M. (1986)
A Curriculum for the Pre-school Child: Learning to Learn
Londain: Routledge.

Dahlberg, G. Moss, P. & Pence, A. (1999)
Beyond Quality in Early Childhood Care and Education: Post-modern Perspectives
Londain: Falmer Press.

Damon, W. (eag.) (1989)
Advances in developmental research: Child Development Today and Tomorrow
San Francisco: Jossey-Bass.

David, T. (1999)
"Valuing Young Children."
Abbott, L. & Moylett, H. (eag.)
Early Education Transformed
Londain: Falmer Press.

Dempsey, J.D. & Frost, J.L. (1993)
"Play environments in early childhood education."
Spodek, B. (eag.) Handbook of research on the education of young children
Nua Eabhrac: Macmillan

Department of Education and Science, London (1990)
The Rumbold Report: Starting with Quality, Report of the Committee of Inquiry into the Quality of Educational Experiences offered to Three and Four Year Olds
Londain: H.M.S.O.

DETE (2001)
South Australian Curriculum, Standards and Accountability (SACSA) Framework
South Australia: Department of Education, Training and Employment, and Catholic Education.

Derman-Sparks, L. & A.B.C. Task Force (1989)
Anti-bias curriculum: Tools for empowering young children
Washington, DC: National Association for the Education of Young Children.

Devine, D. & Swan, (1997)
School Effectiveness in Irish Primary Schools,
Unpublished Report of the International School Effectiveness Research Project – The Irish Study.

Dinneen, F.E., (2002)
"Joint Involvement Episodes with Babies: Lessons from research for the new millennium."
Horgan, M. & Douglas, F. (eag.) Lessons for the 21st Century: Research, Reflection, Renewal, Imeachtaí Comhdhála, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2, 20ú Aibreán 2002.
Baile Átha Cliath: OMEP (Éire).

Dinneen, F.E., (2002)
The Concept of Educare in Public Day-Care Facilities in Ireland and in the Irish Psyche at the Start of the Third Millennium,
Tráchtas Dochtúireachta neamhfhoilsithe, Coláiste na hOllscoile Corcaigh.

Dinneen, F.E., (2003)
"Work-based learning (or experiential learning) as a teaching technique and a learning strategy in Higher Education with specific reference to the training of the Early Years Practitioner,"
Imeachtaí Comhdhála, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 5ú Aibreán 2003. OMEP Éire (foilsiú ar feitheamh).

Dockett, S. & Fleer, M. (1999)
Play and Pedagogy in Early Childhood
Marrickville, New South Wales: Harcourt Brace.

Dockrell, J. & Mercer, D. (1999)
Children's Communication and Language Difficulties: Understanding, Identification and Intervention
Londain: Cassell.

Dolan, J. (2002)
"Children with disabilities." In Diversity in Early Childhood: a collection of essays
Baile Átha Cliath: Barnardos' National Children's Resource Centre.

Donaldson, M. (1978)
Children's Minds
Londain: Fontana Press.

Donaldson, M. Grieve, R. & Pratt, C. (1983)
Early Childhood Development in Education: Readings in Pschology
Oxford: Basil Blackwell.

Douglas, F. (2002)
The Breath of Life:The Young Child and Self-Esteem,
Páipéar curtha i láthair ag Comhdháil OMEP (Éire), Corcaigh.

Douglas, F. & Sammon, M. (2000)
"Evaluation of Curriculum Change: Executive Summary." In Evaluation of the Moyross Intervention Education Pilot Project
Luimneach:Coláiste Mhuire Gan Smál.

Douglas, F. Horgan, M. & O'Brien, C. (eag.)(2000)
Project Early Years Education (E.Y.E.). An Irish Curriculum for the Three to Four-Year-Old Child
Corcaigh: Aonad an Luath-Óige, an Roinn Oideachais, Coláiste na hOllscoile Corcaigh.

Doverborg, E. Pramling, I. & Qvarsell, B. (1987)
Inlarning och utveckling [Learning and development]
Stockholm: Utbildningsforlaget.

Dowling, M. (1992)
Education Three to Five
Londain: Paul Chapman.

Drummond, M.J. (1993)
